



Provided by the author(s) and University of Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Réamhrá Léann Teanga: An Reiviú 2013
Author(s)	Ó hUiginn, Micheál D.
Publication Date	2013
Publication Information	Ó hUiginn, Micheál D. (2013). Réamhrá Léann Teanga: An Reiviú 2013. Léann Teanga: An Reiviú, <a href="https://doi.org/10.13025/w0qv-s845">https://doi.org/10.13025/w0qv-s845</a>
Publisher	Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Link to publisher's version	<a href="https://doi.org/10.13025/w0qv-s845">https://doi.org/10.13025/w0qv-s845</a>
Item record	<a href="http://hdl.handle.net/10379/17614">http://hdl.handle.net/10379/17614</a>
DOI	<a href="http://dx.doi.org/10.13025/w0qv-s845">http://dx.doi.org/10.13025/w0qv-s845</a>

Downloaded 2024-04-26T07:13:15Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.





OÉ Gaillimh  
NUI Galway

Acadamh na  
hOllscolaíochta Gaeilge



LÉANN TEANGA  
AN REIVIÚ

2013



## Clár

Eagarfhocal	1
Réamhrá le hUachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn	3
Tábhacht an Phróisis Mheasúnaithe agus an Aiseolais i gCuraclam na Gaeilge ag an Tríú Leibhéal <i>Belinda McHale</i>	5
An Tumoideachas Tríú Leibhéal agus an Ollscolaíocht trí Ghaeilge: Eispéireas Foghlama na Mac Léinn <i>Fiona Ní Chualáin</i>	17
Scéimeanna Teanga Ollscoil na hÉireann, Gaillimh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003: Feidhmiú na Chéad Scéime, Úsáid agus Caighdeán Seirbhísí Dátheangacha <i>Lisa Ní Fhlatharta</i>	34
Straitéisí Léamhthuisceana Chun Cur le Scileanna Smaointeoireachta Foghlaimeoirí Óga <i>Cáit Ní Shiúrtáin</i>	52
An Litearthacht Acadúil agus an Fhéiniúlacht Acadúil: Cás-Staidéar ar an Ionad Scríbhneoireachta Acadúla in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh <i>Dorothy Ní Uigín</i>	66
Staidéar ar an bhFoghlaimeoir Neamhspleách a chur chun cinn sa Bhunscoil trí leas a bhaint as acmhainn ríomhaireachta na Scéalaíochta Digítí <i>Éamonn Ó Céidigh</i>	81
Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Impleachtaí do Ghaeltachtaí Mhaigh Eo <i>Conchúr Ó Giollaáin</i>	98
Léirmheas ar Introducing Translation Studies: Theories and Applications (An tríú heagrán) <i>Anna Lee, Tara Ní Mhóráin agus Áine Uí Fhoghlua</i>	118
Léirmheas ar An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc <i>Conor Walsh agus Niamh McCann</i>	123
Na hÚdair	127



## Eagarfhocal

D'eascair an iris *Léann Teanga: An Reiviú* as togra acadúil a bhí mar chuid den chúrsa MA (Léann Teanga) le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge 2012/13. Is iad na réimsí éagsúla teanga an t-aistriúchán, an tsochtheangeolaíocht, an teangeolaíocht, agus an teagasc teangacha atá faoi chaibidil san iris. Is í seo an chéad eagrán den *Reiviú*, ach foilseachán bliantúil a bheidh ann feasta, agus táthar ag súil go mbeidh sí ina glór tábhachtach in Éirinn agus ar fud an domhain sa dioscúrsa teanga.

Tá an Coiste Eagarthóireachta go mór faoi chomaoin acu siúd ar fad a chuir comhairle orainn agus a thug cabhair agus cúnamh dúinn leis *An Reiviú* a chur in eagar. Is mór an onóir dúinn gur ghlac a Shoilse, an tUachtarán Michael D. Higgins, iar-Léachtóir de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh lenár gcuireadh Réamhrá a scríobh don eagrán tosaigh seo agus glacaimid buíochas ó chroí leis as ucht a thacaíochta don togra.

Ní bheadh iris againn gan na scríbhneoirí cumasacha a d'fhreagair an glaoch agus a roinn a gcuid feasa, saothíúlachta agus ábhar taighde – gan trácht ar a gcuid ama – go fial flaithiúil linn agus tá súil againn go mbeidh toradh na hoibre sin mar acmhainn luachmhar do lucht acadúil na Gaeilge agus d'acadóirí agus mic léinn trí chéile amach anseo.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl d'fhoireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge idir Stiúrthóirí, Léachtóirí agus Theagascóirí an chúrsa MA (Léann Teanga) a bhí sásta a gcuid ama agus a gcuid saíneolais a roinnt linn i gcónaí. Gabhaimid buíochas faoi leith le foireann riartha agus tacaíochta Áras na Gaeilge as a gcabhair agus a gcomhoibriú, go háirithe Siobhán Ní Chualáin a ghlac ualach oibre riaracháin an Choiste Eagarthóireachta uirthi féin chomh maith lena cúraimí oifige. Tá buíochas mór tuillte freisin ag dearthóir an tsuimh

idirlín, Shannon Reeves as an tsárobair a rinne sé i ndearadh agus i bhfoilsíú an tsuímh. Gabhaimid buíochas leis na piarmheasúnóirí freisin a chinntigh ardchaighdeán na hirise.

Mar fhocal scoir ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl d'Fhoras na Gaeilge, a rinne urraíocht ar sheoladh an tsuímh idirlín – is mór againn an mhuinín a léiríonn an tacaíocht don togra nua-aoiseach ar-líne seo – agus díol misnigh, tá súil againn, don Choiste a bheidh ag teacht i gcomharbacht orainn in 2014.

### **Coiste Eagarthóireachta – Léann Teanga: An Reiviú**

*Anna Lee; Tara Ní Mhóráin; Niamh McCann; Áine Uí Fhoghlua; Conor Walsh*



## **Réamhrá le hUachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn**

Toradh atá in obair na hirise seo ar fhís, samhlaíocht agus cruthaitheacht mhic léinn iarchéime Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Is comharbaí iad na mic léinn seo ar ghaiscígh na hOllscoile sin a shaothraigh gnéithe éagsúla den Léann Teanga i nGaillimh roimhe seo: Tomás Ó Máille, Seoirse Mac Thomáis, Mairéad Ní Éimhigh, Caitlín Ní Mhaolchróin agus Tomás S. Ó Máille, gan ach cuid an bheagáin díobh a lua.

Lárionad don teagasc agus don léann trí Ghaeilge atá in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i gcónaí, agus freisin aithnítear go náisiúnta an cúram speisialta a dhéantar den Ollscolaíocht Ghaeilge ann. Bunchloch den mhúnla sin láithreach réigiúnach agus Ghaeltachta na hOllscoile agus an nuálaíocht a bhaineann le cláir léinn agus teagaisc an Acadaimh go speisialta.

Tráth dá raibh, shamhlaítí an léann san Eoraip ach go háirithe le traidisiún na gramadaí agus na fileolaíochta agus le hoidhreacht an fhocail scríofa. Ba í an Laidin príomh-mheán seachadta an smointeachais an uair úd, teanga a d'fhreastail ar riachtanais na litríochta, na diagachta, na fealsúnachta agus na heolaíochta ar feadh na gcéadta bliain.

Leagadh bonn faoi theangacha dúchasacha an uair a tosaíodh ag cumadh litríochta sna teangacha nua san uile chearn den mhór-roinn i gcaitheamh na meánaoiseanna. Díol suntais é gur shaothraigh aos léinn na Gaeilge an ghramadach ar shlí sheiftiúil in aimsir na Nua-Ghaeilge Moiche chun leas na filíochta.


Chuir Johann Casper Zeuss comaoin mhór ar thraidisiún intleachtúil na Gaeilge nuair a chuir sé mór-staidéar ar na teangacha Ceilteacha i dtoll a chéile san naoú haois déag. Mhúscaíl *Grammatica Celtica* spéis sa Cheiltis i measc chomhluadar léinn na hEorpa agus is saibhríde saol na hÉireann an saothrú leanúnach idirnáisiúnta a dhéantar anois ar chor theanga na Gaeilge.

Tá an tionscadal Léinn Teanga seo ag cur go slachtmhar agus go misniúil leis an gcaibidil chéanna. Tá curtha go mór le coincheapa bunúsacha in Éirinn agus i ndlínsí eile i dtaca le ceartha agus rialachas teanga le deich mbliana nó mar sin. Dúshlán pobail agus polasaí don saoránach agus don stát iad ceisteanna cothaithe agus neartaithe na teanga. Idirghabháil thábhachtach thráthúil é foilsiú na hirise seo sa phlé náisiúnta faoin mbeartas teanga dá réir.

D'éirigh le teangeolaithe éagsúla dul i bhfeidhm ar smointeachas an tsaoil ar bhealach eisceachtúil le linn an chéid seo caite. Cuimhnítear ar Ferdinand Saussure agus Noam Chomsky – gan ach beirt a lua – as lasair a chur i mbarrach na scoláireachta go cinnte. D'éirigh lena saothar cumasach áiteamh orainn ar fad go raibh fiúntas san anailís teanga a sheas le dioscúrsa an domhain.

Bímis dóchasach mar sin go mbeidh toradh chomh cinniúnach céanna ag scríbhneoirí agus lucht eagair na hirise seo. Léitheoirí gan teorainn a bheidh ag an iris nua seo de bharr dheis na ríomh-fhoilsitheoireachta. Is iontach go mbeidh teacht ag pobal na Gaeilge ar fud na cruinne ar eolas, ar fhaisnéis agus ar thuairimíocht nua faoin Léann Teanga. Tá aistriúchán den scoth riachtanach do chaighdeán agus d'ábharthacht chomhaimseartha na teanga.

Beannacht leat a scríbhinn sa domhan digiteach agus go maire fis, flosc agus fuinneamh an Reiviú nua.



Micheál D. Ó hUiginn  
Uachtarán na hÉireann



## **Tábhacht an Phróisis Mheasúnaithe agus an Aiseolais i gCuraclam na Gaeilge ag an Tríú Leibhéal**

*Le Belinda McHale  
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

I don't like the *Teilgeoir* because the pictures are no good and the storyline is always the same old "Mammy, I'm off faoin tuath because tá an ghrian ag taitneamh' (Carr, 2001: 16).

Tá próisis mheasúnaithe agus córais aiseolais mar dhlúthchuid de chúrsa teanga ar bith i ngort an tríú leibhéal i láthair na huaire agus tuigtear do lucht deartha siollabas go gcaithfear éabhlóidiú agus modhanna meastóireachta a úsáid atá ar aon dul le forbairtí teicneolaíochta i réimse teagaisc na teanga sin agus atá cothrom chun dáta le dul chun cinn oideolaíochta. Is fiú go gcuimsíonn na modhanna measúnaithe seo teoiricí comhaimseartha na foghlama féinriartha agus an mhachnaimh neamhspleáigh chomh maith. Níl aon amhras ach go bhfuil ré an teilgeora thuas imithe i léig (Carr, 2001) agus ina theannta leis, snáitheanna scéil agus gníomhaíochtaí ranga nach raibh mórán bunúis nó praiticiúlachta leo agus nárbh fhéidir a nascadh le himeachtaí an domhain mhóir. Tá béim anois á leagan ar choincheapa éagsúla de theagasc na Gaeilge nár pléadh i ré an teilgeora – an tábhacht a bhaineann le torthaí foghlama a bheith soiléir agus trédhearcach agus gníomhaíochtaí ranga a roghnú a dhéanann scáthánú ar thimpeallachtaí orgánacha teanga ina gcuirtear an iliomad deiseanna cumarsáide ar fáil don fhoghlaimoír teanga. Le teacht na bhforbairtí seo, soiléirítear an tábhacht a bhaineann le modhanna meastóireachta atá níos bailí agus níos dlisteanáil chun rathúlacht torthaí foghlama a mheas agus a scagadh.



Bheadh sé uireasach ábhar an ailt seo a phlé gan scagadh a dhéanamh ar choincheap an churaclaim agus ar a gcuimsíonn sé i gcomhthéacs teagaisc agus foghlama teanga. D'fhéadfaí a áiteamh nach féidir é seo a shainmhíniú go docht coincréiteach ós rud é gur dearcadh réasúnta suibiachtúil é an seasamh a bhíonn ag teagascóirí mar go mbraitheann sé scaití ar thaithí na ndaoine sin agus ar na féidearthachtaí nó ar na srianta a bhíonn ann ina dtimpeallacht oideolaíochta féin agus iad ag iarraidh an curaclam sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Díreofar ar dhá theoiric san alt seo a shoiléiríonn dearcthaí éagsúla ar nóisean an churaclaim. Tagraíonn Fraser & Bosanquet (2006: 272) do staidéar feiniméaneolaíochta a rinne siad a n-eascraíonn ceithre chatagóir as, catagóirí atá bunaithe ar thuis-cint agus ar thaithí an lucht acadúil ar a gcoincheaptar an curaclam. Luaitear struchtúr agus ábhar aonaid le catagóir A, struchtúr agus ábhar cláir staidéir le catagóir B; nasctar eispéireas foghlama na mac léinn le catagóir C agus próiseas dinimiciúil agus idirghníomhach an teagaisc agus na foghlama leis an gcatagóir deiridh, catagóir D. Ní féidir a shéanadh ach go bhfuil eispéireas na mac léinn mar dhlúthchuid de rathúlacht curaclaim agus go gcaithfear ionchur agus aiseolas na mac léinn céanna a chur san áireamh mar bhunchloch dhearadh an churaclaim. Tá catagóir D chomh tábhachtach céanna agus tacaíonn Little (2006) leis seo nuair a leagann sé béim ar ról an fhoghlaimeora mar chomhoibrí agus ar an tábhacht a bhaineann lena chuid riachtanas agus spéiseanna a chuimsiú i ndearadh cúrsa: *'requiring them to share in the responsibility for setting the learning agenda, finding learning activities, and monitoring their learning progress'*.<sup>1</sup> Cé gur ciallmhar an teoiric í seo ar phár, admhaítear go bhfuil sí thar a bheith uaimhianach ag an am céanna agus deacair go leor chun í a chur i bhfeidhm. Tá féidearthacht ollmhór ann go gceapfadh mic léinn áirithe go raibh an iomarca saoirse ag baint le cur chuige mar seo agus go n-aireoidís go raibh an teagascóir mí-eagraithe. Ní mar a chéile aon dá thimpeallacht foghlama agus eascraíonn dúshlán éagsúla as gnéithe orgánacha na dtimpeallachtaí seo. Luann Fraser & Bosanquet (2006: 276) cuid de na dúshlán seo – riachtanais institiúide, srianta roinne, dearcthaí contrártha ar shainmhíniú an churaclaim féin, cultúr agus meon inmheánach na roinne, pearsantachtaí éagsúla i gcoimhlint lena chéile agus clár an disciplín - agus cuireann siad seo cosc ar rathúlacht chur i bhfeidhm an chatagóra D i go leor ionad léinn.

---

1. Cuireadh an tOllamh David Little, a bhí ina Stiúrthóir ar an Lárionad Léinn Teanga agus Cumarsáide i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath faoi agallamh i 2006.

Ar mhaithe le teacht ar chomhréiteach mar sin, agus iniúchadh á dhéanamh ar na ceithre chatagóir thuas, b'fhiú glacadh le ráiteas réadúil ó Fraser & Bosanquet: '*Students are the receptors of the curriculum and their impact upon it varies. They may influence teachers to change the content and how it is delivered, but do not play an active role in its construction*' (2006: 274). Leagann an tuairim seo béim ar an ról indíreach a bhíonn ag mic léinn i ndearadh curaclaim, ról a léiríonn ionchur agus gníomhaíocht de chineál éigin. Tá sé fíor go n-iarrrtar ar mhic léinn bileoga aiseolais a líonadh, ceistneoirí a chomhlánú ina gcuireann siad a gcuid tuairimí in iúl maidir le modh seachadta an chúrsa, an córas measúnaithe, acmhainní teagaisc mar aon le cur chuige teagaisc an mhúinteora, srl., agus reáchtáiltear seisiúin aiseolais go minic chun tuairimí ginearálta na bhfoghlaimeoirí a fháil ag amanna éagsúla de thimthriall an chúrsa.

Léirítear simplíocht agus praiticiúlacht sna trí réimse a ndéanann Barnett & Coate (2005) tagairt dóibh mar chroí-ghnéithe den churaclam. Admhaíonn siad féin go bhfuil cuid den teanga a mbaineann siad úsáid aisti cineál '*woolly*' (ibid: 63) agus iad sa tóir ar léirmhíniú uilíoch ar céard is curaclam ann ach feictear don scríbhneoir seo go gcaithfear iad a chur san áireamh agus pleanáil curaclaim mar sprioc ag duine. Bronntar na lipéid seo a leanas ar na trí réimse curaclaim – réimse an eolais, réimse na haisteoireachta agus réimse na heisinte (2005: 59). Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an bhfeasacht, le heolas a bhronnadh ar an bhfoghlaimeoir chun go mbeidh sé in ann tús a chur leis an bpróiseas foghlama. Ní fiú go mbeadh an foghlaimeoir eolasach, áfach, mura mbeadh sé in ann an t-eolas seo a úsáid agus a chomhtháthú leis na réimsí eile laistigh agus lasmuigh den timpeallacht foghlama a bhfuil sé ag feidhmiú inti. Soiléiríonn Barnett & Coate a bhfuil i gceist le tábhacht réimse na haisteoireachta:

*It follows that, in the framing of curricula in higher education, knowledge cannot provide a sufficient framework in itself. Space has to be accorded to the students to acquire the practical grammar of the disciplines so that they can take on and act out in a first-hand way their intellectual and professional roles (2005: 62).*

Nuair a ghlacann an foghlaimeoir na rólí intleachtúla agus ghairmiúla air féin, ní hamháin go n-éascaíonn sé an próiseas foghlama ach go gcabhraíonn sé leis na scileanna cuí a ghnóthú sa réimse staidéir sin. Is é réimse na heisinte an réimse is tábhachtaí sa mhúnla seo mar go gcuimsíonn sé na toscaí seo a leanas: '*self-realization, self-confidence, self-understanding, self-reliance*' (2005: 63) agus gan na feiniméin seo, beidh sé fíordheacair ar an bhfoghlaimeoir an teanga a labhairt nó an teanga a úsáid i réimsí faoi leith nó cibé cuspóir a bhí aige ag tús

an chúrsa áirithe a bhaint amach. Tá tábhacht an éascaitheora éifeachtaigh agus thiomanta thar a bheith soiléir anseo, duine a bhíonn ag spreagadh agus ag mealladh na bhfoghlaimoirí chun an teanga a thabhairt leo agus níos tábhachtaí fós, a gcuid muiníne a chothú chun go labhróidh siad í.

Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar dhearccháí éagsúla ar shainmhíniú an churaclaim féin, is fiú teoiric Biggs (1999) a scagadh, teoiric a sholáthraíonn múnla curaclaim atá bunaithe ar shamhail a cheap Tyler (1940) sna ceathrachaidí agus a d'fhorbair Shuell (1986) sna hochtóidí. Molann Biggs (1999) an t-ailíniú tógachaíoch<sup>2</sup> a bheith mar shlat tomhais ag lucht deartha siollabas agus maíonn sé gur ceart tús áite a thabhairt do na torthaí agus na spriocanna foghlama sula leagtar peann ar phár chun an siollabas féin a dhearadh: *'a fully criterion-referenced system, where the objectives define what we should be teaching; how we should be teaching it; and how we could know how well students have learned it'* (1999: 64). Déanann Biggs tagairt do thrí ghné éagsúla laistigh den ráiteas seo atá rithábhachtach do rathúlacht curaclaim agus a fheidhmíonn mar dhlúth-thosca i leagan amach measúnaithe agus córas aiseolais araon. Luann sé na torthaí foghlama (*'objectives'*) atá éigeantach chun go mbeidh a fhios ag teagascóirí agus foghlaimoirí araon an méid atá le baint amach mar chuid den chúrsa. Tagraíonn sé d'ábhar na ranganna, na gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun ag na foghlaimoirí, na tascanna éagsúla, an obair ghrúpa a nglacann siad páirt inti, srl., (*'how we should be teaching it'*) agus faoi dheireadh, don phróiseas measúnaithe chun go mbeimid cinnte *'how well students have learned it'* (1999: 64). Is córas comhtháite é seo ina bhfuil na trí ghné shainiúla idirnasctha agus spleách ar a chéile agus a bhfuil comhsheasmhacht shoiléir le sonrú eatarthu, córas a dteipfidh air má tá aon ghné in easnamh nó mura ndéantar an t-ailíniú cuí idir eatarthu. Tugann Race *'joined-up thinking'* (2005: 94) ar an gcoincheap seo agus cé go bhféadfaí a áiteamh gur sainmhíniú simplithe é seo, léiríonn sé go soiléir a bhfuil i gceist leis agus an tábhacht a bhaineann leis na sraitheanna ar fad a chomhtháthú. Dá bhrí sin, tar éis choincheap an churaclaim a shainiú mar aon lena bhfuil i gceist le curaclam a struchtúráil *'so that it optimizes the conditions for quality learning'* (Biggs, 2003: 1), pléifear tábhacht an phróisis mheasúnaithe agus ionchorprú córais aiseolais atá feidhmiúil agus fiúntach i gcomhthéacs na dtuisctíní seo. Déanfar tagairt freisin do thuairimí foghlaimoirí a bailíodh mar chuid d'aiseolas foirmitheach i rith na bliana acadúla 2010-2011, foghlaimoirí a bhí i mbun dioplóma do thosaitheoirí

---

2. *Constructive Alignment* a thugann Biggs air seo i mBéarla.

ag an am. Tagrófar do ghrúpa mac léinn MA chomh maith a d'úsáid modhanna machnamhacha agus straitéisí meiteachognaíocha agus iad i mbun measúnuithe foirmitheacha i rith na bliana acadúla 2012-2013.

Dar le Haggis (2006: 522) go bhfuil go leor cineálacha 'nua' foghlaimeoirí ag feidhmiú i dtimpeallachtaí foghlama i láthair na huaire, an mac léinn aibí, an mac léinn faoi mhíbhuntáiste, an mac léinn neamhthraidisiúnta agus an mac léinn ón iasacht, agus go bhfuil sé riachtanach fáilte a chur roimh an ilghnéitheacht seo agus na cúlraí éagsúla a chuimsiú sa churaclam. Cuireann Biggs (1999) le nóisean na hilghnéitheachta i gcomhthéacs na foghlama nuair a shoiléiríonn sé an difríocht idir foghlaim dhromchlach agus foghlaim dhomhain agus an tábhacht a bhaineann le modh measúnaithe a chur i bhfeidhm a ionchorpraíonn cur chuige domhain mar chuid den churaclam:

*A surface approach refers to activities of an inappropriately low cognitive level, which yields fragmented outcomes that do not convey the meaning of the encounter. The deep approach refers to activities that are appropriate to handling the task so that an appropriate outcome is achieved (1999: 60).*

Is fiú anailís a dhéanamh ar an ráiteas seo i gcomhthéacs teagasc teangacha, áit a bhfuil sé mar thús áite ag teagascóirí an fhoghlaim dhomhain a mhealladh i measc na bhfoghlaimeoirí trí ghníomhaíochtaí nó measúnuithe a roghnú a dheimhníonn go mbíonn machnamh le déanamh ar an bhfoghlaim féin agus ar na hearráidí a dhéantar uaireanta agus iarrachtaí á ndéanamh an sprioctheanga a fhoghlaim i gceart. Dearbhaíonn Race an tuairim seo nuair a mhaíonn sé:

*Assessment should allow students to self-assess and monitor their progress throughout a course, and help them to make informed choices about what to learn, how to learn it, how best to evidence the achievement of their learning. They should not be driven towards surface or 'reproductive' learning because of the ways their learning is to be assessed. They should not find themselves 'clearing their minds of the last subject in order to make room for the next subject' (2007: 29).*

Chun go mbeidh na foghlaimeoirí in ann féinmheasúnú a dhéanamh orthu féin 'and monitor their progress', luíonn sé le réasún go mbeidh siad ar an eolas faoi na cuspóirí foghlama a bhaineann lena réimse staidéir, rud a thógann ar theoiric Biggs (1999), gur cheart go mbeadh nasc follasach idir an próiseas measúnaithe agus torthaí foghlama an chúrsa staidéir. D'fhéadfaí a rá, mar sin, go bhfuil sé mar dhualgas ag lucht deartha siollabas agus teagascóirí araon deis a thabhairt

do mhic léinn machnamh a dhéanamh ar na measúnuithe a dtugann siad fúthu. Tá córas dhá threo i gceist leis an ardán seo mar cé go n-iarrann sé cur chuige meiteachognaíoch chun na foghlama ar na foghlaimeoirí, feidhmíonn sé mar mhodh aiseolais don teagascóir ag an am céanna mar go bhfeictear tuairimí na mac léinn go soiléir agus go hionraic maidir le héifeachtacht an taisc áirithe sin agus ar an gcaoi a n-airíonn siad féin mar rannpháirtithe sa phróiseas foghlama:

*If I realise that I don't know something, I will examine why I don't know how to say it and either learn it if simple and has been covered on some or other chapter in the past, or at least try and understand why I am not able to say something (Mac léinn, 2011).*

*Shíl mé ar an iomlán go raibh an píosa seo réasúnta dúshlánach. Bhí mé ag streach-aitl...rinne mé bunleagan den aistriúchán an tseachtain seo caite agus ansin, tháinig mé ar ais chuige – cabhraíonn sé sin liom chun an píosa féin a fheabhsú agus dul i ngleic leis mar is ceart (Mac léinn, 2013).*

Bhí an méid seo le rá ag foghlaimeoirí eile: *'If I could just get past the fear factor of speaking it and not worry about being wrong or making a fool of myself, I am sure I would start to have fun speaking it'* (Mac léinn, 2011); *'to develop my passive knowledge into an active skill was my greatest challenge'* (Mac léinn, 2011). Tá an córas measúnaithe, mar a léirítear é san alt seo, ilfheidhmeach agus léiríonn sé gur féidir an-aithne a chur ar fhoghlaimeoirí trí chóras a chur i bhfeidhm a éilíonn orthu, ní hamháin scil teanga faoi leith a úsáid i bhfoirm taisc éigin, ach neart plé a dhéanamh ar an bpróiseas foghlama féin agus iad ag iarraidh an tasc áirithe sin a chur i gcrích. Chomh maith leis sin, cruthaíonn an mheastóireacht mhachnamhach seo trédhearcacht i measc pháirtithe leasmhara uilig an churaclaim sa mhéid is go gcuireann sé na teagascóirí ar an eolas faoi dhul chun cinn na mac léinn mar aon lena gcuid tuairimí i leith an mheasúnaithe féin, agus tugtar deis do na foghlaimeoirí i modh den chineál seo anailís a dhéanamh ar an bpróiseas foghlama agus a ndul chun cinn a mheas i mbealach ionraic agus oscailte. Tagraíonn McDonald (2010) don chineál seo measúnaithe agus déanann sí buanú ar a molann Biggs (1999) agus Race (2007) agus iad ag brú na foghlama doimhne chun cinn. Tugann sí meiteamheastóireacht air seo agus maíonn sí go bhfuil go leor buntáistí i ndán d'fhoghlaimeoirí a chleachtann an modh áirithe seo, ina measc *'deep thinking and lifelong learning'* (McDonald, 2010: 119).

Cé go bhféadfaí a áiteamh go mbíonn mic léinn ann a mbíonn drogall orthu tabhairt faoin machnamh meiteachognaíoch, go háirithe mura mbronntar aon mharc oifigiúil air, ní thagann sé seo chun solais i measc na mac léinn a ndéantar tagairt dóibh san alt seo. Séanann siad a bhfuil le sonrú ag Gibbs & Simpson (2002):

*Whether or not what it is that assessment is trying to assess is clearly specified in documentation, students work out for themselves what counts – or at least what they think counts, and orient their effort accordingly. They are strategic in their use of time and “selectively negligent” in avoiding content that they believe is not likely to be assessed (2002: 45).*

Ní bhíonn faillí na bhfoghlaimoírí le brath ar chor ar bith agus tugann siad faoin machnamh meiteachognaíoch go fonnmhar:

*Déarfainn gur bhain mé sult as an tasc seo (níl a fhios agam an bhfuil sé sin “normálta” a rá) agus cheap mé go raibh sé feiliúnach mar mheasúnú (Mac léinn, 2013),*

*Bhí drogall orm tús a chur leis mar go raibh mé faoi bhrú. Tá seans go raibh mé ag brath an iomarca ar na háiseanna ar-líne, ach ní raibh cuid mhór den téarmaíocht agam (Mac léinn, 2013).*

Léiríonn foghlaimoír eile go dtugann sé faoin meiteamheastóireacht le díograis agus tiomantas:

*For me, it’s about developing a sense of initiative rather than expecting the teacher to hold my hand through the learning experience. I have to be aware of my own limitations in order to overcome them. Armed with this knowledge, I can go off and do my obair bhreise, focusing on the areas I know need work, listening for example (Mac léinn, 2011).*

Ní hamháin go moltar féinmheasúnú agus meiteamheasúnú san alt seo ach admhaítear freisin gur fiú piarmheasúnú a chur i bhfeidhm chun go meallfaidh an próiseas seo scileanna critice agus léirmheastóireachta na mac léinn. Trí phiarmheasúnú a ionchorprú mar chuid de churaclam, cuireann sé rochtain níos oscailte ar fáil do na mic léinn ar an bpróiseas measúnaithe agus tugann sé tuiscint níos fearr dóibh ar na fadhbanna éagsúla a bhíonn ag foghlaimoírí eile Gaeilge agus iad ar fad ag glacadh páirte sa phróiseas céanna. Is fiú foclaíocht

Race (2005) a scagadh anseo nuair a mhaíonn sé go bhfuil piarmheasúnú thar a bheith tábhachtach, go háirithe i ngort an tríú leibhéal mar go dtugann sé deis do na mic léinn ‘*to assess their own and each other’s work, to deepen their learning, and help them to get their heads round how we conduct assessment*’ (2005: 23). Soláthraíonn an malartú tuairimí seo ardán do na mic léinn inar féidir dúshlán éagsúla a phlé agus scileanna a fhoghlaim óna chéile. Ní hamháin sin, ach dar le Bloxham (2004) go soiléiríonn an malartú eolais seo an tábhacht a bhaineann le machnamh a dhéanamh ar chaighdeán an duine aonair i gcomparáid leis na mic léinn eile sa ghrúpa áirithe piarmheasúnaithe. Déanann Race buanú air seo freisin nuair a deir sé go dtugann scileanna piarmheasúnaithe dearcadh níos leithne do mhic léinn ar an gcultúr measúnaithe a bhfuil siad mar rannpháirtithe ann: ‘*peer-assessment skills acclimatise them to the assessment culture they are part of*’ (2005: 23). Léirítear an próiseas cumasaithe a eascraíonn as na scileanna piarmheasúnaithe seo i ráiteas a dhéanann mac léinn a thug faoin gcineál seo meastóireachta in ollscoil i Hong Cong:

*When I did it the first time, I needed more time to think what grade I should give to this group. Besides, I worried a lot whether I gave a fair mark to others. However, I can do it quite fast this time, the more you do, better you can do it (Sivan, 2010: 208).*

Cé gur pléadh cúrsaí aiseolais go pointe áirithe cheana féin san alt seo agus an ghné mhachnamhach den mheasúnú faoi chaibidil, is fiú córas aiseolais a scagadh ann féin mar dhlúthchuid de churaclam teanga. Tagraíonn Finney (2002) do dhearcadh Brown agus é ag cioradh chomhthéacs an aiseolais: ‘*the systematic collection and analysis of all relevant information necessary to promote the improvement of a curriculum, and assess its effectiveness and efficiency, as well as the participants’ attitudes within the context of the particular institution involved*’ (2002: 77). Is féidir an ráiteas seo a scagadh ar dhá shraith – ó pheirspictíocht an teagascóra agus ó pheirspictíocht an mhic léinn ar aon sa mhéid is go bhfuil aiseolas na mac léinn riachtanach i gcomhthéacs rathúlacht an churaclaim ach go bhfuil an t-aiseolas a roinneann an teagascóir leis na mic léinn chomh tábhachtach céanna mar go n-eascaíonn sé an próiseas foghlama dóibh agus iad mar rannpháirtithe sa churaclam. Soiléiríonn Huxham et al. (2008: 675) an tábhacht a bhaineann le bailiú aiseolais i gcomhthéacs an teagascóra mhachnamhaigh: ‘*Obtaining feedback from students is an essential requirement of reflective teaching, allowing teachers to refine their practice and to develop as professionals*’. D’fhéadfaí a áiteamh go bhfeidhmíonn an ghné mhachnamhach den chóras measúnaithe a luadh cheana mar chuid den aiseolas foirmitheach mar go léiríonn sé tuairimí na

mac léinn agus iad ag tabhairt faoi mheasúnuithe an churaclaim. Maíonn Race (2007) go bhfuil sé seo tábhachtach mar go dtugann sé deis do theagascóirí leasuithe a dhéanamh ar an gcuraclam i rith na bliana acadúla sin nó feidhm a bhaint as cuir chuige theagaisc éagsúla nár triaileadh cheana:

*Seek feedback during a programme, so that something can still be done about matters emerging. Feedback after completion of a programme is still useful, but is not seen by students as so valuable as when they have the chance to suggest changes they themselves will benefit from directly (2007: 201).*

Nuair a thuigeann na mic léinn go mbíonn ionchur gníomhach acu sa churaclam, airíonn siad go bhfuil níos mó measa orthu dá bharr agus go mbreathnaítear orthu mar ghníomhairí fiúntacha i leagan amach agus i gcur i bhfeidhm an churaclaim. Tagann Bloxham (2004) le Race (2007) nuair a mhaíonn sí: ‘A key aspect of making assessment formative is students’ access to and engagement with feedback as a means to achieving a sense of their own level of achievement. This is because it gives students the opportunity to ask questions’ (2004: 11). Molann Race gur cheart fóram grúpa a úsáid mar mhodh aiseolais fhoirmithigh mar go n-éascaíonn sé rannpháirtíocht na mac léinn leis an aiseolas féin: ‘feedback from groups captures discussion, reflection and debate’ (2007: 205) agus go mbíonn sé níos éasca ar an ngrúpa aiseolas diúltach a chur ar fáil i gcomparáid leis an duine aonair: ‘a group can present negative feedback with less embarrassment than an individual’ (2007: 205).

Is fiú teoiricí Race (2007) agus Bloxham (2004) a scagadh i gcomhthéacs thuairimí na mac léinn féin a léiríonn go nochtann siad dearchtaí éagsúla nuair a airíonn siad compordach lena gcomh-mhic léinn:

*Initially, the biggest problem was hearing myself speak a different language and being very aware that someone might hear me. This forced me to work on my blas which I think now, held me back a little, but with hindsight, I should have just spoken and tried not to be too worried (Mac léinn, 2011),*

*The split classes [beirt teagascóirí éagsúla] were great. I felt we were challenged more in the second semester because we were asked more questions. Dialects caused an issue for certain individuals in this class though. Different teachers had different dialects and this was not explained beforehand so it was confusing to students (Mac léinn, 2011).*



Is córas dhá threo é an córas aiseolais ag an tríú leibhéal, áfach, agus tá feidhm thábhachtach ag an aiseolas a thugann teagascóirí do mhic léinn freisin, go háirithe an t-aiseolas foirmitheach mar go mbíonn sé seo mar chuid de thimthriall an churaclaim. Cé go dtuigeann teagascóirí é seo, bíonn modh seachadta an aiseolais seo ina údar imní dóibh uaireanta. Soiléiríonn Ferris an dúshlán seo: *‘The way in which commentary is provided can affect both students’ reactions to it and its effects on short and long term improvement in student writing’* (2003: 24). Tagann Sadler (1989) le Ferris agus cuireann sí comhairle ar theagascóirí chun dul i ngleic leis an dúshlán:

*We need to find ways to help students make good use of the hard work we put into giving them feedback, to interpret it appropriately, to see how the comments and advice they are given links to what they are doing, and to turn this into improvements in competence and knowledge* (1989: 120).

Tá sé tábhachtach go mbaineann mic léinn feidhm as cur chuige machnamhach chun déileáil le haiseolas agus go ndéanann siad iarracht feasacht mheiteachognaíoch a chur i bhfeidhm sa chaoi is nach ndéanfaidh siad na botúin chéanna arís nó ar a laghad, chun go maolódh siad minicíocht na mbotún sin. Ní tharlaíonn sé seo, áfach, le haiseolas scríofa agus tagraíonn Race (2007) agus Bloxham (2004) do na fadhbanna a bhaineann leis seo. Dar le Bloxham: *‘Monologue is trying to do the work of dialogue, in other words, in order to get the most out of feedback, it should be communicated orally’* (2004: 57). Leanann sí ar aghaidh: *This is because it gives the students the opportunity to ask questions and discuss the meaning of feedback that they don’t understand’* (ibid: 58). Léiríonn na tuairimí seo gur cheart go mbeadh aiseolas fréamhaithe in idirghníomhaíocht idir teagascóirí agus mic léinn agus go dtabharfadh an modh cumarsáideach seo deiseanna plé don dá ghrúpa rannpháirtithe chun gnéithe éagsúla den teanga a mhíniú, a shoiléiriú agus a cheistiú. Treisíonn Race an tuairim seo agus an tábhacht a bhaineann le rud éigin a fhoghlaim ón aiseolas ina mhúnla foghlama *Ripples on a Pond*: *‘Feedback can be regarded as the process that prevents the whole “ripple” simply dying away, as feedback interacts with the “digesting” and “doing” stages, and keeps the learning moving’* (2007: 13).

Dá bhrí sin, tá an nasc idir measúnú agus aiseolas thar a bheith tábhachtach chun an próiseas foghlama a mbíonn curaclam bunaithe air a thabhairt chun críche. Gan an nasc sin a bheith ann, beidh easnaimh ollmhóra san ailíniú. Is iad na torthaí foghlama a bhíonn i gcuraclam teanga ar bith ná go dtabharfaidh an mac léinn an teanga leis, go mbeidh sé in ann é féin a chur in iúl go soiléir agus go

cruinn, go mbeidh sé feasach ar an bpróiseas foghlama agus é mar rannpháirtí ann agus go mbeidh sé in ann a chuid spriocanna foghlama a bhaint amach. Is iontach an t-éacht é don mhac léinn a shroicheann an ceann scríbe sin agus a thuigeann go bhfuil saibhreas álainn fuascailte na Gaeilge sealbhaithe aige gan cúnaimh ar bith ó theilgeoir ná seanmhodhanna machnaimh chun é sin a dhéanamh.

## Leabharliosta

### Foinsí clóite

- Barnett, R., & Coate, K. (2005) *Engaging the Curriculum in Higher Education*. An Bhreatain: Open University Press.
- Biggs, J. (1999) 'What the Student Does: teaching for enhanced learning'. *Higher Education Research & Development*, 57-75.
- Bloxham, S. (2004) 'Understanding the rules of the game: marking peer-assessment as a medium for developing students' conceptions of assessment'. *Assessment & Evaluation in Higher Education*, 29(6).
- Carr, J. (2001) 'The I Hate Irish Syndrome: An Ghaeilge sa Bhunscoil'. *Comhar*, 61(4), 15-18.
- Ferris, D. (2003) *Response to Student Writing: Implications for Second Language Students*. Nua-Eabhrac: Lawrence Erlbaum Associates.
- Finney, D. (2002) 'The ELT Curriculum – A Flexible Model for a Changing World'. Richards, J.C. & Renandya, W.A. (eag) *Methodology in Language Teaching – An Anthology of Current Practice*. Nua Eabhrac: Cambridge University Press, 69-79.
- Fraser, S. P., & Bosanquet, A. M. (2006) 'The curriculum? That's just a unit outline, isn't it?'. *Studies in Higher Education*. Londain: Routledge, 269-284.
- Gibbs, G. & Simpson, C. (2002) 'How assessment influences student learning – a literature review' (dréacht). *Student Support Research Group*. Milton Keynes: Open University.
- Haggis, T. (2006) 'Pedagogies for diversity: retaining critical challenge amidst fears of 'dumbing down''. *Studies of Higher Education*. Londain: Routledge.

- Huxham, M. et al. (2008) 'Collecting student feedback: a comparison of questionnaire and other methods.' *Assessment & Evaluation in Higher Education*. An Bhreatain: Routledge.
- MacDonald, B. (2010) 'Improving learning through meta assessment.' *Active Learning in Higher Education*. An Bhreatain: Sage Publications, 119-129.
- Race, P. (2005) *Making Learning Happen*. Londain: Routledge.
- Race, P. (2007) *The Lecturer's Toolkit. A Practical Guide to Assessment, Learning and Teaching*. Londain: Routledge..
- Sadler, D.R. (1989) 'Formative assessment and the design of instructional systems.' *Instructional Science*, 119-144.
- Schuell. T. J. (1986) 'Cognitive Conceptions of Learning.' *Review of Educational Research*, 411 – 436.
- Sivan, A. (2000) 'The Implementation of Peer Assessment: An action research approach, *Assessment in Education*.' *Principles, Policy & Practice*, 193 – 213.
- Tyler. R. W. (1940) *Basic Principles of Curriculum and Instruction*. Chicago: University of Chicago Press.

## **Agallaimh**

- Little, D. (2006) Agallamh leis an Ollamh David Little, iar-Stiúrthóir an Lárionaid Léinn Teanga agus Chumarsáide de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Coláiste na Tríonóide, 2 Lúnasa 2006.



# **An Tumoideachas Tríú Leibhéal agus an Ollscolaíocht trí Ghaeilge: Eispéireas Foghlama na Mac Léinn**

*Le Fiona Ní Chualáin  
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

## **1. Réamhrá agus Cúlra an Taighde**

Tá borradh tagtha faoin éileamh maidir le hoideachas bunleibhéil agus dara leibhéal trí mheán na Gaeilge in Éirinn le 40 bliain anuas. Léiríonn an fhorbairt a tháinig ar líon na ngaelscoileanna an t-éileamh seo (Gaelscoileanna, 2013). Tá an-chuid taighde déanta ar chóras an tumoideachais, i. múineadh tríd an dara teanga (T2), i gCeanada ó na seascaidí i leith a léiríonn gur múnla oideachais an-éifeachtach é ó thaobh shealbhú agus fhorbairt an dara teanga (Cummins, 1998; Swain agus Lapkin, 1986; Swain, 1996), go háirithe ó thaobh fhorbairt na scileanna gabhchumais (tuiscint agus léamh). Is le blianta beaga anuas atá ar dú beag tagtha ar an méid taighde atá á dhéanamh ar an gcóras tumoideachais in Éirinn. Díríonn taighde Hickey (1997), Ó Muircheartaigh & Hickey (2008), Harris et. al. (2006), Walsh (2007) agus Ó Duibhir (2009), mar shampla, ar an gcóras Gaelscolaíochta ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal.

In ainneoin an bhorrtha atá tagtha faoin oideachas trí Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal níor tháinig an fhorbairt chéanna ar sholáthar cúrsaí trí mheán na Gaeilge ag an tríú leibhéal. Cé go raibh ról suntasach ag an nGaeilge mar mheán teagaisc in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh léiríonn Bohan (2009) gur tháinig meath ar an teagasc trí mheán na Gaeilge san ollscoil idir na blianta 1929 agus 2006. Deir Ó Cinnéide nuair a rinneadh infheistíocht mhór san

oideachas tríú leibhéal sa tír seo, nach léir dó “gur deineadh forbairt ar chúrsaí trí Ghaeilge ar an scála céanna” (2004: 52). Creideann Ó Cinnéide go ndearnadh faillí mhór i bpobal na Gaeilge agus na Gaeltachta nuair nár freastalaíodh ar riachtanais na bpobal sin oideachas tríú leibhéal trí Ghaeilge a sholáthar dóibh.

Níl aon taighde déanta ar an tumoideachas tríú leibhéal in Éirinn ná ar an ollscolaíocht trí Ghaeilge mar mhúnla foghlama go fóill agus is beag taighde atá déanta ar an ábhar seo go hidirnáisiúnta ach oiread. Léireoidh an páipéar seo peirspictíocht agus taithí na mac léinn ar an tumoideachas tríú leibhéal. Scrúdaíonn formhór an taighde ar an tumoideachas cumas na bhfoghlaimoirí sa dara teanga, ach mar a deir de Courcy (2002: 3) ‘*we still know little about students’ immersion learning processes and experience*’. Tabharfaidh an páipéar seo léargas dúinn ar eispéireas agus riachtanais foghlama na mac léinn, ar an ollscolaíocht trí Ghaeilge agus ar an tumoideachas tríú leibhéal. Déanfar cioradh agus scagadh ar eispéireas foghlama na mac léinn a bhí ag tabhairt faoin gcéim sa Chumarsáid in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in 2012.

## 2. An Mhodheolaíocht

Rinneadh an taighde seo i measc grúpa mac léinn a bhí ag tabhairt faoin gcéim sa Chumarsáid in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh sa bhliain acadúil 2011-12. Reáchtáiltear an cúrsa céime ceithre bliana seo go huile agus go hiomlán trí mheán na Gaeilge in ionad Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua. Cuireadh tús leis an gcéim sa Chumarsáid in 2006 agus 14 mac léinn ag gabháil don chúrsa agus in 2012 bhí 66 mac léinn cláraithe ar an gcúrsa. Ghlac mic léinn a bhí sa chéad, sa dara agus sa cheathrú bliain den chéim páirt sa taighde seo. Cinneadh nach dtabharfaí mic léinn an tríú bliain san áireamh de bharr iad a bheith ar shocrúchán oibre.

Úsáideadh ceistneoirí agus agallaimh aonair chun sonraí an taighde a bhailiú. Cinneadh úsáid a bhaint as ceistneoirí mar uirlis taighde chun réamheolas agus léargas a fháil ar na réimsí seo a leanas: cúlra baile; cumas (féinmheasta) sa Ghaeilge; cúlra oideachais; agus oideachas tríú leibhéal na mac léinn. Socraíodh an fhaisnéis seo a bhailiú sular roghnaíodh na mic léinn a chuirfí faoi agallamh. Is cur chuige úsáideach agus éifeachtach atá sna ceistneoirí chun réamheolas a bhailiú ar na rannpháirtithe agus a gcuid tuairimí a chioradh ar ábhar an taighde sula ndéanfaí tuilleadh iniúchta agus dian-staidéar ar an ábhar níos deireanaí. Scaipeadh 34 ceistneoir agus fuarthas 34 ceistneoir ar ais. Níor cuireadh ceistneoir amháin san áireamh de bharr nár freagraíodh formhór na gceisteanna.

Fágann sé sin gur bailíodh 33 ceistneoir bailí agus gur ghlac 63% de mhic léinn na chéad bhliana, an dara agus an cheathrú bliain den chéim sa Chumarsáid páirt sa taighde. (Féach Tábla 2.1 thíos)

Molann Denscombe (2010: 173) úsáid a bhaint as agallaimh má tá mionléargas ag teastáil maidir le tuairimí, mothúcháin, taithí agus eispéireas na rannpháirtithe. Cuireadh agallamh aonair ar naonúr mac léinn. Cuireadh agallamh ar thriúr mac léinn ón gcéad, ón dara agus ón gceathrú bliain. (Féach Tábla 2.1)

Bliain	Líon na mac léinn a bhí cláraithe ar an BA sa Chu marsáid 2011-2012	Líon na gceistneoirí bailí	Líon na mac léinn a cuireadh faoi agallamh aonair
Bliain 1	17	12	3
Bliain 2	19	11	3
Bliain 3	14	0	0
Bliain 4	16	10	3
Iomlán	52/66	33 (63%)	9 (17%)


TÁBLA 2.1: LÍON NA MAC LÉINN CLÁRAITHE AR AN gCÉIM SA CHUMARSÁID AGUS LÍON NA gCEISTNEOIRÍ BAILÍ

### 3. Torthaí an Taighde

Déanfar plé comhtháite ar thorthaí an cheistneora agus ar thorthaí na n-agallamh anseo. Déanfar scagadh agus cíoradh ar eispéireas foghlama na mac léinn de réir na dtéamaí seo a leanas: próifiliú na mac léinn; caidreamh na mac léinn le mic léinn eile an chúrsa; dúshlán teanga na mac léinn; sealbhú teanga agus sainábhair an chúrsa; ról na dteagascóirí; agus ionad agus suíomh an chúrsa.


#### 3.1 Próifiliú na Mac Léinn

Léirigh torthaí an cheistneora go meallann an chéim sa Chumarsáid mic léinn éagsúla ar fud na hÉireann. Cláraíonn idir mhic léinn Ghaeltachta arb í an Ghaeilge a gcéad teanga (T1) agus mhic léinn Ghalltachta arb í an Ghaeilge a ndara teanga (T2) ar an gcúrsa agus is líonmhaire mic léinn T2 (73%) (léaráid 3.1).



**LÉARÁID 3.1: ÁIT DÚCHAIS NA MAC LÉINN (n=33)**

Léiríonn cúlra oideachais na mac léinn go bhfuil trí ghrúpa shainiúla mac léinn ag freastal ar an gcéim sa Chumarsáid .i. mic léinn a d'fhreastail ar scoileanna Gaeltachta; mic léinn a d'fhreastail ar scoileanna lán-Ghaeilge; agus mic léinn a d'fhreastail ar scoileanna Béarla. Fuair os cionn leath (52%) de mhic léinn an chúrsa a n-oideachas iar-bhunscoile i scoileanna Béarla ach d'fhreastail 42% de na mic léinn sin ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge. (Féach Léaráid 3.2)



**LÉARÁID 3.2: CÚLRA OIDEACHAIS BUNSCOILE AGUS IAR-BHUNSCOILE NA MAC LÉINN**

Ba é seo an chéad uair ag 30% de mhic léinn an chúrsa tabhairt faoina gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge, trí mheán an dara teanga. Cé nár fiosráidh an teanga teagaisc sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta léiríonn taighde Mhic

Dhonnacha *et al.* (2005) agus taighde Uí Ghiollagáin *et al.* (2007) an meascán teanga a bhíonn le sonrú i ranganna na n-iar-bhunscoileanna Gaeltachta fiú sna ceantair láidre Ghaeltachta. Léiríonn na torthaí seo na dúshláin a bhíonn roimh theagascóirí an chúrsa agus iad ag iarraidh dul i ngleic le riachtanais teanga trí ghrúpa shainiúla mac léinn.

### 3.2.1 Cumas Teanga na Mac Léinn

Léiríonn torthaí an taighde go raibh cumas maith Gaeilge ag 70% de na mic léinn sular tosaigh siad ar an gcúrsa. Ní mór a thabhairt san áireamh anseo gur cuntas féinmheasta suibichtúil na mac léinn atá i gceist. Shealbhaigh mic léinn T1 an Ghaeilge sa bhaile agus shealbhaigh na mic léinn T2 an Ghaeilge ón mbunscoil, ón iar-bhunscoil agus ón tréimhse a chaith siad i gcoláiste Gaeilge le linn an tsamhraidh. Dearbhaíonn na torthaí seo go bhfuil ról lárnach ag an gcóras oideachais maidir le sealbhú na Gaeilge.

Léirigh beagnach leath de na mic léinn gur tháinig feabhas ar a gcuid Gaeilge ó tosaigh siad ar an gcúrsa agus is cainteoirí líofa Gaeilge nó cainteoirí maithe Gaeilge tromlach na mac léinn (97%) anois. (Féach Tábla 3.1 thíos)

Conas a chuirfeá síos ar do chumas mar chainteoir Gaeilge? ( <i>Roghnaigh freagra amháin</i> )	Cainteoir líofa Gaeilge (leibhéal an chainteora dúchais)	Cainteoir maith Gaeilge	Tá Gaeilge mheasartha agam	Níl agam ach beagán Gaeilge
Sular tosaíodh ar an gcúrsa (n=33)	7 (21%)	16 (49%)	9 (27%)	1 (3%)
Anois (n=33)	14 (42%)	18 (55%)	1 (3%)	0

TÁBLA 3.1: CUMAS GAELIGE NA MAC LÉINN ROIMH AN gCÚRSA AGUS ANOIS (n=33)

Iarradh ar na mic léinn tuairisciú a dhéanamh ar na cúiseanna dar leo féin gur tháinig feabhas ar a gcumas sa Ghaeilge ó tosaigh siad ar an gcúrsa. Tugadh liosta leathan d' fhéidearthachtaí agus bhí rogha ag na mic léinn cúpla ceann a roghnú. Léirigh 79% de na mic léinn gurbh iad *teagascóirí / léachtóirí an chúrsa*; 76% gurbh iad *na léachtaí agus na ranganna teagaisc a bheith i nGaeilge*; 73% gur ó *úsáid na Gaeilge an t-am ar fad*; agus 58% gurbh iad *mic léinn an chúrsa* na nithe a chabhraigh leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Taispeánann na torthaí seo



go bhfuil ról suntasach agus tábhachtach ag teagascóirí an chúrsa maidir leis an dul chun cinn a rinne na mic léinn sa teanga. Léiríonn agus dearbhaíonn na torthaí seo go bhforbraítear agus go sealbhaítear an sprioctheanga trí chóras an tumoideachais agus go háirithe an tumadh iomlán sa teanga.

### 3.2.2 Na Cúiseanna ar Roghnaíodh an Cúrsa

Ba iad na cúiseanna ar roghnaigh na mic léinn an chéim sa Chumarsáid ná an tsuim a bhí acu sa Ghaeilge (79%), an tsuim a bhí acu cúrsa ollscoile a dhéanamh trí mheán na Gaeilge (79%) agus an tsuim mhór a bhí acu san ábhar (73%). Léiríonn torthaí an tsuirbhé gur thábhachtaí suim na mac léinn sa Ghaeilge agus suim na mac léinn cúrsa céime a dhéanamh trí Ghaeilge ná suim na mac léinn in ábhar an chúrsa féin. (Féach Tábla 3.2)

Cén fáth ar roghnaigh tú an BA sa Chumarsáid? <i>Cuir do chuid roghanna in ord tosaíochta (1 is tábhachtaí)</i>	Ord Tosaiochta 1-3			Iomlán
	1	2	3	
Bhí mé ag iarraidh cúrsa céime a dhéanamh trí Ghaeilge	9 (30%)	7 (23%)	6 (20%)	22 (73%)
Suim mhór agam san ábhar	8 (25%)	6 (19%)	5 (16%)	19 (60%)
Suim mhór agam sa Ghaeilge	8 (26%)	10 (32%)	6 (19%)	24 (77%)
Thaitin ionad an chúrsa liom	0	0	0	0
Cúrsa ar siúl sa Ghaeltacht ar an gCeathrú Rua	0	3 (10%)	5 (16%)	8 (26%)
Cairde de mo chuid ag déanamh an chúrsa / a rinne an cúrsa	0	1 (3%)	1 (3%)	2 (6%)
Mhol mo thuismitheoirí dom an cúrsa a dhéanamh	1 (3%)	1 (3%)	0	2 (6%)
Mhol mo mhúinteoir/mhúinteoirí sa mheánscoil dom an cúrsa a dhéanamh	2 (6%)	0	1 (3%)	3 (9%)
Eile	0	0	0	0

TÁBLA 3.2: NA CÚISEANNA AR ROGHNAÍODH AN CÚRSA

Léirigh beirt mhac léinn a cuireadh faoi agallamh, mac léinn ón nGaeltacht agus mac léinn ón nGalltacht, agus a fuair a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge go raibh sé tábhachtach dóibh leanúint lena gcuid oideachais tríú leibhéal trí

Ghaeilge. Ba spéisiúla fós gur léirigh beirt mhac léinn T2 nár fhreastail ar bhunscoil nó iar-bhunscoil lán-Ghaeilge go raibh siad ag iarraidh tabhairt faoi chúrsa ollscoile trí Ghaeilge.

Is léir gur mic léinn ar leith, a bhfuil suim mhór acu sa Ghaeilge, a roghnaíonn cúrsa ollscoile a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Níor fiosraíodh le linn an taighde seo cé as ar eascair a suim sa Ghaeilge. Is léir go bhfuil sé an-tábhachtach do mhic léinn a d'fhreastail ar scoileanna Gaeltachta nó ar scoileanna lán-Ghaeilge rogha a bheith ar fáil dóibh leanúint lena n-oideachas tríú leibhéal trí Ghaeilge.

### 3.3 Caidreamh na Mac Léinn le Mic Léinn eile an Chúrsa

Léirigh torthaí an taighde go mbíonn deacrachtaí móra ag mic léinn T2 mic léinn T1 a thuiscint go háirithe ag tús an chúrsa. Aithníonn na mic léinn T1 agus mic léinn T2 an deacracht seo. Cruthaíonn an easpa tuisceana seo idir na mic léinn éagsúla roinnt mhaith fadhbanna i measc na mac léinn ag tús an chúrsa, go háirithe nuair is í seo an tréimhse is goillúnaí dóibh. Chuir sé go leor brú ar mhac léinn amháin ón nGaeltacht nuair nach raibh na mic léinn T2 ina rang ábalta í a thuiscint. Bhí uirthi labhairt an-mhall agus d'iompaigh sí ar an mBéarla go minic ionas go dtuigfeadh na mic léinn eile í. Bhí faitíos ar mhac léinn eile ón nGalltacht labhairt le mic léinn T1 de bhrí nach dtuigfeadh sí iad. Bhí sí ábalta na mic léinn eile ón nGalltacht a bhí ina rang a thuiscint mar a léirigh sí 'ní raibh Gaeilge den scoth agam so bhí saghas buartha agam chun labhairt le daoine eile ach bhí mé in ann cúpla daoine a thuiscint ach bhí siad na daoine i mo rang na mic léinn eile'.

Chothaigh na deacrachtaí tuisceana grúpáil de réir chumas teanga na mac léinn agus as sin d'eascair grúpaí beaga mac léinn a bhí bunaithe ar chumas teanga éagsúil. Léirigh mac léinn ón nGaeltacht gur fhan na mic léinn Ghaeltachta a bhí ina rang le chéile i ngrúpa díobh féin agus léirigh mac léinn ón nGalltacht gur fhan na mic léinn a d'fhreastail ar iar-bhunscoil Bhéarla le chéile i ngrúpa díobh féin. Ní mhaireann na grúpaí beaga cumais seo i bhfad agus tagann deireadh leo go minic ag deireadh na chéad bhliana. Is forás nádúrtha a bhíonn sa chineál grúpála seo go háirithe do mhic léinn a thosaíonn ar chúrsa nua.

An réiteach nádúrtha a bhíonn ag mic léinn T1 ar fhadhb na míthuisceana ná iompú ar an mBéarla. Dúirt mac léinn ón nGaeltacht go n-iompaíonn sí ar an mBéarla ionas go dtuigfeadh na mic léinn eile í agus léirigh mac léinn ón nGalltacht gur iompaigh mic léinn T1 ar an mBéarla nuair a bhí sí sa chomhlúadar leo. Tá an-taithí ag mic léinn na Gaeltachta ar a bheith in aon rang le

foghlaimeoirí Gaeilge. Léiríonn taighde Hickey (2001: 456) ar an réamhsco-laíocht go n-iompaíonn páistí óga Gaeltachta ar an mBéarla má tá foghlaimeoir Gaeilge amháin sa chomhluadar leo. Léiríonn taighde Mhic Dhonnacha *et al.* (2005: 127) ar na bunscoileanna Gaeltachta go dtagann 54% de na daltaí chun na bunscoile le Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith sna ceantair Ghaeltachta is láidre ach nach labhraíonn ach 54% de na daltaí sin Gaeilge den chuid is mó i dtimpeallacht na scoile. Is léir gur nós í seo a fhanann le mic léinn na Gaeltachta fiú agus iad ag an tríú leibhéal.

Creideann Cummins (1998) agus Swain (2000) nach n-éiríonn le foghlaimeoirí T2 caighdeán an chainteora dúchais a bhaint amach sa labhairt ná sa scríobh mar gheall ar an easpa teagmhála idir na cainteoirí dúchais T1 agus na foghlaimeoirí T2. Léiríonn an taighde seo go gcothaíonn an easpa teagmhála agus caidrimh seo deacrachtaí tuisceana idir na mic léinn T1 agus na mic léinn T2 freisin. Téann mic léinn T2 i dtraith ar chanúint agus Gaeilge na gcainteoirí dúchais ach is achar ama éagsúil a bhíonn ann do gach mac léinn. Léiríodh sa taighde gur thóg sé cúpla seachtain ar chúpla mac léinn dul i ngleic leis an gcanúint agus thóg sé cúpla mí ar mhic léinn eile. Ní bhíonn na deacrachtaí céanna tuisceana ag mic léinn T2 nuair a thugann siad faoin dara bliain den chúrsa.

Cé go mbíonn deacrachtaí tuisceana ag na mic léinn T2 ag tús an chúrsa agus nach dtuigeann siad na mic léinn T1, léiríonn torthaí an taighde go bhfuil caidreamh maith idir mic léinn uile an chúrsa. Is léir go mbraitheann siad go mór ar a chéile agus go dtugann siad cúnaimh agus tacaíocht dá chéile. Tagann na torthaí seo le taighde de Courcy (2002) a chinntíonn go mbíonn tionchar dearfach ag an gcaidreamh a bhíonn idir na foghlaimeoirí sna cláir thumoideachais ar eispeireas foghlama na bhfoghlaimeoirí.

### 3.4 Dúshlán Teanga na Mac Léinn

Bíonn roinnt mhaith dúshlán teanga le sárú ag na foghlaimeoirí ar an gcúrsa céime seo. Sáraíonn na mic léinn an chuid is mó dá gcuid dúshlán i rith na chéad agus an dara bliain. Shíl na mic léinn T1 a d'fhreastail ar scoileanna Gaeltachta agus na mic léinn T2 a d'fhreastail ar scoileanna lán-Ghaeilge nach mbeadh mórán deacrachtaí acu tabhairt faoi chúrsa ollscoile trí mheán na Gaeilge ó tharla go raibh cleachtadh maith acu ar oideachas a fháil trí mheán na Gaeilge. Dúirt mac léinn T2 a d'fhreastail ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge '*tá Gaeilge agam beidh mé ceart go leor*'. Ní raibh aon súil ag na mic léinn T2 a d'fhreastail ar scoileanna lán-Ghaeilge leis na dúshlán teanga a bhí le sárú acu nuair a thosaigh siad ar an gcúrsa. Níor léirigh na mic léinn T2 a d'fhreastail ar scoileanna Béarla aon

chineál tuairimíochta faoi na deacrachtaí a bheadh rompu ar an gcúrsa. An é gur thuig nó go raibh a fhios ag na mic léinn T2 a d'fhreastail ar scoileanna Béarla go mbeadh deacrachtaí nó fadhbanna teanga acu le linn an chúrsa seo, go háirithe ag tús an chúrsa?

### 3.4.1 Deacrachtaí Tuisceana

Ní hamháin nach raibh mic léinn T2 ábalta mic léinn T1 a thuiscint (mar a pléadh thuas) ach ní raibh siad in ann teagascóirí an chúrsa a thuiscint ach oiread. Chuir canúint na gcainteoirí dúchais, idir na mic léinn agus na teagascóirí, mearbhall ar mhic léinn T2 ar dtús.

Léiríodh gurbh í an éisteacht a chuidigh leis na mic léinn T2 dul i dtaithí ar an gcanúint agus ar Ghaeilge na dteagascóirí agus na mac léinn T1. Chuidigh suíomh an chúrsa go mór leis na mic léinn dul i ngleic leis an teanga mar go raibh siad báite sa sprioctheanga ó thosach an chúrsa. Léirigh 94% de na mic léinn gur fhan siad sa cheantar le linn an téarma acadúil agus is léir gur cuidiú mór é seo do mhic léinn T2 dul i dtaithí ar an gcanúint.

### 3.4.2 Labhairt na Gaeilge

Chruthaigh labhairt na Gaeilge go leor deacrachtaí do na mic léinn T2 ag tús an chúrsa. D'airigh siad míchompordach ag labhairt na Gaeilge, go háirithe na mic léinn nár fhreastail ar scoil lán-Ghaeilge ná coláiste Gaeilge agus dúradh nach raibh fonn rómhór orthu an Ghaeilge a labhairt.

Is léir go bhfuil dlúthbhaint idir cumas Gaeilge na mac léinn T2 agus féin-mhuinín na mac léinn céanna. Dar le mac léinn ón nGalltacht agus a d'fhreastail ar scoil Bhéarla go gcuireann sí isteach ar na mic léinn eile lena gcuid 'Gaeilge mall lofa' agus airíonn sí faoi bhrú nach bhfuil Gaeilge chruinn aici. Dúirt mac léinn eile ón nGalltacht agus a d'fhreastail ar scoil lán-Ghaeilge nach raibh mórán muiníne aici as a cuid Gaeilge labhartha agus bhraith sí an-mhíchompordach á labhairt, go háirithe le cainteoirí maithe Gaeilge.

Is spreagadh mór suíomh an chúrsa do na mic léinn T2 úsáid a bhaint as an nGaeilge. Cuireann suíomh an chúrsa deiseanna ar fáil dóibh an sprioctheanga a úsáid taobh amuigh de na ranganna. Léirigh na mic léinn go spreagann imeachtaí agus ócáidí trí Ghaeilge iad an teanga a úsáid go sóisialta.

#### 4.4.3 Cumas Scríbhneoireachta agus Cruinneas Teanga

Léirigh 60% de na mic léinn go raibh a gcumas scríbhneoireachta sa Ghaeilge réasúnta lag nó *an-lag* sular thosaigh siad ar an gcúrsa. Cé gur thuairiscigh na mic léinn gur tháinig feabhas ar a gcuid scileanna scríbhneoireachta, léirigh 33% díobh gur cumas réasúnta atá acu sa scríbhneoireacht faoi láthair. Léiríonn Tábla 3.3 deacrachtaí na mac léinn le gnéithe de scríbhneoireacht na Gaeilge.

An mbíonn deacracht agat leis na rudaí seo thíos? (Cuir $\sqrt$ sa bhosca cuí i ngach cás)	Ní bhíonn deacracht ar bith agam	Bíonn roinnt deacrachta agam	Bíonn a lán deacrachta agam
Litriú na Gaeilge roimh an gcúrsa n=33	7 (21%)	20 (61%)	6 (18%)
Litriú na Gaeilge anois n=33	13 (39%)	20 (61%)	0
Sínte fada na Gaeilge roimh an gcúrsa n=33	15 (46%)	15 (45%)	3 (9%)
Sínte fada na Gaeilge anois n=33	22 (67%)	10 (30%)	1 (3%)
Gramadach cheart a úsáid do labhairt na Gaeilge roimh an gcúrsa n=33	12 (36%)	13 (39%)	8 (24%)
Gramadach cheart a úsáid do labhairt na Gaeilge anois n=33	16 (49%)	15 (45%)	2 (6%)
Gramadach cheart a úsáid do scríobh na Gaeilge roimh an gcúrsa n=33	2 (6%)	17 (52%)	14 (42%)
Gramadach cheart a úsáid do scríobh na Gaeilge anois n=33	11 (33%)	20 (61%)	2 (6%)

**TÁBLA 3.3: DEACRACHTAÍ NA MAC LÉINN LE STRUCHTÚR TEANGA NA GAEILGE ROIMH AN gCÚRSA AGUS ANOIS**

Is sa litriú (61%) agus sa ghramadach (51% do labhairt na Gaeilge agus 67% do scríobh na Gaeilge) a fheictear na deacrachtaí is mó. Léirigh na mic léinn nár fhreastail ar scoil lán-Ghaeilge na deacrachtaí a bhíonn acu a gcuid tuairimí a léiriú in aiste Ghaeilge. Is léiriú é seo ar easpa taithí na mac léinn T2 a d'fhreastail ar scoileanna Béarla aistí a scríobh trí Ghaeilge agus is léir freisin go bhfuil tionchar diúltach ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair a dhéantar don Ardteist, mar a léirigh Ní Mhuirthile (2009), ar chumas scríbhneoireachta na mac léinn.

Ardaíodh agus pléadh castacht ghramadach na Gaeilge i ngach agallamh. Thuairiscigh dhá thrian de mhic léinn an chúrsa (67%) a ghlac páirt sa suirbhé go raibh roinnt deacrachtaí nó a lán deacrachtaí acu le gramadach cheart a úsáid i nGaeilge. Léiríonn taighde Uí Loideáin (2008: 64) go bhfuil na deacrachtaí céanna ag tromlach na mac léinn Gaeilge (80%) in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh le gramadach na Gaeilge. Thuairiscigh os cionn leath (56%) de na daoine óga Gaeltachta ó na ceantair láidre Ghaeltachta go raibh deacrachtaí acu le gramadach na Gaeilge (Ó Giollagáin *et al.*, 2007: 307). Mhínigh na mic léinn T1 agus T2 nár foghlaimíodh agus nár múineadh gramadach na Gaeilge sna ranganna sna hiar-bhunscoileanna. Ba shoiléir do na mic léinn T1 agus T2 na mic léinn a raibh plé beag déanta acu ar ghramadach na Gaeilge san iar-bhunscoil. D'airigh na mic léinn T1 an-mhíshuaimhneach faoi seo agus bhraith siad go raibh siad faoi mhíbhuntáiste.

Léiríonn taighde Uí Dhuibhir (2009) agus Walsh (2007) a rinneadh ar an gcóras tumoideachais in Éirinn agus taighde Cummins (1998), Swain agus Lapkin (1986) agus Swain (1996) a rinneadh i gCeanada go mbíonn go leor deacrachtaí ag foghlaiméoirí an dara teanga cruinneas teanga a bhaint amach. Is léir ón taighde seo go streachlaíonn na mic léinn ar fad, idir na mic léinn T1 agus na mic léinn T2, leibhéal ard Gaeilge chruinn scríofa agus labhartha a bhaint amach. Léirigh na mic léinn go raibh sé tábhachtach dóibh go mbainfidís cruinneas scríofa (100%) agus labhartha (91%) amach sa Ghaeilge le linn na gceithre bliana. Léirigh na mic léinn ón gceathrú bliain a cuireadh faoi agallamh gur éirigh leo feabhas a chur ar a gcuid gramadaí ag deireadh an cheathrú bliain ach léirigh 70% de mhic léinn an cheathrú bliain a ghlac páirt sa suirbhé seo go raibh roinnt deacrachtaí fós acu le gramadach cheart a úsáid i nGaeilge.

Is léir go gcuireann fadhb an mhíchruinnis brú ar roinnt mac léinn agus go ndéanann sé dochar d'fhéinmhuinín roinnt mac léinn eile. Léiríodh sa taighde gur chuir sé isteach go mór ar roinnt mac léinn T1 agus T2 nuair a ceartaíodh a gcuid botún labhartha. Dúirt mac léinn T1 'chuile shórt a dheireann tú bhí siad [na teagascóirí Gaeilge] ag rá no – ná habair é sin, nó athraigh é sin', agus dúirt mac léinn T2 a d'fhreastail ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge 'uaireanta níl mé ag iarraidh éist go bhfuil mé ag déanamh botúin tar éis botúin agus bíonn sé deacair éist leis sin i gcónaí nuair atá tú ag iarraidh foghlaim'. Mhínigh de Courcy (2002: 71) go raibh ról tábhachtach ag teagascóirí sna cláir thumoideachais aiseolas agus ceartúchán a dhéanamh ar bhotúin labhartha agus scríofa na mac léinn agus ní mór dóibh a bheith tuisceanach ar riachtanais na mac léinn nuair a thugann siad faoin aiseolas agus faoin gceartúchán seo.

Léirigh roinnt de na mic léinn nach raibh siad ag siúl go gceartófaí a gcuid Gaeilge agus chuir sé isteach go mór ar mhac léinn T2 gur cheartaigh mic léinn an cheathrú bliain a cuid Gaeilge. Is gné thábhachtach agus riachtanach den sealbhú teanga an ceartúchán agus ní mór tuiscint mhaith a bheith ag teagascóirí ar an gcur chuige is fearr a fheileann do gach mac léinn.

### 3.5 Sealbhú Teanga agus Sainábhair an Chúrsa

Léirigh na mic léinn go raibh sainfhoclóir agus téarmaíocht an chúrsa deacair agus dúshlánach ach d'éirigh le 79% de na mic léinn dul i ngleic leis seo. Léirigh idir na mic léinn T1 agus na mic léinn T2, áfach, go mbeadh téarmaíocht an chúrsa agus ábhar na léachtaí deacair dóibh in aon teanga. D'admhaigh roinnt de na mic léinn T2 go raibh deacrachtaí acu le sainfhoclóir an chúrsa a fhoghlaim ag tús an chúrsa ach gur éirigh leo an sprioctheanga agus an téarmaíocht a shealbhú go nádúrtha i ngan fhios dóibh féin in imeacht ama. Mhol na mic léinn gné phraiticiúil an chúrsa agus dúradh gur chuidigh sé leo dul i ngleic leis an téarmaíocht. Cinntíonn gné phraiticiúil an chúrsa go mbaineann na mic léinn úsáid as an teanga le linn na hoibre praiticiúla a bhíonn ar bun acu agus dar le Swain (2000) go sealbhaítear teanga trí úsáid a bhaint aisti. Léiríonn an t-aschur teanga do na mic léinn na gnéithe den sprioctheanga a bhfuil fadhbanna acu agus cuirfidh sé ar chumas na mac léinn déileáil leis na fadhbanna agus deacrachtaí sin.

Thuairiscigh 88% de na mic léinn go raibh siad *sásta* nó *an-sásta* go raibh siad *ag déanamh an BA sa Chumarsáid* agus bhí 94% díobh *sásta* nó *an-sásta* go raibh an cúrsa *ar siúl trí mheán na Gaeilge*. Léirigh 81% go raibh siad *sásta* nó *an-sásta* go raibh an cúrsa *suite sa Ghaeltacht*. (Féach Tábla 3.4) Is léir go bhfuil tionchar ar mheon dearfach na mac léinn i leith an chúrsa ar an bpróiseas sealbhaithe teanga freisin.

Léirigh do thuairim faoi na ráitis seo a leanas. (Cuir $\sqrt$ sa bhosca cuí i ngach cás)	An-sásta	Sásta	Réasúnta sásta	Mishásta	An-mhishásta
Táim sásta go bhfuilim ag déanamh an BA sa Chumarsáid (n=33)	21 (64%)	8 (24%)	4 (12%)	0	0
Táim sásta go bhfuil an BA sa Chumarsáid ar siúl trí mheán na Gaeilge (n=32/33)	22 (69%)	8 (25%)	2 (6%)	0	0
Táim sásta go bhfuil an cúrsa ar siúl sa Ghaeltacht (n=31/33)	22 (71%)	3 (10%)	4 (13%)	2 (6%)	0

TÁBLA 3.4: DEARCADH NA MAC LÉINN I LEITH AN BA SA CHUMARSÁID

D'admhaigh mac léinn amháin ón nGalltacht a d'fhreastail ar iar-bhunscoil Bhéarla go raibh sí fós, ag deireadh na chéad bhliana, ag streachailt go mór leis an sprioctheanga agus le bheith ag foghlaim tríd an dara teanga. Chreid sí nach dtuigfeadh sí ábhar na léachtaí, gur chaill sí suim san ábhar agus nach raibh aon aird aici ar ábhar na léachtaí:

Just suí mé ag the back of the class, ag bun an seomra agus ní raibh mé ag éisteacht. Níor éist mé le éinne mar just bhí sé i mo intinn nach thuig mé nach thuigfidh mé so just just kinda I gave up ach ansin like píosa le píosa just ag éisteacht i gcónaí leis like tháinig sé dom like ach like thóg sé am

Ní raibh bunfhoclóir an chúrsa ar eolas aici mar shampla *eagarthóireacht* agus *craoltóireacht* nuair a thosaigh sí ar an gcúrsa agus is léir gur chuir sé seo isteach uirthi agus gur chuidigh sé lena tuiscint nach mbeadh sí ábalta ábhar na léachtaí a thuiscint.

### 3.6 Ról na dTeagascóirí

Léiríonn torthaí an taighde seo an tábhacht atá le teagascóirí an chúrsa seo. Tuairiscíodh gur chuidigh na teagascóirí le 79% de na mic léinn feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Spreagann siad úsáid na sprioctheanga ní hamháin sna ranganna agus san ionad ach taobh amuigh den ionad freisin. Úsáidtear an Ghaeilge le hábhar a mhíniú nach dtuigeann na mic léinn agus cruthaíonn siad suíomh nádúrtha sealbhaithe teanga ina gcuid ranganna.

Léiríodh sna torthaí go raibh caidreamh an-mhaith ag na teagascóirí leis na mic léinn. Cuidíonn an dea-chaidreamh a bhíonn idir na teagascóirí agus na mic léinn le plé oscailte a bheith eatarthu sna ranganna agus sna léachtaí. Spreagann siad na mic léinn le ceisteanna a ardú sa rang agus cuidíonn sé seo leis na mic léinn dul i ngleic le hábhar an chúrsa agus an sprioctheanga a shealbhú.

### 3.7 Ionad agus Suíomh an Chúrsa

Chuir ionad agus suíomh an chúrsa go mór le heispéireas foghlama na mac léinn T2 agus is léir gur chuidigh suíomh an chúrsa le sealbhú teanga na mac léinn T2. Tacaíonn suíomh an chúrsa le tumadh iomlán sa teanga agus cuireann sé deiseanna ar fáil do na mic léinn T2 an sprioctheanga a úsáid taobh amuigh de na ranganna. Rinne na mic léinn cur síos ar ionad an chúrsa mar 'ollscoil



bheag' agus de bharr gur ionad beag atá acu forbraíodh dlúthchairdeas idir na mic léinn agus na teagascóirí. Cothaíonn an dlúthchairdeas seo atmaisféar faoi leith a spreagann úsáid na sprioctheanga agus sealbhú teanga.

#### 4. Conclúid

Cuireann an taighde seo eolas luachmhar ar fáil maidir leis an ollscolaíocht trí Ghaeilge agus an tumoideachas tríú leibhéal. Léirítear ar an gcéad dul síos go bhfreastalaíonn idir mhic léinn arb í an Ghaeilge a gcéad teanga (T1) agus mhic léinn arb í an Ghaeilge a ndara teanga (T2) ar an gcéim sa Chumarsáid. Is féidir na mic léinn seo a shainiú i dtrí ghrúpa éagsúla, bunaithe ar a gcúlra oideachais: mic léinn T1 a d'fhreastail ar scoileanna Gaeltachta; mic léinn T2 a d'fhreastail ar scoileanna lán-Ghaeilge; agus mic léinn T2 a d'fhreastail ar scoileanna Béarla.

Cé gur léirigh 70% de na mic léinn a ghlac páirt sa suirbhé go raibh Gaeilge mhaith nó Gaeilge líofa acu agus gur léirigh 91% díobh go raibh cumas maith nó an-mhaith tuisceana acu ar an nGaeilge nuair a thosaigh siad ar an gcúrsa, léirigh torthaí na n-agallamh go raibh deacrachtaí tuisceana ag mic léinn T2 na cainteoirí dúchais Gaeilge, idir mhic léinn agus theagascóirí, a thuiscint, go háirithe ag tús an chúrsa. Ní hamháin go raibh deacrachtaí tuisceana ag na mic léinn T2 a d'fhreastail ar scoileanna Béarla ach bhí deacrachtaí tuisceana ag na mic léinn T2 a d'fhreastail ar na scoileanna lán-Ghaeilge freisin. Ní mhaireann na deacrachtaí seo ach tréimhse ghearr ach is léir go gcuireann siad brú agus strus ar na mic léinn, go háirithe ag tús an chúrsa, agus cuireann siad as d'fhéinmhuinín na mic léinn chomh maith.

Cruthaítear sa taighde seo go mbíonn deacrachtaí ag gach mic léinn, idir na cainteoirí dúchais Gaeilge agus na foghlaimeoirí Gaeilge, le scríbhneoireacht na Gaeilge. Bíonn siad ag streachailt le litriú agus gramadach na Gaeilge i gcaitheamh na gceithre bliana ar an gcúrsa. Is ábhar dóchais é go bhfuil sé tábhachtach do gach uile mhac léinn go gcuirfidh siad feabhas ar a gcuid Gaeilge scríofa ach is dúshlán mór dóibh é.

Tá tromlach na mic léinn thar a bheith sásta go bhfuil siad i mbun na céime seo trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht. Is cúrsa dúshlánach ach taitneamhach atá ann dóibh. Éiríonn leo téarmaíocht agus sainfhoclóir an chúrsa a shealbhú agus cuireann siad feabhas ar a gcuid Gaeilge scríofa agus labhartha. Tá ról faoi leith ag teagascóirí, ionad agus suíomh an chúrsa maidir le dul chun cinn na mic léinn sa sprioctheanga.

#### 4.1 Moltaí

Is iad seo a leanas moltaí an taighde atá bunaithe ar an bhfaisnéis a bailíodh le linn an taighde:

- Go gcuirfí dianchúrsa coicíse Gaeilge ar fáil do na mic léinn T2 sula dtosóidís ar an gcéim sa Chumarsáid. Ba cheart díriú ar labhairt na Gaeilge agus buntéarmaíocht na n-ábhar cumarsáide le linn an dianchúrsa, rud a d'ullmhódh na mic léinn le tabhairt faoin gcúrsa.
- Go reáchtálfai ceardlanna feasachta teanga ar shealbhú na chéad agus an dara teanga do mhic léinn na chéad bhliana le linn thréimhse ionductúcháin an chúrsa. Chuideodh na ceardlanna feasachta teanga le tuiscint na mac léinn ar úsáid agus ar fhoghlaim na sprioctheanga.
- Go bhforbrófaí córas meantóireachta a bheadh á rith ag mic léinn ón gceathrú bliain a thacódh le mic léinn na chéad bhliana. Ba cheart meantóirí cúnta ón gceathrú bliain a cheapadh do gach mac léinn sa chéad bhliain. Chuirfeadh na meantóirí cúnta comhairle ar fáil do mhic léinn na chéad bhliana a dhíreodh ar labhairt na Gaeilge, agus ar fhoghlaim agus ar shealbhú théarmaíocht agus shainfhoclóir an chúrsa.
- Go gcuirfí oiliúint ar theagascóirí agus ar mheantóirí cúnta ar na múnlaí éagsúla aiseolais agus ceartúcháin. Ba chóir seisiún comhairleach aonarach a shocrú leis na mic léinn le plé a dhéanamh ar an gcur chuige aiseolais agus ceartúcháin is fearr a chabhródh leo ó thaobh na foghlama.
- Go mbunófaí ionad scríbhneoireachta a thacódh le scríbhneoireacht acadúil Ghaeilge na mac léinn. Ba cheart go gcuirfí comhairle ar fáil do mhic léinn san ionad scríbhneoireachta agus go ndíreofaí ar fhadhbanna agus ar dheacrachtaí na mac léinn maidir le scríobh na Gaeilge.

#### 4.2 Focal Scoir

Is léir gur eispéreas foghlama faoi leith a bhíonn ag mic léinn a thugann faoi chéim ollscoile trí mheán na Gaeilge. Is léiríú é an taighde seo ar fhiúntas an tumtha iomláin sa sprioctheanga maidir le heispéreas foghlama na mac léinn Gaeltachta agus Galltachta araon.

## Leabharliosta

### Foinsí Clóite

- Bohan, K. (2009) *Teagasc trí Mheán na Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh: 1929 – 2006*. Tráchtas MA neamhfoilsithe. Gaillimh: Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Cummins, J. (1998) 'Immersion Education for the Millennium: What we have Learned from 30 Years of Research on Second Language Immersion?' Childs, M.R. agus Bostwick, R.M (eag). *Learning through two Languages: Research and Practice*. An dara Katoh Gakuen Siompóisiam Idirnáisiúnta ar an Tumoideachas agus an tOideachas Dátheangach. Katoh Gakuen, an tSeapáin. 34-47.
- de Courcy, M. (2002) *Learners' Experiences of Immersion Education: Case Studies of French and Chinese*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Denscombe, M. (2010) *The Good Research Guide for Small-Scale Social Research Projects* (4ú heagrán). Maidenhead: Open University Press.
- Harris, J., Forde, P. Archer, P., Nic Fhearail, S., & O'Gorman, M. (2006). *An Ghaeilge sna Bunscoileanna: Treochtaí Náisiúnta Fadtéarmacha in Inniúlacht*. BÁC: Roinn Oideachais agus Eolaíochta.
- Hickey, T. (1997) *An Luath-Thumadh in Éirinn: Na Naíonraí*. BÁC: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Hickey, T. (2001) 'Mixing Beginners and Native Speakers in Irish Immersion: Who is Immersing whom?' *The Canadian Modern Language Review*, 57 (3). 443-474.
- Ní Mhuirthile, Á. (2009) 'Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach' Ní Fhrighil, R agus Nic Eoin, M. (eag). Ó Theagasc Teanga go Sealbhú Teanga. Baile Átha Cliath: Cois Life. 40-5.
- Ó Cinnéide, M. (2004) 'Ollscolaíocht Ghaeilge le béim ar leith ar Riachtanais na Gaeltachta'. Nic Pháidín, C. agus Uí Bhraonáin, D. (eag). *Ollscolaíocht Ghaeilge: Dúshláin agus Léargais, Páipéir Chomhdhála*. BÁC: Fiontar.
- Ó Duibhir, P. (2009) *The Spoken Irish of Sixth-Class Pupils in Irish Immersion Schools*. Tráchtas PhD neamhfoilsithe. BÁC: Coláiste na Tríonóide.

- Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. agus O' Brien, M. (2007) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Ó Loideáin, C., 2008. *Próifíl Teanga na Mac Léinn Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*. Tráchtas MA neamhfhoilsithe. Gaillimh: Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Ó Muircheartaigh, J. agus Hickey, T. (2008) 'Academic Outcome, Anxiety and Attitudes in Early and Late Immersion in Ireland', *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 11 (5). 1-20.
- Swain, M. (1996) 'Discovering Successful Second Language Teaching Strategies and Practices from Programme Evaluation to Classroom Experimentation'. *Journal of Multilingual and Multicultural Development* 17, 2-4. 89-104.
- Swain, M. (2000) 'French Immersion Research in Canada'. *Annual Review of Applied Linguistics* 20. 199-212.
- Swain, M. & Lapkin, S. (1986) 'Immersion French in Secondary Schools: "the goods" and "the bads"'. *Contact*, 5 (3). 2-9.
- Walsh, C., (2007) *Cruinneas na Gaeilge Scríofa sna hIar-bhunscoileanna lánGhaeilge i mBaile Átha Cliath*. BÁC: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

## Foinsí ar-líne

- Gaelscoileanna Teo. (2013) *Fúinn/staitisticí* [ar-líne]. BÁC: Gaelscoileanna Teo. Ar fáil ag <http://www.gaelscoileanna.ie/about/statistics/?lang=ie> (léite 1 Márta 2013).
- Wesche, M. (1998) 'Continuing Immersion Schooling into Post-Secondary Institutions'. I: Klee, C., Lynch, A., agus Tarone, E. (eag). *Research and Practice in Immersion Education: Looking back and Looking ahead*. Tógtha ó pháipéar comhdhála (CARLA Working Paper #10). Minneapolis: Ollscoil Minnesota, an tIonad d'Ardthaighde ar Shealbhú Teanga. 73-80. Ar fáil ag: [www.carla.umn.edu/resources/working-papers/documents/WP10\\_ImmConf\\_LookingBack\\_Ahead.pdf](http://www.carla.umn.edu/resources/working-papers/documents/WP10_ImmConf_LookingBack_Ahead.pdf) (léite: 1 Márta 2013).



# **Scéimeanna Teanga Ollscoil na hÉireann, Gaillimh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003: Feidhmiú na Chéad Scéime, Úsáid agus Caighdeán Seirbhísí Dátheangacha**

*Le Lisa Ní Fhlatharta  
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

## **1. Réamhrá agus Cúlra Taighde**

Síníodh Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 ina dhlí ar an 14 Iúil 2003. Is é an chéad phíosa reachtaíochta é ina leagtar síos próiseas pleanála reachtuil lena chinntiú go gcuirfear seirbhísí poiblí ar fáil trí mheán na Gaeilge i ngach eagraíocht stáit agus i ngach comhlacht poiblí. Is é príomhchuspóir an Achta cur le líon agus le soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge. Ar iarratas ón Aire, faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, bíonn ar eagraíochtaí stáit agus ar chomhlachtaí poiblí Scéim Teanga a chur i dtoll a chéile agus í a fhaomhadh agus a dhaingniú leis an Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Leagtar amach sa Scéim Teanga na beartais agus na seirbhísí dátheangacha a bheartaíonn an eagraíocht/an comhlacht a chur i bhfeidhm agus a chur ar fáil laistigh de thréimhse na scéime teanga. In Iúil 2005, dhaingnigh Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉ Gaillimh) an chéad scéim teanga (2005-2008) leis an Aire Éamon Ó Cuív a bhí sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag an am. Faomhadh dara scéim teanga OÉ Gaillimh (2012-2015) faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 leis an Roinn i mí Dheireadh Fómhair 2012.

Tá go leor taighde déanta ar reachtaíocht teanga, ar bheartas agus ar pholasáí teanga ag Grin (2003), Ó hIfeárnáin (2006), agus Ó Catháin (2007); ar phleanáil teanga ag Ó Giollagáin (2012) agus ar cheisteanna a bhaineann leis an dátheangachas i gcomhthéacs Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 ag Walsh (2013, 2011, 2010), (Walsh & McLeod 2007). Is beag taighde atá déanta, áfach, go dáta ar fheidhmiú na scéimeanna teanga ná ar éileamh, ar úsáid ná ar sholáthar na seirbhísí dátheangacha atá cruthaithe ag na scéimeanna de bharr na mbeartas agus na ngealltanais atá sonraithe iontu.

Tabharfaidh an páipéar seo léargas ar chúla reachtúil agus ar ról stairiúil na Gaeilge in OÉ Gaillimh agus déanfar cur síos ar fheidhmiú na chéad scéime in OÉ Gaillimh chomh maith. Déanfar scagadh ar fheasacht agus ar thuiscint rannpháirtithe an tsuirbhé i leith an Achta agus léireofar tuairimí agus taithí na mac léinn i leith na seirbhísí Gaeilge in OÉ Gaillimh. Cuirfear moltaí i dtoll a chéile bunaithe ar na pointí thuasluaite.

## 2. Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Tá OÉ Gaillimh suite ar imeall Ghaeltacht Chonamara agus tá dualgas reachtúil i leith na Gaeilge ar OÉ Gaillimh ó 1929. Ritheadh Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe 1929 le feidhm a thabhairt do bheartas Rialtais deontas breise a íoc leis an gColáiste ar choinníoll go mbeadh sé mar shainchuspóir aici an Ollscolaíocht trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn. Mar chuid den Acht seo freisin, bhí sé d'oibleagáid ar an Ollscoil daoine le hinníúlacht sa Ghaeilge a cheapadh: 'duine do cheapa chun na hoifige nó an phuist sin a bheidh inniúil ar dhualgaisí an chéanna do chólíona tríd an nGaedhilg: ach duine a bheidh inniúil amhlaidh agus, fós, a bheidh oiriúnach ar gach slí eile...' (Rialtas na hÉireann, 1929).

Leasaíodh Acht 1929 i mí Feabhra 2006 ar mhholadh ó Údarás OÉ Gaillimh. Cosnaíodh an t-aitheantas reachtúil, áfach, a bhí ag an Ollscoil maidir le hoideachas a sholáthar trí mheán na Gaeilge agus tosaíocht straitéiseach a bheith tugtha don Ollscolaíocht trí mheán na Gaeilge i ngach plean straitéiseach:

- 3.—(1) Déanfaidh údarás ceannais an Choláiste a chinntiú go mbeidh oideachas a sholáthar trí mheán na Gaeilge i measc na bpríomhaidhmeanna le haghaidh oibriú agus fhorbairt an Choláiste ar phríomhaidhmeanna iad a bheidh leagtha amach i ngach plean forbartha straitéisí a ullmhófar tar éis thosach feidhme an ailt seo (Rialtas na hÉireann, 2006).

Luaitear an ról ar leith atá ag an nGaeilge i bPlean Straitéiseach reatha na hOllscoile 2009-2014 (OÉ, Gaillimh, 2009: 38), sonraítear i spriocanna agus in aidhmeanna an phlean ó thaobh na Gaeilge de go bhfreastalófar ar shainriachtanais phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta trí mheán na gclár céime agus iarchéime atá á soláthar aici. Bunaíodh le reacht in 2004, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge:

chun ceannaireacht acadúil chomhtháite a léiriú agus cur le forbairt ghinearálta phobal labhartha na Gaeilge agus chuige sin, freagracht a ghlacadh as forbairt inbhuanaithe agus as seachadadh clár, taighde agus seirbhísí eile trí Ghaeilge mar aon le campas eiseamláireach dátheangach a fhorbairt, a chuirfear na cuspóirí seo i gcrích (ibid: 38).

Is in 2003 a ghlac an Ollscoil le creat beartais (OÉ Gaillimh, 2005: 15) d'fhonn campas eiseamláireach dátheangach a chruthú agus tá ról lárnach ag scéimeanna teanga OÉ Gaillimh i bhforbairt an champais eiseamláirigh dhátheangach.

### 3. Scéim Teanga OÉ Gaillimh 2005-2008

De bharr Acht 1929 thuasluaite, Acht na nOllscoileanna 1997 agus traidisiún láidir na Gaeilge in OÉ Gaeilge, bhí réimse leathan de sheirbhísí Gaeilge á dtairiscint sular aontaíodh an chéad scéim teanga:

Tá tosaíocht glactha ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh maidir le cur chun cinn na Gaeilge san Ollscoil agus lasmuigh di, idir go sóisialta agus go hacadúil, faoi mar a léirítear sa *Phlean Straitéiseach do OÉ, Gaillimh 2003-2008* agus i *bPlean Acadúil Ollscoil na hÉireann, Gaillimh 2003- 2008* (OÉ Gaillimh, 2005: 8).

Ina theannta sin, bunaíodh Seirbhís Aistriúcháin Ollscoile in 2001. Díríonn an chuid is mó d'obair na seirbhíse ar:

(a) Dualgais OÉ Gaillimh faoi Scéim Teanga OÉ Gaillimh; (b) Dualgais reachtúla OÉ Gaillimh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003; (c) Dualgais reachtúla OÉ Gaillimh faoi Acht na nOllscoileanna 1997; (d) Aistriúcháin a thagann faoi réir pholasaí na hOllscoile maidir le campas eiseamláireach dátheangach a chruthú (Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, 2013).

Toisc go bhfuil an Ollscoil tiomanta do chlár acadúla agus do sheirbhísí a chur ar fáil do phobal na Gaeilge, ní haon iontas go raibh OÉ Gaillimh ar cheann de na chéad eagraíochtaí stáit ar iarradh uirthi, ar iarratas ón Aire, scéim teanga a chur i dtoll a chéile. Mar a luadh, aontaíodh an chéad scéim leis an Aire Stáit in 2005. Is í príomhaidhm scéim teanga OÉ Gaillimh (2005-2008) cur le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge i réimsí acadúla agus riaracháin agus sna seirbhísí ginearálta. Sa chéad scéim teanga gealladh go soláthrófaí seirbhís dhátheangach in dhá cheann déag de shainréimsí oibre agus spriocrannóga/oifigí de chuid OÉ Gaillimh a d'fhreastalódh ar chliaint agus ar chustaiméirí OÉ Gaillimh. Ar na spriocrannóga sin tá: Oifig an Uachtaráin; An Malartán; Seirbhís Fáiltithe na hOllscoile; Oifig an Rúnaí; Oifig an Rúnaí um Ghnóthaí Acadúla; Oifig Seirbhísí do Mhic Léinn; An Oifig Acmhainní Daonna; An Oifig Iontrála; Oifig na bhFoirgneamh; Oifig an Sparánaí; An Oifig Preasa agus Faisnéise/Áras Fáilte agus Leabharlann Shéamais Uí Argadáin (OÉ Gaillimh, 2005: 21-2). Is tréimhse trí bliana a luaitear sa reachtaíocht le feidhmiú gach scéim teanga mar a shonraítear in airteagal 14 (3) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003: 'Fanfaidh scéim i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta a ndaingníonn an tAire í nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire de bhun alt 15, cibé acu is déanaí' (Rialtas na hÉireann, 2003).

### 3.1 Feidhmiú na chéad scéime teanga in OÉ Gaillimh

De réir Alt 18 (1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, i ndiaidh d'eagraíocht stáit an scéim a dhaingniú leis an Aire, tá dualgas reachtúil ar an eagraíocht an scéim a chur i gcrích. Tá sé de dhualgas ar bheirt Fheidhmeannach Teanga<sup>1</sup> feidhmiú mar Aonad Iniúchta faoi stiúir Údarás na hOllscoile chun an scéim a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, déanann an tAonad Iniúchta áisitheoireacht ar chur i bhfeidhm na Scéime Teanga. Tá sé de dhualgas ar an Aonad seo meastóireacht a dhéanamh ar staid spriocrannóg na scéime maidir le soláthar seirbhísí dátheangacha agus cuireann siad tuairisc le chéile bunaithe ar an meastóireacht mar aon le moltaí d'fhonn beartais na scéime teanga a fheidhmiú. Ar na dualgais eile a thagann faoi chúram an aonaid tá: gearáin maidir le seirbhísí Gaeilge na hOllscoile a fhiosrú, agus comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do chomhaltaí foirne na hOllscoile maidir le feidhmiú na Scéime ar bhealach praiticiúil. I dtaca leis sin, bíonn an tAonad Iniúchta páirteach ar bhonn leanúnach i bpróiseas faireacháin Oifig an Choimisinéara Teanga. 'Tá

1 Tá an taighdeoir ar dhuine de na Feidhmeannaigh Theanga thuasluaite.



Oifig an Choimisinéara Teanga bunaithe faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla mar oifig reachtúil neamhspleách a fheidhmíonn mar sheirbhís ombudsman agus mar áisíneacht ghéilliúlachta' (An Coimisinéir Teanga, 2013). Faoi alt 21 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá sé mar chuid d'fheidhmeanna an Choimisinéara Teanga faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta. Le linn thréimhse feidhme na chéad scéime, bhí OÉ Gaillimh páirteach ar bhonn rialta i bpróiseas faireacháin Oifig an Choimisinéara Teanga. Sa tuairisc faireacháin is déanaí a chuir Bainisteoir Géilliúlachta, Oifig an Choimisinéara Teanga faoi bhráid OÉ Gaillimh in 2011 luaitear:

Ó tharla scéim teanga Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a bheith i bhfeidhm le hos cionn sé bliana, gan aon athbhreithniú déanta ar an dul chun cinn le trí bliana anuas, socraíodh an staid reatha a mheas. Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil dúinn le linn an phróisis faireacháin, is é ár dtuairim go bhfuil Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ag leanúint de ghealltanais na scéime a chur i bhfeidhm go sásúil (Ó Coisdealbha, 2011: 1).

Toisc nach raibh an dara scéim teanga daingnithe tráth a raibh na suirbhéanna á ndáileadh, bunaíodh ceisteanna an tsuirbhé a bhain le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus le seirbhísí Gaeilge OÉ Gaillimh ar an gcéad scéim.

#### 4. Modheolaíocht an Taighde

Sa dara seimeastar in 2012 scaipeadh suirbhé dátheangach maidir le seirbhísí Gaeilge in OÉ Gaillimh agus ar dhearcadh na mac léinn ina leith ar 1,296 mac léinn. Is mic léinn iad a bhí i mbun cúrsaí léinn éagsúla trí mheán na Gaeilge le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus le Roinn na Gaeilge, Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr, OÉ Gaillimh. Ghlac idir mhic léinn lánaimseartha agus pháirtaimseartha páirt sa suirbhé, mic léinn a bhí i mbun staidéir trí mheán na Gaeilge ar chúrsaí dioplóma, céime agus iarchéime ar phríomhchamps na hOllscoile, chomh maith le hionaid sheachtracha na hOllscoile ar an gCeathrú Rua agus i gCarna i gConamara, agus i nGaoth Dobhair i nGaeltacht Dhún na nGall.

Is cúig rannóg a bhí sa suirbhé agus 25 ceist san iomlán a bhí le freagairt ag na rannpháirtithe. Dhírigh na ceisteanna ar shonraí pearsanta; cumas sa Ghaeilge agus dearcadh i leith na Gaeilge; eolas ginearálta faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003; seirbhísí trí Ghaeilge in OÉ Gaillimh agus moltaí. Is ceisteanna iata a bhí sa suirbhé seo ach tugadh deis do na rannpháirtithe dá roghnóidís

'eile' mar fhreagra ar cheist míniú a thabhairt ar an bhfreagra áirithe sin. Is ceist oscailte amháin a bhí sa suirbhé i rannóg E: Moltaí. Cuireadh leagan Gaeilge agus Béarla den suirbhé ar fáil laistigh d'aon chlúdach amháin agus bhí rogha ag an rannpháirtí é a chomhlánú ina rogha teanga. Roghnaíodh an suirbhé mar mhodh taighde toisc go rabhtas den tuairim go bhféadfaí an t-uasmhéid eolais chainníochtúil a bhailiú ar an mbealach seo ó ghrúpa mac léinn agus go mbeadh deis ag na rannpháirtithe uile moltaí a láithriú. Dá bharr seo, bheadh léargas ní ba chruinne ag an taighdeoir ar an ábhar, mar a shonraíonn Denscombe (2010: 12) *'surveys are used to best effect when the researcher wants factual information relating to groups of people: what they do, what they think, who they are'*. Is féidir úsáid a bhaint as suirbhé mar uirlis thaighde chomh maith d'fhonn tuairimí, dearcadh, tosaíochtaí agus mothúcháin na rannpháirtithe a scrúdú (ibid: 12). Díreoidh an taighde seo ar na codanna áirithe seo den suirbhé - Roinn C: Eolas Ginearálta faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, Roinn D: Seirbhísí trí Ghaeilge in OÉ Gaillimh agus Roinn E: Moltaí. Ón 1,296 suirbhé a scaipeadh, is 604 (47%) suirbhé comhlánaithe agus bailí a fuarthas ar ais.

## 5. Torthaí an Taighde


Maidir le feidhmiú na scéime, déanfar cur síos ar úsáid na seirbhísí Gaeilge in OÉ Gaillimh agus ar dhearcadh na mac léinn ina leith i gcomhthéacs na dtéamaí seo a leanas: eolas na mac léinn ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus ar Scéim Teanga na hOllscoile, úsáid agus caighdeán na seirbhísí Gaeilge in OÉ Gaillimh. Déanfar scagadh ar mholtaí na rannpháirtithe maidir leis na bealaí ina bhféadfadh an Ollscoil cur le líon agus le caighdeán na seirbhísí Gaeilge.

### 5.1 Eolas ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus ar Scéim Teanga OÉ Gaillimh

Léirigh 68% de rannpháirtithe an tsuirbhé gur chuala siad faoin Acht agus is 61% de na mic léinn a dhearbhaigh gur chuala siad faoin scéim teanga atá ag OÉ Gaillimh. Níor mhiste a lua, áfach, go dtráchtar ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus ar Scéim Teanga OÉ Gaillimh i roinnt modúl éagsúil ar chlár léinn atá á reáchtáil ag leibhéal bunchéime agus iarchéime. Cé gur luaigh 68% gur chuala siad faoin Acht, is spéisiúil an tuiscint a bhí acu ar céard go díreach a bhí i gceist leis an Acht. Sainmhíonann an Coimisinéir Teanga aidhm an Achta mar seo a leanas:

Tá sé mar aidhm ag Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 líon agus caighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge a chuireann comhlachtaí poiblí ar fáil don phobal a mhéadú agus a fheabhsú, ar bhealach eagraithe, thar thréimhse ama. Tá sé i gceist ag an reachtaíocht áit agus spás a chruthú don teanga i saol poiblí na tíre (An Coimisinéir Teanga, 2013).

Léiríonn an léaráid thíos (léaráid 5.2) an tuiscint a bhí ag na rannpháirtithe ar an Acht. Luaigh 57% go raibh sé d'aidhm ag an Acht cur le soláthar agus le caighdeán seirbhísí poiblí i nGaeilge. Bhí 21% de na mic léinn den tuairim go raibh sé d'aidhm ag an Acht an Ghaeilge a chur chun cinn san Aontas Eorpach. Léirigh 14% de na rannpháirtithe gurbh í aidhm an Achta an Ghaeilge a chur cinn sa Ghaeltacht agus an tuiscint a bhí ag 8% de na mic léinn ar an Acht gur bhain sé leis an soláthar ar sheirbhísí Gaeilge a dhéanann comhlachtaí príobháideacha.




Léaráid 5.2: Tuiscint ar Aidhm an Achta

Tá sé suntasach nár thuig ach 57% de rannpháirtithe an tsuirbhé aidhm an Achta, bheifí ag súil go mbeadh na rannpháirtithe ní b'fheasaí ar aidhm an Achta de bharr go bhfuil siad i mbun staidéir ar ábhair éagsúla trí Ghaeilge agus

go bhfuil siad i mbun staidéir i saol na Gaeilge. Tá sé níos suntasaí fós nár luaigh ach 39% de na rannpháirtithe go raibh a fhios acu go raibh scéim teanga ag OÉ Gaillimh. Is léir ón bhfaisnéis thuas go gcaithfear dlús a chur faoin bpoiblíocht a dhéantar ar an Acht agus ar scéim teanga OÉ Gaillimh. Is gá a chur ina luí ar phobal na hOllscoile go bhfuil seirbhísí Gaeilge ar fáil agus go bhfuil sé de cheart acu na seirbhísí Gaeilge sin a fháil.

### 5.3 Úsáid Seirbhísí Gaeilge

Is spéisiúil go raibh líon na rannpháirtithe a mhaígh gur bhain siad úsáid as seirbhís Ghaeilge in OÉ Gaillimh ag 43%, figiúir atá níos airde ná an 39% a shonraigh gur chuala siad faoin scéim. Is iad na fáthanna príomhúla a luaigh na rannpháirtithe nach bhfuil sé de nós acu úsáid a bhaint as na seirbhísí Gaeilge ná: nach bhfuil a fhios ag daoine cén áit, cén oifig/rannóg in OÉ Gaillimh ar féidir seirbhísí trí Ghaeilge a fháil inti agus nach dtugtar aon eolas nó aon leid don chustaiméir go bhfuil seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil (léaráid 5.3).



Léaráid 5.3: An chúis nach roghnaítear seirbhísí Gaeilge

Tráchtann Williams (2006) ar an éiginnteacht seo freisin i gcomhthéacs na Breataine Bige agus na seirbhísí dátheangacha a sholáthraíonn eagraíochtaí san earnáil phoiblí, áitíonn sé go mbíonn mearbhall ar dhaoine faoi na seirbhísí agus nach dtuigeann daoine go bhfuil sé de cheart acu seirbhís a éileamh agus a fháil:

*People are just unsure of how far their bilingual services can be implemented. And, secondly, they are frankly confused as to whether or not they have any language rights at all in relation to the promotion of Welsh. So, it's a confusing picture (Williams, 2006: 4).*

Thaobhódh na torthaí seo chomh maith leis an taighde a rinne Ailish Bhreathnach ar chreideamh teanga mhic léinn OÉ Gaillimh maidir leis an Scéim:

Níl mórán eolais ag na freagróirí faoi na háiteanna ar féidir Gaeilge a úsáid iontu san Ollscoil.... D'fhéadfaí nach bhfuil mórán poiblíochta déanta ar chumas Gaeilge na foirne san Ollscoil ná soláthar na seirbhísí trí mheán na Gaeilge san Ollscoil. Maille leis sin, níl aon Tairiscint Ghníomhach in úsáid sna háiteanna a bhfuil seirbhís trí Ghaeilge ar fáil, rud a thabharfadh le fios go bhfuil duine in ann gnó a dhéanamh trí Ghaeilge ann (Bhreathnach, 2010: 50).

I gcomhthéacs na scéime, is ann don Tairiscint Ghníomhach nuair a chuirtear faoi deara don chustaiméir go bhfuil rogha aige/aici ceachtar den dá theanga oifigiúil a úsáid lena c(h)uid gnóthaí a dhéanamh. Tá coincheap na tairisceana gníomhaí bunaithe ar pholasaí agus ar chur chuige atá in úsáid i gCeanada ó leasaíodh an Official Language Act/Loi sur les langues officielles in 1988 maidir le rialacháin an Achta a bhaineann le cumarsáid agus seirbhísí:

*Every federal institution that is required under this Part to ensure that any member of the public can communicate with and obtain available services from an office or facility of that institution, or of another person or organization on behalf of that institution, in either official language shall ensure that appropriate measures are taken, including the provision of signs, notices and other information on services and the initiation of communication with the public, to make it known to members of the public that those services are available in either official language at the choice of any member of the public (Treasury Board, 2001: 28).*

Is laige ollmhór í an easpa eolais agus an éiginnteacht maidir leis na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil i mbabhta na gcéad scéimeanna trí chéile. Ní raibh coincheap 'An Tairiscint Ghníomhach' sna treoirínte a d'eisigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (2004) maidir le dréachtú na chéad scéimeanna. De bharr easpa fógraíochta agus poiblíochta maidir leis na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil agus mar gheall ar 'cleachtas seanbhunaithe i measc go leor den phobal sin a úsáideann an Ghaeilge go rialta mar phríomhtheanga cumarsáide dul i muinín an Bhéarla chun gnóthaí oifigiúla a dhéanamh le hinstiúidí stáit' (Walsh, 2011: 88), ní bhíonn sé de nós ag daoine seirbhís Ghaeilge a éileamh. Léiríodh i moltaí an tsuirbhé 'Ba mhaith liom seirbhísí trí Ghaeilge a úsáid ar champas ach go minic is deacair a rá cén ball foirne a bhfuil Gaeilge acu. Ba mhaith liom córas

a bheith ann. Leis an Tairiscint Ghníomhach i bhfeidhm, tá eolas cruinn agus feiceálach á thabhairt do dhaoine maidir le hinfhaighteacht na seirbhísí Gaeilge, éascaíonn sé don chustaiméir é teanga a roghnú. Bheifí ag súil le cur chuige na tairisceana gníomhaí i bhfeidhm go n-ardódh próifíl na teanga agus, dá réir go dtuigfeadh daoine go bhfuil seirbhísí ar fáil, go n-úsáidfidís an tseirbhís agus go n-ardódh an t-éileamh ar sheirbhísí Gaeilge mar a léirítear i dtimthriall Mhúnla Roithleáin Strubell:

I gcás na hÉireann, d'fhéadfaí teoiric Strubell a léamh mar seo: spreagann breis soláthar de sheirbhísí sa Ghaeilge breis daoine chun úsáid a bhaint as na seirbhísí sin (breis tomhalta), rud a spreagann breis tuisceana ar áisiúlacht bhreise na teanga agus ar an ngá atá léi, rud a spreagann breis inspreagtha chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid, rud a spreagann daoine i mbun foghlama agus níos mó daoine chun an Ghaeilge a úsáid go sóisialta, rud a spreagann, sa deireadh, breis soláthar de sheirbhísí poiblí sa Ghaeilge (Walsh, 2007: 92).

#### 5.4 Aonad Iniúchta OÉ Gaillimh agus Caighdeán na Seirbhísí Gaeilge in OÉ Gaillimh

Mar chuid d'fheidhmiú na scéime, casann an tAonad Iniúchta le comhaltaí foirne na hOllscoile d'fhonn léargas agus forbhreathnú a fháil ar mheicníocht oibre na rannóg maidir le soláthar seirbhísí dátheangacha. Le linn d'Aonad Iniúchta na hOllscoile a bheith ag plé na scéime le foirne na spriocrannóg, bunaítear an plé maidir le soláthar seirbhísí Gaeilge ar na critéir seo a leanas:

- **Éascaíocht:** is é sin go mbeadh sé éasca teacht ar sheirbhís trí mheán na Gaeilge agus go mbeadh sé follasach don phobal go bhfuil a leithéid de sheirbhís ar fáil.
- **Leanúnachas:** is é sin go mbeadh an tseirbhís dhátheangach ar fáil an t-am ar fad.
- **Comhchaighdeán:** is é sin go mbeadh caighdeán na seirbhíse i nGaeilge agus i mBéarla ar chomhchaighdeán (OÉ Gaillimh, 2006: 6).

Mura bhfuil na critéir riachtanacha seo á gcur i bhfeidhm maidir le soláthar seirbhísí Gaeilge, shonraigh an Coimisinéir Teanga in 2006 ag Léacht Bhord na Gaeilge in OÉ Gaillimh:

gur deacair do dhaoine úsáid a bhaint as a rogha teanga mura bhfuil na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge ar chomhchéim nó ar chomhchaighdeán lena macasamhail i mBéarla agus mura bhfuil siad ar fáil chomh furasta céanna. Ach nuair a chuirtear a leithéid ar fáil go sásúil trí Ghaeilge, tá sé ríthábhachtach go mbainfí úsáid astu. Mura ndéantar sin, is cinnte nach féidir a bheith ag súil go dtabharfar an teanga seo isteach ón imeall go háit lárnach i gcóras rialaithe agus riaracháin an stáit (Ó Cuirreáin, 2006: 21).

I ndiaidh don Aonad Iniúchta meastóireacht a dhéanamh ar spriocrannóg, cuirtear tuairisc le chéile ina n-aithnítear príomhriachtanais agus dualgais na rannóg maidir le soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge. Tháinig sé chun cinn sna hagallaimh neamhfhoirmiúla a chuir an tAonad Iniúchta ar chomhaltaí foirne na spriocrannóg le linn thréimhse feidhme na chéad scéime, go raibh comhaltaí foirne na spriocrannóg den tuairim nach raibh éileamh ar na seirbhísí Gaeilge. (OÉ Gaillimh, 2006: 6). Áitíonn Rigg, Ó Laoire agus Georgiou go bhfuil:

... tuairim i mbéal is i mbráid nach bhfuil éileamh coitinn ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge ach tá an scéal seo casta go leor. Deir an Coimisinéir Teanga (2007) ina thuairisc nach bhfuil a fhios ag an bpobal go bhfuil seirbhís ar fáil dóibh. Mar sin ní éilítear na seirbhísí san... (2010: 10).

Maidir le héileamh agus soláthar seirbhísí Gaeilge, is cuid lárnach den díospóireacht é freisin i láthair na huaire caighdeán na seirbhísí Gaeilge. Tráchtann Walsh (2011) ar dhinimic ‘an cúpla focal’ agus gur ‘líonmhaire go deo iad lucht an chumais theoranta ná cainteoirí líofa Gaeilge agus fágann an éagothromaíocht sin a rian ar na scéimeanna’ (Walsh, 2011: 109). Léirigh rannpháirtí amháin i rannóg na moltaí sa suirbhé go mbíonn ar an gcustaiméir nó ar an mac léinn dul i ngleic leis na constaicí seo maidir le seirbhísí trí Ghaeilge ‘Má tá seirbhís Ghaeilge fógartha ba chóir dó bheith ar fáil...Ní úsáidtear seirbhísí i nGaeilge, dar liom, toisc nach gcreideann daoine go bhfuil siad ar fáil i gceart, i ndáiríre.’ Maille leis sin, luaigh an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin an fabht agus an bhearna cumais seo atá ann maidir le soláthar seirbhísí Gaeilge ina thuarascáil bhliantúil 2012:

Tugadh faoi deara gurb é an easpa foirne le Gaeilge an deacracht is mó a bhí ag comhlachtaí poiblí le linn na bliana 2012 chomh fada agus a bhain sé le feidhmiú na ngealltanais a bhí tugtha ina scéimeanna teanga. Is fadhb í seo atá le sonrú ar bhonn níos minice de réir mar atá laghdú ag teacht ar an líon foirne atá fostaithe

sa Státseirbhís. Fágann an easpa foirne le Gaeilge go bhfuil sé níos deacra ag saoránaigh teacht ar sheirbhís phearsanta trí Ghaeilge ar chomhchaighdeán leis an tseirbhís a bhíonn ar fáil trí Bhéarla (An Coimisinéir Teanga, 2012).

Is ceist lárnach agus, go deimhin, conspóideach in amanna í inniúlacht Ghaeilge a bheith luaite le poist. I gcomhthéacs na scéimeanna teanga agus caighdeán agus soláthar seirbhísí Gaeilge a sholáthraítear á meas, tá sé maite ag an gCoimisinéir Teanga go ‘léiríonn taithí idirnáisiúnta go bhfuil cláir traenála “on the job” thar a bheith costasach agus nach n-éiríonn leo go hiondúil’ (*Gaelscéal*, 2012). De bharr go bhfuil cúlra reachtúil ag an nGaeilge in OÉ Gaillimh agus traidisiúin de shainchúrsaí, ranganna agus an Diplóma sa Ghaeilge ag leibhéal éagsúla á dtairiscint do chomhaltaí foirne na hOllscoile, sonraíodh i gcéad scéim teanga OÉ Gaillimh:

Soláthraíonn an Ollscoil cuid mhór seirbhísí cheana féin trí Ghaeilge nó go dátheangach ach d’fhonn léargas níos mine a fháil air seo rinneadh suirbhé ar gach Roinn/Aonad/Oifig riaracháin agus acadúil san Ollscoil ag tús na bliana 2005. Nuair a rinneadh anailís ar thorthaí an tsuirbhé, chonacthas don Ollscoil go bhfuil ag éirí go maith léi cheana féin seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge sna príomhréimsí agus léiríodh freisin na réimsí dá gcaitear pleanáil a dhéanamh chun an soláthar seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú (OÉ Gaillimh, 2005: 14).

Is é an rud is tábhachtaí maidir le soláthar seirbhísí Gaeilge go dtuigfeadh an custaiméir go bhfuil seirbhísí Gaeilge ar fáil agus go bhfuil rogha aige/aici. Is pointe é seo a shonraítear go beacht sa lámhleabhar oiliúna a eisíodh i dtaca le feidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ‘Is cuid riachtanach d’ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí é rogha teanga a thairiscint’ (NIDEOG, 2007: 29).

Maidir le caighdeán na seirbhísí Gaeilge in OÉ Gaillimh, luaigh 23% go raibh siad an-sásta leis an tseirbhís agus mhaígh 54% go raibh siad sásta leis an tseirbhís. Níor shonraigh ach 2% go raibh siad míshásta leis an tseirbhís Ghaeilge. Is teistiméireacht í sin ar an obair atá déanta go dáta ag an Ollscoil maidir le cúrsaí Gaeilge a sholáthar do bhaill foirne na hOllscoile ach aithnítear chomh maith, áfach, go gcaithfear an phleanáil chuí a dhéanamh ionas go mbeadh soláthar agus ardchaighdeán seirbhísí Gaeilge ar fáil sna hidirghníomhaíochtaí laethúla duine ar dhuine sna príomhoifigí agus sna rannóga is mó teagmhála le pobal Gaeilge na hOllscoile. I dtaca leis sin, in OÉ Gaillimh, tá an Coiste Seasta um



Cháilíocht Teanga ceaptha chun cúram a dhéanamh do phoist a bhfuil cáilíocht sa Ghaeilge luaite leo. Sonraítear i Reacht CCXCVI OÉ Gaillimh go bhfuil an coiste seo freagrach as:

2.-(12) cinneadh agus doiciméadú a dhéanamh i leith gach poist a mbeidh inniúlacht ar a dhualgais a chomhlíonadh trí mheán na Gaeilge ina cáilíocht riachtanach le bheith ceaptha ann, ar an gcaighdeán sonrach inniúlachta sa Ghaeilge is gá le dualgais an phoist sin a chomhlíonadh trí mheán na Gaeilge, agus as nósanna imeachta a cheapadh le measúnú a dhéanamh ar an inniúlacht sin (OÉ, Gaillimh, 2007: 11).

## 6. Moltaí

I bhfianaise na dtorthaí ar Rannóg C, D agus E a léiríodh sa suirbhé seo mar aon leis na moltaí a sonraíodh i dtuairiscí an Aonaid Iniúchta, is léir go gcaithfear an Tairiscint Ghníomhach a chur i bhfeidhm ionas go ndéanfaí an freastal cuí ar phobal Gaeilge na hOllscoile. Tháinig sé chun cinn i moltaí an tsuirbhé ‘Ba chóir go mbeidh níos mó fógraíochta déanta fá choinne na seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge, go háirithe ar “Concourse” agus sna háiteanna eile ar fud an choláiste seachas Áras na Gaeilge amháin’. Sonraíonn Ó Giollagáin gur tábhachtaí i bhfad díriú go sonrach ar shainriachtanais na gcainteoirí Gaeilge in áit a bheith ag díriú go príomha ar rialacháin a bhaineann le comharthaíocht: ‘Tuigtear go forleathan gur cinniúnaí beartas ar son cainteoirí ná íomhá chorparáideach dhátheangach comhlachtaí leath-Stáit agus codanna eile den státchóras.’ (2012: 46). Tá sé follasach ó na torthaí dá mbeadh an tairiscint ghníomhach i bhfeidhm agus an tseirbhís Ghaeilge a sholáthrófaí a bheith ar fáil go héasca, go leanúnach agus í a bheith ar chomhchaighdeán leis an tseirbhís a sholáthrófaí trí mheán an Bhéarla, go mbeadh níos mó muiníne ag pobal na Gaeilge seirbhís Ghaeilge a éileamh agus a úsáid agus go mbrisfí ‘an seanchleachtas’ a luann Walsh (2007) maidir le nósmaireacht an phobail Ghaeilge dul i muinín an Bhéarla agus iad ag déileáil leis an stát.

I dtaca le moladh na tairisceana gníomhaí, ba chóir go mbeadh tosaíocht straitéiseach ag an nGaeilge i bpleananna straitéiseacha agus earcaíochta na spriocrannóg in OÉ Gaillimh. Chinnteodh an tosaíocht seo go ndéanfaí an phleanáil cheart, go gcuirfí na beartais chuí i bhfeidhm agus go mbeadh seirbhísí Gaeilge ar fáil ar bhonn leanúnach sna spriocrannóga de réir mar a thiocfadh folúntais chun cinn nó dá mbeadh dualgais oibre na foirne ag athrú. I bhfianaise

thorthaí an tsuirbhé maidir le heolas agus tuiscint na rannpháirtithe ar an Acht agus ar Scéim OÉ Gaillimh, ba chóir tús a chur le feachtas poiblíochta maidir leis na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil faoin Acht agus faoin scéim in OÉ Gaillimh. Bheadh sé inmholta ceardlanna eolais agus oiliúna a réachtáil do mhic léinn agus d'fhoireann na hOllscoile araon i dtaca le cur chuige na tairisceana gníomhaí, seirbhísí Gaeilge eile agus campas eiseamláireach dátheangach OÉ Gaillimh. Chuideodh sé seo go mór le feiceálacht agus le láithreach na Gaeilge a bhisiú ar an gcampas. Is cur chuige é seo atá luaite go sonrach i scéim teanga Ollscoil Cardiff don fhoireann agus do na mic léinn ach go háirithe:

*The Head of the University's Welsh Language Services works closely with the Students Union to provide a session on language and cultural awareness within the orientation programme for new students to the University. This will be offered to students at the beginning of each academic session (Cardiff University, 2004: 13).*

Is léir gur easpa fógraíochta ar an scéim agus ar na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil is cúis leis an tuairimíocht nach bhfuil éileamh agus nach bhfuil fáil ar sheirbhísí Gaeilge in OÉ Gaillimh. Tá an tairiscint ghníomhach riachtanach má tá muinín phobal na Gaeilge in OÉ Gaillimh le cothú sna seirbhísí Gaeilge a ghealltar dóibh faoi scéimeanna teanga na hOllscoile agus faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

## 6.1 Focal Scoir

Is tréimhse an-chinniúnach í seo d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus do chóras na scéimeanna teanga. Táthar fós ag fanacht ar thorthaí an athbhreithnithe a fógraíodh ar an Acht in 2011 agus ní fios go fóill an gcónascfar Oifig an Choimisinéara Teanga le hOifig an Ombudsman. Sheol OÉ Gaillimh an dara scéim teanga go hoifigiúil ar an 16 Aibreán 2013. Tá na moltaí a d'eascair ón tsuirbhé seo agus ó obair an Aonaid Iniúchta mar chuid lárnach de bheartais an dara scéim teanga. Táthar ag súil gur ag forbairt agus ag treisiú a bheidh an tairiscint, an soláthar, an úsáid agus an t-éileamh ar na seirbhísí Gaeilge in OÉ Gaillimh le linn an dara scéim teanga (2012-2015).

## Leabharliosta

### Leabhair, Tuairiscí, Ailt

- Bhreachnach, A. (2010) *Blas ar an mbeagán?: Staidéar ar chreideamh teanga mhic léinn Ollscoil na hÉireann, Gaillimh 2009-2010*. Tráchtas MA neamhfhoilsithe, OÉ Gaillimh.
- Denscombe, M. (2010) *The Good Research Guide for Small-Scale Social Research Projects* (4ú heagrán). Maidenhead: Open University Press.
- Grin, F. (2003) *Language Policy Evaluation and the European Charter for Regional or Minority Languages*. Hampshire: Palgrave Macmillan.
- Leonach, C., Ó Giollagáin, C., agus Ó Curnáin, B. (eagarthóirí.) (2012) *An Chonair Chaoch: An Mionteangachas sa Dátheangachas*. Indreabhán: Leabhar Breac.
- McGinley, B. (2012) *Idé-eolaíochtaí agus Cleachtas Teanga na Mac Léinn i leith Seirbhísí Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*. Tráchtas MA neamhfhoilsithe, OÉ Gaillimh.
- NIDEOG i gcomhar le Foras na Gaeilge. (2007) *Lámhleabhar Oilúna do Chomhlachtaí Poiblí i dtaca le feidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Treoir Phraiticiúil chun cur le Scileanna agus Cumas na gComhlachtaí Poiblí*. Baile Átha Cliath
- Ó Catháin, L.S. (2007) 'Language, Law and Governance: An Irish Perspective' I: Williams, C.H., (eag). *Language and Governance*, Cardiff. University of Wales Press, 305.
- Ó Coisdealbha, C. (2011) *Tuairisc Faireacháin ar an séú bliain feidhme de Scéim Teanga Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*. Tuairisc neamhfhoilsithe. An Spidéal. Oifig an Choimisinéara Teanga.
- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. (2012) *Scéim Ollscoil na hÉireann, Gaillimh 2012-2015 faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*. Gaillimh: OÉ Gaillimh.
- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. (2009) *Plean Straitéiseach do OÉ Gaillimh 2009-2014*. Gaillimh: OÉ Gaillimh.

- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. (2008) *Tuairisc ar Oifig an Uachtaráin maidir le soláthar seirbhísí dátheangacha*. Tuairisc neamhfhoilsithe, OÉ Gaillimh.
- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. (2007) *REACT CCXCVI*. Gaillimh: OÉ Gaillimh.
- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. (2006) *Tuairisc ar Leabharlann Shéamuis Uí Argadáin maidir le soláthar seirbhísí dátheangacha*. Tuairisc neamhfhoilsithe, OÉ Gaillimh.
- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. (2005) *Scéim Ollscoil na hÉireann, Gaillimh 2005-2008 faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*. Gaillimh: OÉ Gaillimh.
- Ó hIfeárnáin, T. (2006) 'Beartas Teanga'. Ó Cearúil, M., (eag). *An Aimsir Óg*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1-28.
- Rigg, C., Ó Laoire, M., & Georgiou, V. (2010) *Léargas ar Phróisis an Bheartais: An tAcht Teanga Oifigiúil (2003)*. Tuarascáil Taighde. Trá Lí: Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí.
- Walsh, J. (2013) *Language Legislation and Language Ideology in Ireland: a case-study*. Le foilsíú.
- Walsh, J. (2013) 'Pushing an open door? Aspects of language policy at an Irish university'. Vihman, V.-A. and Praakli, K. (eagarthóirí.) *Language and Identity in a European Context*. Bern: Peter Lang.
- Walsh, J., & McLeod, W. (2011) 'The implementation of language legislation in Dublin and Glasgow'. Kirk, J. M. & Ó Baoill, D. P. (eagarthóirí.), *Sustaining Minority Language Development: Northern Ireland, the Republic of Ireland, and Scotland*. Belfast: Cló Ollscoil na Banríona, 156-75.
- Walsh, J. (2011) 'Fál ar an nGort tar éis na Foghla? Athneartú na Gaeilge agus Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003'. *Bliainiris*, 10, 88-130.
- Walsh, J. & McLeod, W. (2008) 'An overcoat wrapped around an invisible man? Language legislation and language revitalisation in Ireland and Scotland'. *Language Policy*, 7 (1), 21-46.

### Foinsí Leictreonacha

- Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, 2013. *An tSeirbhís Aistriúcháin*. Ar fáil ar líne ag: [http://www.acadamh.ie/seirbhisi\\_ar\\_line/seirbhisi\\_aistriuchain.html](http://www.acadamh.ie/seirbhisi_ar_line/seirbhisi_aistriuchain.html) (léite: 19 Márta 2013).
- An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, 2004. *Treoirlínte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*. Ar fáil ar líne ag: <http://www.ahg.gov.ie/ie/AnGhaeilge/AchtnadTeangachaOifigiula2003/TreoirlintefaoiAlt12dAchtnadTeangachaOifigiula2003/Guidelines.pdf> (léite: 12 Márta 2013).
- Cardiff University, 2004. *Welsh Language Scheme*. Cardiff: Cardiff University. Ar fáil ar líne ag: <http://www.cardiff.ac.uk/welshlanguageservice/> (léite: 20 Aibreán 2013).
- Ó Broin, C. (2012) 'Beag Costas leis an Acht Teanga de réir na saineolaithe'. *Gaelscéal*, 18 Eanáir, 7. Ar fáil ar líne ag: <http://edition.pagesuite-professional.co.uk/launch.aspx?eid=68006a34-081f-4b27-870c-d3f510c0e20d&skip=true> (léite: 19 Márta 2013).
- Ó Cuirreáin, S. (Márta 2012) *Tuarascáil Bhliantúil 2012*. An Spidéal. Oifig an Choimisinéara Teanga. Ar fáil ar líne ag: [http://www.coimisineir.ie/downloads/Tuarascail\\_Bhliantuil\\_2012\\_teasc\\_amhain.pdf](http://www.coimisineir.ie/downloads/Tuarascail_Bhliantuil_2012_teasc_amhain.pdf) (léite: 13 Márta 2013).
- Ó Cuirreáin, S. (2006) 'Ag Cosaint Cearta Teanga'. *Léacht Bhord na Gaeilge 2006/7 OÉ Gaillimh*. Ar fáil ar líne ag: [http://www.coimisineir.ie/downloads/Leacht\\_%20Bhord\\_%20na\\_Gaeilge\\_%202006-7.pdf](http://www.coimisineir.ie/downloads/Leacht_%20Bhord_%20na_Gaeilge_%202006-7.pdf) (léite: 20 Aibreán).
- Ó Giollagáin, C. (2012) 'Ceartha teanga, pobal mionteanga agus polasaí an Stáit'. *The Irish Times*, 15 Feabhra, 46. Ar fáil ar líne ag: <http://irishtimes.newspaperdirect.com/epaper/viewer.aspx> (léite: 18 Aibreán 2013).
- Williams, C., & Davies Talfan, G. (2006) 'Devolution in Wales: Taking Stock, Moving Forward' *Comhdháil WGC, 7-8 Iúil 2006*. Ar fáil ar líne ag: [www.cardiff.ac.uk/europ/resources/WGC/Language,%20Arts,%20Culture%20and%20the%20Devolved%20Institutions.pdf](http://www.cardiff.ac.uk/europ/resources/WGC/Language,%20Arts,%20Culture%20and%20the%20Devolved%20Institutions.pdf) (léite: 11 Márta 2013).

## Reachtaíocht

- Rialtas na hÉireann. (1929) Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe. (Uimh 35 de 1929). Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ar líne ag: <http://achts2.oireachtas.ie/ga.act.1929.0035.1.html> (léite 11 Márta 2013).
- Rialtas na hÉireann. (2003) Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. (Uimh 32 de 2003). Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ar líne ag: <http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/2003/a3203.pdf> (léite 13 Márta 2003).
- Rialtas na hÉireann. (2006) Acht an Choláiste Ollscoile, Gaillimh (Leasú). (Uimh 1 de 2006). Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ar líne ag: <http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/2006/a106i.pdf> (léite 19 Aibreán 2013).
- Rialtas na hÉireann Acht. (1997) Acht na nOllscoileanna. (Uimh. 24 de 1997). Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ar líne ag: <http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/1997/a2497i.pdf> (léite 13 Márta 2013).
- Treasury Board of Canada/ Secrétariat du Conseil du Trésor de Canada. (2001) Official Language Act: Annotated Version. Ceanada: Treasury Board of Canada/ Secrétariat du Conseil du Trésor de Canada. Ar fáil ar líne ag: [http://www.tbs-sct.gc.ca/pubs\\_pol/hrpubs/tb\\_a3/olaannot-eng.asp](http://www.tbs-sct.gc.ca/pubs_pol/hrpubs/tb_a3/olaannot-eng.asp) (léite: 20 Aibreán 2013).



# **Straitéisí Léamhthuisceana chun Cur le Scileanna Smaointeoireachta Foghlaimeoirí Óga**

*Le Cáit Ní Shiúrtáin*

## **Réamhrá**

Toisc go bhfuil léitheoireacht na Gaeilge agus an léamhthuisceant á múineadh ag údar an ailt seo le roinnt mhaith blianta, bhíothas ag iarraidh iniúchadh a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann leis an léamhthuisceant ó thaobh scileanna smaointeoireachta an fhoghlaimeora de. Rinneadh taighde le rang na naíonán sinsearach i mbunscoil lán-Ghaeilge, féachaint an dtiocfadh feabhas ar scileanna smaointeoireachta na bhfoghlaimeoirí agus iad ag úsáid straitéisí léamhthuisceana. Úsáideadh gníomhthaighde cáilíochtúil eitneagrafaíoch ina léiríonn ráitis na bhfoghlaimeoirí féin an dóigh a ndeachaigh siad i ngleic leis na straitéisí léamhthuisceana agus leis na scileanna smaointeoireachta dá bharr.

## **Cúlra an Taighde**

I láthair na huair, is minic a labhraíonn múinteoirí agus scoláirí faoi scileanna smaointeoireachta a fhorbairt agus a mhúscailt i bpáistí bunscoile, agus faoin tábhacht a bhaineann leis na scileanna seo. Moltar scileanna smaointeoireachta a mhúineadh do pháistí bunscoile chun iad a ullmhú don mheánscoil, don ollscoil go háirithe agus do shaol na hoibre amach anseo. Dhá rud a spreag an t-údar le

tabhairt faoin taighde seo ar scileanna smaointeoireachta: taithí phearsanta sa seomra ranga agus an tionscnamh ‘Building Bridges of Understanding’, rud a bheidh á phlé ar ball.

Bíonn an-tionchar ag *Mosaic of Thought* (Keene & Zimmermann 2007) ar mhúinteoirí agus iad ag plé le scileanna léitheoireachta; molann údair an tsaothair sin straitéisí chun an léamhthuisct a mhúineadh do dhaltaí. Dar le Keene agus Zimmermann go bhfuil cumas faoi leith ag an duine: is é sin gur féidir leis an duine machnamh a dhéanamh ar a smaointeoireacht féin (2007: 72). Dar leo ‘Effective reading instruction begins with a *teacher who understands the cognitive processes used by proficient readers*’ (2007: 293). Mar sin, is féidir leis an múinteoir na foghlaimeoirí a stiúradh le cinntiú gur léitheoirí maithe atá á gcothú. Molann na húdair go mbeadh straitéisí sainiúla i bhfeidhm ag an múinteoir scoile, chun léiriú do na daltaí na slite éagsúla ar féidir leo a bheith ag smaoineamh faoi na scéalta (2007: 8). Léirítear in *Mosaic of Thought* nach raibh na daltaí ag smaoineamh faoi na scéalta in aon chor – seo an rud a bhí in easnamh sna ceachtanna leis na hardranganna.

Ní raibh scileanna smaointeoireachta in úsáid ag na foghlaimeoirí. Níor smaoinigh siad mórán faoina a bhféadfadh titim amach. Níor ceistíodh na foghlaimeoirí faoin gceangal a d’fhéadfadh a bheith sa scéal le scéal eile nó lena saol féin. Is annamh a chuir na foghlaimeoirí ceisteanna orthu féin faoin scéal, agus is annamh a iarradh ar na foghlaimeoirí tomhas a dhéanamh faoin scéal. Níor luaigh aon fhoghlaimeoir go raibh íomhá á cruthú ina shamhlaíocht agus níor lorgaíodh íomhánna uathu. Mar chuid den taighde don togra seo, rinneadh iarracht cuid de na straitéisí léamhthuisceana a sholáthar do na foghlaimeoirí, le deis a thabhairt dóibh machnamh a dhéanamh ar na húrscéalta agus a gcuid scileanna smaointeoireachta a fhorbairt.

### ***‘Building Bridges of Understanding’***

I mí Lúnasa 2008, tháinig deichniúr múinteoirí ó Chúige Mumhan le chéile chun taighde a dhéanamh ar straitéisí léamhthuisceana, an t-údar seo ina measc. ‘Building Bridges of Understanding: Theory and Actual Classroom Practices in Multiple Comprehension Strategy Instruction’ ab ainm don tionscnamh taighde. An Dr Ann Courtney ó Ollscoil Hartford, Connecticut, agus an Dr Martin Gleeson, ó Choláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach, a stiúir an tionscnamh. Mar chuid den taighde mhúin na múinteoirí ar fad ocht straitéisí i rith na scoilbhliana 2008-09: déanamh tomhais, ceistiú, déanamh ceangail, déanamh pictiúrlainne



sa cheann, déanamh infeirís, roghnú pointí tábhachtacha, déanamh sintéise, agus soiléiriú. Bhailigh na múinteoirí torthaí an taighde ó cheistneoirí faoin léitheoireacht a d'fhreagair na foghlaimeoirí óga, agus ó bhreathnóireacht na múinteoirí féin. Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar na torthaí seo, léirigh na stiúrthóirí gur chuir ceachtanna bunaithe ar na straitéisí seo go mór le léamhthuisct na bhfoghlaimeoirí.

## Cuspóirí

Dar le Eggen agus Kauchak (2006: 15), *'A repertoire of effective teaching strategies is essential for teachers to promote deep understanding. Teachers must be able to select and use strategies that are most effective for different learning objectives'*. Teastaíonn ó mhúinteoirí, mar sin, scileanna smaointeoireachta a mhúineadh agus iad ag úsáid straitéisí léamhthuisceana leis na daltaí. Ar ndóigh, tá an-chuid taighde déanta ar straitéisí léamhthuisceana i measc léitheoirí óga, sna Stáit Aontaithe go háirithe. Tá roinnt mhaith scríofa ar scileanna smaointeoireachta an dalta agus an dóigh ar cheart don mhúinteoir, don scoil agus don churaclam na scileanna seo a fhorbairt agus a fheabhsú. Ach an rud a raibh iniúchadh á dhéanamh air sa staidéar seo, ná conas a chabhraíonn múineadh na straitéisí léamhthuisceana le forbairt na scileanna smaointeoireachta i suíomh sainiúil, timpeallacht foghlama ina bhfuil na daltaí ag sealbhú an dara teanga.

Socraíodh ar thrí phríomhstraitéis a mhúineadh do na foghlaimeoirí; déanamh tomhais, déanamh ceangail, agus ceistiú. Tá straitéisí eile ann, mar a luadh cheana, agus d'fhéadfaí iad a chlúdach ag brath ar an méid ama a bheadh á chaitheamh ar na trí phríomhstraitéis.

Deir Bowe et al (2010: 76) go dtugann na straitéisí léamhthuisceana cumhacht faoi leith do na foghlaimeoirí maidir lena gcuid léitheoireachta agus lena gcuid léamhthuisceana féin. Tar éis don mhúinteoir na straitéisí a mhúineadh go cuimsitheach, togann sé céim siar chun go mbeidh an fhreagracht iomlán ar an bhfoghlaimeoir ó thaobh a chuid léitheoireachta agus a chuid léamhthuisceana féin. Labhraíonn Keene agus Zimmermann (2007: 11) chomh maith faoin 'gradual release of responsibility from teacher to student' atá mar chuid den obair ar straitéisí léamhthuisceana. Ag an tús, labhraíonn an múinteoir leis na foghlaimeoirí mar ghrúpa agus labhraíonn na foghlaimeoirí le chéile i ngrúpa mór amháin. Ansin, scartar na foghlaimeoirí ina ngrúpaí beaga chun plé a dhéanamh

ar an smaointeoireacht agus ar an machnamh a bhíonn ar siúl acu. Diaidh ar ndiaidh, tosaíonn an foghlaimeoir ag smaoinreamh faoina smaointeoireacht ar bhonn aonarach.

Maíonn Harris agus Hodges in *The Literacy Dictionary* (1995: 95), gurb ionann an smaoinreamh agus an léamhthuiscint; an smaoinreamh dírithe atá i gceist ag na húdair. Nuair a smaoiníonn an léitheoir faoi rud faoi leith a léitear sa téacs, cuireann sé seo leis an tuiscint a bhíonn ag an léitheoir ansin. Is é an caidreamh idir na léitheoirí agus an téacs a chruthaíonn brí an téacs, agus tagann na léitheoirí ar thuiscint ar an téacs agus iad á leamh. Is féidir le straitéisí áirithe an caidreamh seo a fhorbairt; de réir mar a mhéadaíonn an tuiscint atá ag an léitheoir, cruthaítear brí an téacs.

Socraíodh ar cheachtanna a dhearadh a thabharfadh deiseanna do na foghlaimeoirí a gcuid scileanna smaointeoireachta a fhorbairt agus a chur chun cinn. Theastaigh, mar sin, múnlóireacht a dhéanamh ar roinnt de na straitéisí a bhí in úsáid. Ghlac an t-údar seo ról an mhúinteora uirthi féin: 'múinteoir-i-ról'. Mar chuid den ról seo, bhí ar intinn ag an taighdeoir a bheith ag rá na smaointe a bhí acu os ard. Léirigh sé seo do na foghlaimeoirí go bhféadfaidís a bheith ag smaoinreamh faoin méid a bhí á léamh acu, go bhféadfaidís tomhas a dhéanamh faoin gcéad eachtra eile sa scéal, go bhféadfaidís ceangal a dhéanamh idir an scéal a bhí á léamh acu agus scéal eile, nó idir an scéal agus a saol féin, go bhféadfaidís ceisteanna a chur i rith an scéil chun iad féin agus a gcomhfhoghlaimeoirí a chur ag smaoinreamh, go bhféadfaidís a samhlaíocht a úsáid níos minice. Ar an dóigh sin, múineadh na straitéisí agus iad á gcleachtadh i suíomh nádúrtha réalaióch, agus tugadh spreagadh do na daltaí na straitéisí éagsúla a úsáid iad féin.

Tá dúshlán sa bhreis ag baint le straitéisí léamhthuisciana mar seo a mhúineadh do pháistí óga le scileanna teoranta teanga, go háirithe i gcomhthéacs an tumoideachais. Tagann na foghlaimeoirí ar scoil agus iad ceithre nó cúig bliana d'aois le Béarla líofa, ach gan aon Ghaeilge labhartha acu. Nuair atá tús curtha leis an nGaeilge labhartha, tosaíonn siad ag léamh agus ag scríobh sa Ghaeilge.

Cionn is go bhfuil na naíonáin fós ag céim luath i bpróiseas na fornartha cognaíche deir Courtney agus Abodeeb-Gentile (2009: 99) go bhfuil géarghá le léitheoireacht os ard agus le smaointe a chur in iúl os ard ag an aois seo. Ba chóir don mhúinteoir an scéal a léamh os ard agus gach rud a thagann isteach ina cheann faoin scéal a rá os ard freisin. Mar sin cuireann an múinteoir an próiseas cognaíoch ag obair go héifeachtach os comhair na bhfoghlaimeoirí. Is féidir monatóireacht a dhéanamh ar léitheoireacht na ndaltaí ansin, le fáil amach faoi na struchtúir agus faoin teanga atá in úsáid acu, agus faoina dtuiscint ar fhocail nua.

D'fhéadfadh fadbhanna a bheith ag foghlaimeoirí atá níos laige ó thaobh a bheith ag machnamh faoina smaointeoireacht féin, go háirithe sa suíomh seo ina bhfuil an Ghaeilge mar dhara teanga acu. Mar a deir Cowley (2004: 56), 'for some (perhaps many) of our students, asking them to think without giving them a structure within which to work will simply result in a lack of quality thought'. Ach d'fhéadfadh an múinteoir níos mó scafalra a thabhairt do na daltaí seo. Bhí sé mar aidhm ag an togra seo an téarmaíocht chuí a mhúineadh do na foghlaimeoirí i dtús báire, chun gurbh fhéidir leo tomhas a dhéanamh nó ceangal a dhéanamh nó ceist a chur. Mura mbeadh an teanga chuí ag na foghlaimeoirí, seans go mbeadh sé ródheacair agus ró-mhíchompordach acu labhairt os comhair a gcomhfhoghlaimeoirí agus a múinteora faoinar cheap siad faoin scéal a bhí á léamh acu. Tá teanga faoi leith a bhaineann le bheith ag déanamh tomhais; mar shampla, chun a chur in iúl go gceapann tú go dtarlóidh rud éigin: 'Ceapaim go mbeidh ...', 'B'fhéidir go mbeadh ...'

Baineann roinnt mhaith buntáistí le bheith ag múnlóireacht ar an dóigh seo. Cruthaíonn an múinteoir timpeallacht spreagúil ina mbíonn fonn ar fhoghlaimeoirí a gcuid dtuairimí a chur in iúl. Taispeánann an múinteoir cad a bhíonn le déanamh nuair a thagann siad ar dheacrachtaí. Mar shampla, ligeann an múinteoir air in áiteanna áirithe nach dtuigeann sé píosa faoi leith. Féachann sé ar na pictiúir agus déanann sé ceangail agus tagann sé ar thuiscint níos doimhne ansin. Taispeánann sé seo do na foghlaimeoirí gur féidir leo déileáil le deacrachtaí má thagann siad orthu.

## An Cur Chuige

An chéad chéim sa taighde ná na straitéisí a chur i láthair na ndaltaí diaidh ar ndiaidh, chun go mbeadh tuiscint acu ar gach ceann. Caitheadh ar a laghad leathuair an chloig nó daichead nóiméad ag múineadh straitéis faoi leith gach lá. Oibríodh ar gach straitéis go dtí go rabhthas cinnte go raibh siad sealbhaithe go maith ag an rang (de ghnáth tar éis dhá nó trí seachtaine). Cuireadh na foghlaimeoirí ina suí ina ngrúpa ar an urlár agus shuigh an taighdeoir leo sa dóigh is go raibh an pictiúrleabhar le feiceáil ag gach aon duine. Tosaíodh ag léiriú dóibh go bhféadfaí tomhas a dhéanamh ó na pictiúir ar an gclúdach, mar shampla. Leanadh ag déanamh tomhais go dtí gur thosaigh siadsan ag déanamh tomhais as a stuaim féin. Stopadh ar gach leathanach chun plé a dhéanamh, agus más rud é go raibh plé le déanamh ag foghlaimeoir áirithe, cuireadh deireadh leis an léamh i lár leathanaigh. Is minic a bheadh scéal le críochnú an lár dár gcionn.

Ag deireadh an scéil, rinneadh dul siar ar na tomhais a rinneadh ag tús an scéil agus i rith na hinste. Féachadh orthu siúd a bhí cruinn agus orthu siúd nach raibh cruinn. Rinneadh an rud céanna leis na ceisteanna – ag féachaint siar ar na cinn a bhíothas in ann a fhreagairt agus ar na cinn nárbh fhéidir a fhreagairt fós.

Chuaigh na foghlaimeoirí i dtaithí ar a bheith ag rá go raibh tomhas nó ceangal nó ceist acu. Rinne siad comhartha láimhe faoi leith a bhain leis an straitéis, ‘tomhas’, ‘ceangal’ nó ‘ceist’, agus ansin dúirt siad cad a bhí acu le roinnt: ‘tá tomhas agam’ nó ‘tá ceangal agam’ nó ‘tá ceist agam’. Choimeád na comharthaí láimhe an fhoghlaim gníomhach do na foghlaimeoirí óga seo, choimeád siad aird na bhfoghlaimeoirí ar chaint a chéile agus thug siad spreagadh dóibh páirt a ghlacadh sna comhráite.

## Torthaí an Taighde

Cinneadh go dtiocfadh na torthaí b’fhiúntaí ón taighde cáilíochtúil. I gcaint na bpáistí a bhí an machnamh le tabhairt faoi deara; léirigh na comhráite go raibh na scileanna smaointeoireachta sealbhaithe acu agus in úsáid acu. Léiríonn na giotaí cainte thíos na tomhais, na ceangail agus na ceisteanna a bhí ag na foghlaimeoirí. Léiríonn na ráitis go bhfuil roinnt scileanna smaointeoireachta eile in úsáid acu chomh maith: réiteach fadhbanna, cruthú tuairime, smaoinemh go cruthaitheach, measúnú tuairimí agus próiseáil eolais.

Tá na comhráite thíos bunaithe ar an scéal *Micí Meabhreach* le Simon James agus é aistrithe ag Uinsíonn Ó Domhnaill, pictiúrleabhar deas do naíonáin a roghnaíodh le léamh leis an rang. Ba léir ón ábhar agus ón réimse leathan pictiúr go mbeadh raidhse deiseanna ann le bheith ag déanamh tomhais, ag déanamh ceangail agus ag ceistiú. Is scéal é faoi bháibín fíorchliste; tá níos mó ar eolas aige ná mar atá ag a mhúinteoir. Labhair a mháthair leis lena spreagadh agus í ag iompar, agus nuair a rugadh é, bhí sé in ann caint, léamh agus siúl. Freastalaíonn sé ar an ollscoil, oibríonn sé mar dhochtúir agus téann sé go dtí an spás le muintir an ionaid spástaistil.

## Déanamh tomhais

Seo iad tomhais na bhfoghlaimoírí ó bheith ag féachaint ar an gclúdach agus ó bheith ag léamh an scéil:

Gráinne: Ceapaim tá an báibín sa spás.

Clár: Ceapaim go bhfuil sé baby astronaut.

Cóilín: Ceapaim go bhfuil sé chun walking on the moon.

Deir McKenna agus Stahl (2009: 187) go mbíonn an léitheoir ag lorg eolais a bhíonn aige cheana faoin ábhar, chun go mbeidh sé in ann infheireas a dhéanamh agus teacht ar thomhas. Bíonn ar an léitheoir machnamh pearsanta a dhéanamh ag an bpointe seo. Sna ráitis a leanas, bhí ar na léitheoirí measúnú a dhéanamh ar shuíomh an scéil chomh maith chun tomhas cineál cruinn a dhéanamh.

Eilís: Tá tomhas agam. Ceapaim go mbeidh an báibín ag gol a lán uair.

Séamas: Tá tomhas agam. Ceapaim go bhfuil Micí eaglach sa spás.

Lorcán: Sea, ba mhaith leis a mamaí. Níl sé ag caint leis na astronauts.

Caitríona: Tá tomhas agam. Ceapaim beidh sé like a normal báibín arís cause he's lonely when he's in space and a dochtúir and not with his mamaí agus daidí. (Tuigeann an foghlaimoír seo gur minic a bhíonn mam agus daid ag teastáil ó bháibín.)

Seosamh: Tá tomhas agam. Ceapaim tá sé chun a bheith ar an teilifís mar tá daoine leis na cameras. (Tá an páiste seo ag úsáid an eolais atá aige cheana féin faoi dhaoine le ceamaraí agus iad ag taifeadadh chun tomhas a dhéanamh.)

Is léir go raibh na foghlaimoírí in ann tomhais chuí chruinne a dhéanamh bunaithe ar an scéal a bhí á léamh acu. Bhí siad in ann díriú ar an bpicéir chun tomhas a dhéanamh, agus d'éirigh leo na tomhais a athrú de réir mar a bhí an scéal ag leanúint ar aghaidh. Nuair a cuireadh eolas nua os comhair na léitheoirí, d'éirigh leo athbhreithniú a dhéanamh ar na tomhais de réir mar ba ghá é sin a dhéanamh. Bíonn teanga chuí ag teastáil chun tomhas a dhéanamh. Bhí na foghlaimoírí in ann an teanga seo a shealbhú agus í a úsáid go minic. Mar shampla, 'tá tomhas agam', 'ceapaim go mbeidh...', 'b'fhéidir go mbeadh...'

Nuair a bhí foghlaimeoirí i mbun tomhais, bhí siad ag baint úsáide as cuid de na scileanna smaointeoireachta a bhí acu cheana féin, i ngan fhios dóibh. Bhí siad in ann machnamh pearsanta a dhéanamh; smaoinigh siad ar an eolas a bhí acu ar an ábhar agus bhí siad in ann tomhas cruinn a dhéanamh agus an t-eolas sin curtha san áireamh. Rinneadh a lán tomhas éagsúil agus bhí ar na foghlaimeoirí cinneadh a dhéanamh faoin gceann is mó a d'fhéadfadh tarlú. Is minic a bhíodh fadhb ag an gcarachtar sa scéal agus mar chuid de na tomhais, bhíodh fadhb le réiteach ag na foghlaimeoirí. Ar ndóigh, bhí ar na foghlaimeoirí a bheith cruthaitheach agus iad ag déanamh tomhas. Bhí orthu an t-eolas ón scéal a bhainistiú agus a phróiseáil le bheith in ann cinneadh a dhéanamh faoin saghas tomhais a bheadh oiriúnach.

## Déanamh ceangail

Clár: I remember nuair a bhí mo sister i mo mhamaí's bolg.

Seán: Dúirt mo mhamaí don't be shouting nuair a bhí an báibín in her bolg.

Brian: Tá ceangailt agam. Bíonn mo little sister ag gol i gcónaí.

Dáithí: Sea, mo cheann freisin.

Orlaith: Tá ceangailt agam. Tá cliabhán againn sa bhaile freisin for mo dheartháir.

Áine: Tá ceangailt agam. Bíonn mo mhamaí agus daidí ag léamh an pháipéir freisin.

Tá na foghlaimeoirí ag déanamh ceangail anseo lena saol féin. Cabhraíonn gnéithe áirithe dá saol féin leo tuiscint níos doimhne a fháil ar an scéal. Deir Keene agus Zimmermann (2007: 84) gur fearr a éiríonn le foghlaimeoirí scéal a thuiscint má smaoiníonn siad roimh ré ar na fíricí a bhíonn acu, bunaithe ar an ábhar. Nuair a dhéanann na foghlaimeoirí machnamh ar na nithe a bhí ar eolas acu cheana féin ar an ábhar céanna, cabhraíonn an machnamh seo leo teacht ar thuiscint níos doimhne ar an scéal. Mar shampla:

(Ag féachaint ar dhaidí ag deisiú an chairr.)

Seosamh: Tá ceangailt agam. Lá amháin chonaic mé an píosa sin of my daidí's carr when it was briste.

Lorcán: It's an engine. It opens up like the boot.

(Mhínigh mé dóibh go bhfuil an ollscoil cosúil leis an gcoláiste.)

Eilís: Tá ceangailt agam. Téann mo babysitter go dtí an coláiste gach lá.  
Téann tú after secondary school.

(Micí san fholcadán.)

Séamas: Tá ceangailt agam. Chabhraigh mé le mo mhamaí before nuair a bhí mo baby sister ag faigint bath. You have to be cúramach that the water doesn't go in their mouth.

Ceanglaíonn an foghlaimeoir an t-eolas atá aige faoi bháibíní i gcoitinne le Micí mar bháibín.

Daithí: Tá ceangailt agam. Tá teidí ag Micí agus tá teidí ag gach báibín.

Féachann na foghlaimeoirí seo ar an domhan mór agus déanann siad ceangail leis an scéal.

Orlaith: Tá ceangailt agam. Tá mo dhochtúir cosúil le Micí. Tá cóta bán agus steiteascóip aige.

Seosamh: Tá ceangailt agam. Tá toy space station agam sa bhaile.

Seán: Cé a bhí driving an space shuttle?

Seosamh: Tá sé rocéid.

Seán: Conas go bhfuil fhios agat?

Seosamh: Mar tá sé sa phictiúr eile; féach.

Caitríona: Tá ceangailt agam. Chonaic mé a lán réaltaí before in san spéir in san oíche.

Bhí roinnt mhaith de na foghlaimeoirí in ann ceangail a dhéanamh mar chuid de na straitéisí léamhthuisceana; chruthaigh siad ceangail a chuir go mór lena dtuiscint den chuid is mó. Rinne na foghlaimeoirí trí shaghas ceangail. Rinne siad ceangail idir an scéal agus a saol féin. Sa chás seo, d'éirigh leis na foghlaimeoirí tuiscint ní ba leithne a bhaint amach agus ceangal pearsanta acu leis an scéal. Rinne na foghlaimeoirí ceangail idir an téacs agus an saol mór taobh amuigh den téacs. Rinne siad ceangail idir an scéal a bhí á léamh agus scéalta eile a léadh cheana féin. Chuir sé sin lena dtuiscint de bhrí gur cuireadh leis an eolas ón gcéad scéal. I gcásanna áirithe, chonacthas go soiléir gur chuir leabhair eile faoi ábhar den chineál céanna lena dtuiscint. Rinne siad comparáid idir na carachtair nó

na téamaí, mar shampla, chun cinneadh a dhéanamh faoin scéal a bhí á léamh acu. Dar le Goudvis agus Harvey (2007: 101), ‘Text-to-self, text-to-text, and text-to-world connections are content-based connections’. Is léir gur éirigh leis na foghlaimeoirí dul i ngleic leis na ceangail uile seo agus go ndearnadh ceangail ábharbhunaithe den chuid is mó.

## Ceistiú

Cuirtear le scileanna smaointeoireachta na bhfoghlaimeoirí nuair a bhíonn siad ag smaoineamh ar cheisteanna. Tar éis tamaill, cuireann na foghlaimeoirí roinnt mhaith ceisteanna as a stuaim féin. Taispeánann na ceisteanna thíos go raibh an-mhachnamh á dhéanamh ag na foghlaimeoirí i rith an scéil.

Eilís: Conas go bhfuil fhios aige faoi gach rud?

Orlaith: Mar bhí a mamaí ag rá leis before he was born.

Séamas: So nuair a bhí sé born he knew gach rud.

Cóilín: Ach tá sé fós cosúil le normal báibín mar tá nappy air.

Cuireadh ceisteanna oscailte i rith an scéil. Níor fhreagair aon duine iad; ar ndóigh, ní raibh freagraí ag teastáil ach chuir siad gach duine ag smaoineamh níos doimhne arís.

Orlaith: Tá ceist agam. Cán fáth go bhfuil báibín sa spás?

Eilís: Tá ceist agam. Cén fáth go bhfuil báibín astronaut?

Cóilín: Tá ceist agam. Conas go bhfuil fhios aige faoi gach rud?

Séamas: Tá sé an-mhaith at his obair, an-chliste.

Lorcán: Bhí Micí ag múineadh an múinteoir.

Gráinne: Tá ceist agam. Cén fáth go bhfuil sé ag gol anois?

Eilís: Mar tá na daoine saying tá sé báibín b’fhéidir.

Seo sampla de cheist nach raibh duine ar bith in ann freagra a thabhairt uirthi, ach chuir sí na foghlaimeoirí ag machnamh!

Máire: Cén fáth nach raibh fhios ag an múinteoir faoi na rudaí a dúirt Micí?



Tá ceist oscailte thíos a chuir na foghlaimeoirí ag machnamh agus ag tabhairt roinnt mhaith freagraí. Tá na foghlaimeoirí óga cleachtaithe le bheith ag lorg ceada chun rudaí a dhéanamh ach is minic a dhiúltaítear dóibh i ngeall ar a n-aois.

Clár: Tá ceist agam. Cén fáth did his mamaí let him dul go dtí an spás nuair a bhí sé báibín?

(Ag déanamh obráide mar dhochtúir)

Cóilín: Tá ceist agam. Conas a bhí sé ábalta reach go dtí an duine mar tá sé chomh beag?

Molann Goudvis agus Harvey (2007: 109), gur cheart d'fhoghlaimeoirí ceisteanna a chur i rith na léitheoireachta, gur cheart dóibh deimhniú a fháil ar bhrí na bhfocal agus freagraí a lorg agus gur cheart dóibh líon na gceisteanna oscailte gan freagraí cearta a mhéadú. 'Divergent thinking' (2007: 124) atá i gceist agus iad ag cur na gceisteanna oscailte seo.

Fad is a bhí na foghlaimeoirí ag cur ceisteanna, tháinig forbairt ar a gcuid scileanna smaointeoireachta. Chuir na ceisteanna leis an gcumas a bhí iontu eolas a bhainistiú, a phróiseáil agus ansin ceist a chur faoin eolas sin. Bhí ar na foghlaimeoirí cumarsáid éifeachtach a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí chun go dtuigfidís an saghas ceiste a bhí á cur. Bhí orthu a bheith cruthaitheach go minic agus ceist shuimiúil, oscailte a chrúthú a chuirfeadh gach aon duine ag machnamh go géar.

## Plé

Is léir ar na ráitis seo go bhfuil forbairt de chineál éigin ag teacht ar chumas labhartha Gaeilge na bhfoghlaimeoirí agus go bhfuil feabhas ag teacht ar a gcuid Gaeilge. Labhraíonn Hickey (2009: 2) faoi na difríochtaí idir foghlaimeoirí i scoileanna éagsúla, scoileanna lán-Bhearla, scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta, agus na haoiseanna ab fhearr dóibh tosú leis an léitheoireacht sa dara teanga. Tá na foghlaimeoirí seo ag tús phróiseas an tumoideachais – an idirtheanga. Diaidh ar ndiaidh, cuirfear leis an teanga atá acu. Foghlaimíonn daltaí na gaelscoile an Ghaeilge go neamhghoirimiúil den chuid is mó. Ciallaíonn sé sin go lorgaíonn múinteoirí na gaelscoile deiseanna labhartha agus deiseanna teanga do na daltaí. Leis na straitéisí léamhthuisceana, tugtar deis labhartha

do na daltaí, deis chun an dara teanga a labhairt fad is a chleachtar na straitéisí léamhthuisceana chomh maith. Mar a deir de Bono (1982: 13), ‘I do not suppose there is an education system in the world which does not claim that one of the prime purposes of education is “to teach students how to think”’. Ach an cheist a bhí le freagairt i ndiaidh an taighde ná an dtagann forbairt shuntasach ar scileanna smaointeoireachta na bhfoghlaimoírí tar éis straitéisí léamhthuisceana a chleachtadh leo?

Tá roinnt mhaith conclúidí ag teacht ón taighde seo. Glacadh leis i gcónaí go raibh fíorthábhacht ag baint le múineadh na scileanna smaointeoireachta, nó dar le Perkins (1992: 8), ‘Learning is a consequence of thinking.’ Tá sé de dhualgas ar mhúinteoirí ceachtanna a chur ar fáil do na foghlaimoírí ina mbeidh siad ag smaoiniú agus ag machnamh, agus lena gcuid scileanna smaointeoireachta a neartú. Mar a thug Eggen agus Kauchak (2006: 76) faoi deara, ‘Expert teachers go beyond essential teaching strategies to promote deep understanding of the topics they teach, together with thinking. Much instruction in our schools focuses on knowledge and recall, and the ability of our students to think is a matter of ongoing concern.’

Tiocfaidh forbairt ar scileanna smaointeoireachta na bhfoghlaimoírí agus ar úsáid na straitéisí léamhthuisceana má chuirtear i bhfeidhm na straitéisí atá á bplé san alt seo. Ach ar ndóigh, ba ghá roinnt mhaith ama a chaitheamh ag cleachtadh na straitéisí léamhthuisceana chun forbairt fhíorshuntasach a thabhairt faoi deara. Mar sin féin, tháinig forbairt ar scileanna smaointeoireachta roinnt mhaith de na foghlaimoírí sa tionscnamh seo.

## Conclúid

An cuspóir a bhí ann ag tús an taighde ná scileanna smaointeoireachta a fhorbairt agus na foghlaimoírí ag cleachtadh straitéisí léamhthuisceana. Léiríonn an taighde, ar an iomlán, gur féidir scileanna smaointeoireachta a fhorbairt i measc na bhfoghlaimoírí. Bíonn scileanna áirithe acu cheana féin, ach éiríonn leis na straitéisí léamhthuisceana cuid acu a tharraingt amach agus iad a chur i bhfeidhm. D’fhéadfaí i bhfad níos mó oibre a dhéanamh ar na straitéisí léamhthuisceana chun na scileanna smaointeoireachta a fhorbairt níos fearr ar fud na hÉireann.

I measc na scileanna ar féidir forbairt a dhéanamh orthu, tá bainistiú agus próiseáil eolais; machnamh pearsanta; réiteach fadhbanna; cinneadh a dhéanamh; a bheith cruthaitheach; a bheith ag déanamh cumarsáide go héifeachtach; fiosrú agus comhoibriú. Tagann na forbairtí seo diaidh ar ndiaidh, de réir mar a thagann forbairt ar na straitéisí léamhthuisceana.

Ba cheart na straitéisí léamhthuisceana a mhúineadh i mbunscoileanna, le naíonáin suas go rang a sé. Ba cheart an teagasc seo a dhéanamh ar bhonn sonraí agus é nasctha leis an taighde acadúil ar an ábhar atá ar fáil do mhúinteoirí, nó de réir Elliott (1991: 54) ‘action research should contribute not only to *practice* but to a *theory of education and teaching which is accessible to other teachers, making educational practice more reflective*’. Ba cheart an nasc sin a dhéanamh freisin leis an taithí phearsanta a bhíonn ag múinteoirí a bhaineann úsáid as na straitéisí seo i ranganna tumoideachais. Ba chóir do scoileanna plean a dhearadh chun na straitéisí léamhthuisceana seo a mhúineadh go luath, le forbairt na scileanna smaointeoireachta mar aidhm acu. Mar a deir Cowley, ‘Learning how to think is, surely, what education is all about’ (2004: xi).

## Leabharliosta

- Bowe, T., Coutney, A., Gleeson, M., Hurley, F., Lehane, D., Smith, L. (2010) ‘Building Bridges of Understanding: Comprehension, Taught Not Caught’. *Literacy in the 21<sup>st</sup> Century: Perspectives, Challenges and Transformations*. BÁC: Reading Association of Ireland: 75-9.
- Courtney, A. & Gleeson, M. (2009) *Building Bridges of Understanding*. Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach.
- Courtney, A. & Abodeeb-Gentile, T. (2009) ‘Emergent Readers Can and Should Talk Comprehension Strategies.’ *The Changing Landscapes of Literacy: Building Best Practice*. BÁC: Reading Association of Ireland. 96-113.
- Cowley, S. (2004) *Getting The Buggers To Think*. London: Continuum.
- de Bono, E. (1982) *Thinking Course: Powerful Tools To Transform Your Thinking*. London: BBC Worldwide Ltd.
- Eggen, P. D. & Kauchak, D. P. (2006) *Strategies and Models for Teachers: Teaching Content and Thinking Skills*. Boston: Pearson Education Inc.

- Elliott, J. (1991) *Action Research for Educational Change*. Buckingham: Open University Press.
- Goudvis, A. & Harvey, S. (2007) *Strategies That Work: Teaching Comprehension to Enhance Understanding*. Maine: Stenhouse Publishers & Ontario: Pembroke Publishers Ltd.
- Harris, T.L. & Hodges, R. (Eag.) (1995) *The Literacy Dictionary*. Newark: International Reading Association.
- Hickey, T. (2009) 'Developing Biliteracy in Irish Schools'. *The Changing Landscapes of Literacy: Building Best Practice*. BÁC: Reading Association of Ireland. 197-209.
- James, S. (2004) *Micí Meabhrach*. Aist. Uinsíonn Ó Domhnaill. BÁC: An Gúm.
- Keene, E.O. & Zimmermann, S. (2007) *Mosaic of Thought: The Power of Comprehension Strategy Instruction*. Portsmouth, N.H.: Heinemann.
- McKenna, M. C. & Stahl, (2009) *K.A.D. Assessment for Reading Instruction*. Nua-Eabhrac: The Guilford Press.
- Perkins, D. (1992) *Smart Schools: Better Thinking and Learning for Every Child*. Nua-Eabhrac: The Free Press.



# **An Litearthacht Acadúil agus an Fhéiniúlacht Acadúil: Cás-Staidéar ar an Ionad Scríbhneoireachta Acadúla in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh<sup>1</sup>**

*Le Dorothy Ní Uigín  
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

## **Réamhrá**

Déantar scagadh san alt seo ar a bhfuil i gceist leis an litearthacht acadúil agus leis an bhféiniúlacht acadúil. Mar chuid den scagadh déantar anailís ar obair an Ionaid Scríbhneoireachta Acadúla in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus pléitear na bealaí ar féidir mic léinn na Gaeilge a chumasú sa litearthacht acadúil, agus a bhféiniúlacht mar scoláirí Gaeilge a chothú.

## **Céard é an litearthacht acadúil?**

Dar le van Schalkwyk (2008: 3) gur deacair cur síos beacht a thabhairt ar an litearthacht acadúil; deir sí *'Literacy in an academic connotation is fluid'*, ach luann sí teoiricí Ballard, Clanchy agus Moore a rinne cur síos ar an litearthacht acadúil mar *'a compound of linguistic, conceptual and epistemological rules and norms of the*

---

<sup>1</sup> Cuireadh roinnt den anailís ar fhoirmeacha aiseolais a phléitear san alt seo i láthair ag Comhdháil EATAW i Luimneach i 2011.

*academe*'. Ní bhíonn na nósmaireachtaí i gcónaí soiléir, áfach, rud a fhágann go mbíonn deacrachtaí ag mic léinn tríú leibhéal uaireanta teacht isteach go héasca ar úsáid na teanga acadúla a éilíonn an saol acadúil.

Tá iarrachtaí á ndéanamh in institiúidí tríú leibhéal aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo le blianta beaga anuas, agus is gné amháin de na hiarrachtaí iad na hionaid scríbhneoireachta acadúla atá le fáil go forleathan anois i gcuid mhór ollscoileanna agus institiúidí tríú leibhéal. Tá an obair a dhéantar sna hionaid seo luachmhar, ach tá an baol ann go gcuirfear an iomarca béime ar fhorbairt scileanna praiticiúla agus go bpléifear an scríbhneoireacht agus an litearthacht acadúil i dtéarmaí rialacha; na coinbhinsiúin i gcás na gcóras tagartha, mar shampla, nó ceisteanna poncaíochta, agus mar sin de. Is éard a theastaíonn ná forbairt a dhéanamh ar fhéiniúlacht na mac léinn mar scoláirí, scoláirí a bhfuil áit tuillte acu san *academe*. Má dhéantar é seo, beidh scoláirí againne a bheas compórdach sa saol acadúil agus a bheas muiníneach dul i ngleic le cúrsaí éagsúla acadúla, agus a nguth acadúil a léiriú. Má chuirtear an iomarca béime ar fhorbairt scileanna, tá féiniúlacht an mhic léinn in easnamh. Ní mór do na hionaid scríbhneoireachta acadúla éascaíocht a dhéanamh ar idirghníomhaíocht na mac léinn leis an saol acadúil, agus ba cheart cur chuige a úsáid a fhorbraíonn, mar a mhíniúnn Cummins (1991), ní hamháin na scileanna praiticiúla (*BICS: basic interpersonal communicative skills*), ach an fhéiniúlacht acadúil (*CALP: cognitive academic language proficiency*) freisin. Ní dhéanfaidh na hionaid scríbhneoireachta acadúla é seo ina n-aonar, áfach; beidh ionchur an luchta acadúil trí chéile ag teastáil.

Maíonn Warschauer et al. (2004) go bhfuil i bhfad níos mó i gceist i bhforbairt na litearthachta acadúla ná múineadh na teanga féin; cuireann siadsan an-bhéim ar fhéiniúlacht shóisialta na mac léinn, féiniúlacht a ligeann dóibh gníomhú i mbealach bríomhar sa saol acadúil. Pléann Cummins, (in van Schalkwyk, 39-40) tábhacht an sóisialaithe laistigh den dioscúrsa acadúil, agus maíonn sé go bhfuil an sóisialú agus an infheistíocht féiniúlachta seo riachtanach le go n-éireoidh le mic léinn sa saol acadúil. Ní mór dóibh a bheith páirteach go gníomhach chun a litearthacht acadúil a fhorbairt. Is faoi léachtóirí agus faoi theagascóirí atá sé é seo a éascú, agus tá ról tábhachtach ag na hionaid scríbhneoireachta acadúla san obair seo freisin. Is tábhachtaí fós, áfach, an idirghníomhaíocht a fhorbairt sa churaclam féin agus trasna an churaclaim. Ní meicníochtaí na scríbhneoireachta amháin is ea an scríbhneoireacht agus an litearthacht acadúil, mar sin: is cruthú féiniúlachta acadúla is tábhachtaí sa chás seo, laistigh de dhioscúrsa réimse staidéir an mhic léinn.

Is litearthacht acadúil sa dara teanga a bhíonn i gceist i gcás thiomlath na mac léinn atá i mbun staidéir ar an nGaeilge ag an tríd leibhéal, ach maíonn Bourdieu, Passeron agus de Saint Martin (in Paxton, 2007: 47) nach céad teanga duine ar bith í an teanga acadúil: *'Academic language is... no one's mother tongue, not even that of children of the cultivated classes (1994: 8)'*. Is cinnte, mar sin féin, go mbíonn constaicí sa bhreis le sárú ag an mac léinn Gaeilge; deir Antain Mac Lochlainn (2010: 17-8):

Tá go leor den chruinneas smaointeoireachta ag trá as an Ghaeilge, ar an dro-chuair, agus anuas air sin, sciar maith de lucht na Gaeilge nach bhfuil an teanga ó dhúchas acu níl siad chomh heolach ar an teanga, ná chomh gafa léi mar mheán, agus ba dhóigh le duine a chaithfidís a bheith le saothar fiúntach a scríobh.

Níl dioscúrsa príomhúil ag go leor mac léinn Gaeilge sa teanga; ní úsáideann siad an teanga lasmuigh den seomra ranga, agus mar sin, is dúshlán sa bhreis dóibh an dioscúrsa acadúil. Mar sin féin, cuireann Ní Ghallachair (2009a: 221) béim ar thábhacht na hinfheistíochta féiniúlachta i bhfoghlaim na Gaeilge agus luann sí an 'gaol ar leith' a airíonn na hÉireannaigh leis an nGaeilge, lena dteanga 'féin'. Is gaol tábhachtach é seo, mar ní fhorbrófar féiniúlacht acadúil sa Ghaeilge áit nach bhfuil féiniúlacht phríomhúil sa teanga.

Pléann Paxton (2007: 46) idirlitearthachtaí agus cuireann sí síos orthu mar phróiseas aistrithe ón scoil agus ón mbaile go dtí an litearthacht acadúil. Síleann Ní Ghallachóir (2009b) gur cheart – i gcomhthéacs an deisteangachais – luach a chur ar na hidirlitearthachtaí. Ba cheart breathnú orthu mar thúsphointe dearfach, tús thuras an mhic léinn i dtreo na hardlitearthachta acadúla agus na ballraíochta iomláine sa saol acadúil. Ach cén chaoi a ndéantar é seo go praiticiúil, agus an bhfuil ról ag na hionaid scríbhneoireachta acadúla san obair seo? An bhfuil, go sonrach, an tIonad Scríbhneoireachta Acadúla in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ag éascú an phróisis ionadachta seo, nó cén chaoi ar féidir an próiseas seo a éascú go héifeachtach?

## **An tIonad Scríbhneoireachta Acadúla in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**

Comhaltas na Mac Léinn a bhunaigh an tIonad Scríbhneoireachta Acadúla i mí Eanáir 2009. Is mic léinn iarchéime iad tromlach na dteagascóirí san Ionad; tá an chuid is mó acu ag tabhairt faoi mháistreachtaí le Disciplín an Bhéarla,

agus tá teagascóir amháin ag tabhairt faoin MA sa Nua-Ghaeilge.<sup>2</sup> I samhradh 2011, rinneadh scagadh ar bhreis is 500 foirm aiseolais de chuid an Ionaid ó bunaíodh é in 2009 go dtí deireadh na bliana acadúla 2011. San áireamh anseo bhí foirmeacha na mac léinn féin agus foirmeacha aiseolais na dteagascóirí. Tá an cur síos san alt seo ar obair an Ionaid Scríbhneoireachta Acadúla bunaithe ar a raibh sna foirmeacha seo agus ar thairbhí an údair féin agus í ag obair san Ionad ó 2009 go dáta.

227 foirm aiseolais san iomlán a fuarthas ó na mic léinn sa tréimhse atá i gceist. An chéad cheist a cuireadh ar na foirmeacha ná ‘An raibh an seisiún úsáideach chun do chuid scríbhneoireachta a fheabhsú?’ D’fhreagair gach duine an cheist seo go dearfach, rud a léiríonn an tábhacht a bhaineann leis an Ionad do na mic léinn seo. Cuireadh ceist an úsáidfidís seirbhísí an Ionaid arís agus dúirt gach duine acu go n-úsáidfidís – rud a tharla i go leor cásanna. An tríú ceist a cuireadh ná ar chuidigh an seisiún le feabhas a chur ar a gcuid scríbhneoireachta, agus cén fáth? Dúirt na mic léinn ar fad go raibh na seisiúin úsáideach, ach níor mhínigh gach duine acu an fáth. Fiú nuair a tugadh freagra ar an bhfáth ní bhíodh ann ach focal amháin ar nós, ‘Gramadach’ nó ‘Litriú’ go minic. Níor léir aon domhaintuisicint ar na deacrachtaí a bhí ag na mic léinn, ná ar an gcaoi a raibh na seisiúin ag cuidiú leo. Tá an easpa feasachta seo soiléir i roinnt mhaith de na bileoga aiseolais.

Bhíodh na teagascóirí in ann míniú ní ba dhoimhne agus ní ba chaolchúisí a thabhairt go minic: mheas na teagascóirí gur easpa muiníne ina gcumas féin ba chúis leis na fadhbanna go minic, agus deacrachtaí acu iad féin a chur in iúl. Ní raibh ‘guth acadúil’ aimsithe acu, agus níor airigh siad compordach sa saol acadúil. Ba bhac a bhí sa teanga acadúil agus ba bheag líofacht a bhí acu sa teanga nua seo. Ba mheasa fós na deacrachtaí seo i gcás na mac léinn Gaeilge a d’fhreastail ar an Ionad go minic.

Ar an iomlán bhí foirmeacha aiseolais na dteagascóirí i bhfad ní ba léir-steanaí ná cinn na mac léinn. Rinneadh scagadh ar 296 foirm san iomlán don tréimhse atá i gceist. Ba é ba shuntasáí faoi na foirmeacha seo ná doimhneacht na hdirghníomhaíochta a bhí ag na teagascóirí leis na mic léinn agus a gcuid scríbhneoireachta. Ba léir cur chuige machnamhach i gcás na dteagascóirí ar fad. Tá samplaí thíos den aiseolas a fuarthas sna foirmeacha seo:

*I felt she was trying to get some last minute touch ups and rearrangements before handing up the essay. So, I advised her to come back when we could get to the bottom of some of her problems.*

2 Oibríonn an t-údar san Ionad ar bhonn deonach freisin.



Ba léir gur thuig an teagascóir sa chás seo nár leor an cuidiú a tugadh don mhac léinn sa seisiún aonarach seo, agus moladh don mhac léinn filleadh ar an Ionad lá eile. Ar fhoirmeacha eile dúirt na teagascóirí:

*...I think (student) needed to vent a little...*

*I tried to simplify the overall structure of an essay...I believe she left with a better understanding and was less daunted by the task of writing.*

*...She really wanted someone to ensure her that she was on the right track...*

*Writer seemed insecure about her work; took a sensitive approach to suggesting areas of improvement...*

Léiríonn na sleachta athfhriotail thuas an ról trédach a bhíonn ag na teagascóirí san Ionad Scríbhneoireachta Acadúla go minic, ach tugann siad an-léargas freisin ar an éiginnteacht a mhothaíonn go leor mac léinn agus iad i mbun na scríbhneoireachta acadúla. Is léiriú soiléir é seo ar a riachtanaí is atá sé féiniúlacht na mac léinn mar scoláirí a chothú. A luachmhaire is atá obair an Ionaid Scríbhneoireachta Acadúla sa chás seo, tá ionchur níos córasaí ag teastáil tríd an earnáil tríú oideachas ar fad ón gcéad bhliain fhochéime ar aghaidh.

Léiríodh thuas a bheag luach a bhain le foirmeacha aiseolais na mac léinn i gcás thuairimí na mac léinn a shoiléiriú faoina gcuid scríbhneoireachta féin. Arís, sholáthair na teagascóirí léargas ar na cúiseanna a raibh cúlraí amhlaidh. Dúirt duine acu ‘*Students who attend the Writing Centre for assistance often cannot explain in what way they need help with their essays.*’ Níl siad feasach ar na fadhbanna a bhíonn acu, nó go minic, ní bhíonn an teanga acu leis na fadhbanna seo a mhíniú go soiléir. Ní easpa éirime is cúis leis seo. Tagann na mic léinn faoi thionchar chóras na hArdteiste, áit a raibh sé inghlactha aistí a fhoghlaim de ghlanmheabhair. Is daoine cliste iad, ach ní bhíonn an teanga acu go minic dul i ngleic leis an scríbhneoireacht acadúil. Ní aithníonn siad iad féin mar scoláirí, agus níl na BICS ná an CALP a phléann Cummins sealbhaithe acu.

Tá sé tábhachtach freisin nach n-úsáidtear an tIonad Scríbhneoireachta Acadúla mar sheirbhís phrofála. Tuigeann na teagascóirí<sup>3</sup> é seo go maith, ach ní bhíonn an tuiscint sin chomh soiléir céanna ag na mic léinn uaireanta. Deir Alan Tait linn (2000: 289) ‘*knowledge is in a real sense made and remade by participation*

3 Bíonn agallamh agus seisiún oiliúna ag na teagascóirí sula dtosaíonn siad ag obair san Ionad Scríbhneoireachta Acadúla agus bíonn cruinnithe rialta acu le riarthóir an Ionaid.

*in learning*'. Is é idirghníomhaíocht an mhic léinn sa phróiseas teagascóireachta is tábhachtaí le go mbeidh dea-thoradh ar an seisiún; cleachtar an idirghníomhaíocht seo sna seisiúin de chuid an Ionaid Scríbhneoireachta Acadúla in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Deir Helen Sword (2009: 319) ina haiste chumasach 'Writing higher education differently; a manifesto on style':

*... the most effective and engaging academic writers are those who express complex ideas clearly and succinctly; write with originality, imagination and creative flair; convey enthusiasm, commitment and a strong sense of self; tap into a wide range of intellectual interests; avoid excessive jargon; employ plenty of concrete examples and illustrations; demonstrate care for their readers; and know how to tell a good story... (Is leis an údar an cló trom.)*

Tá an tIonad Scríbhneoireachta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ag soláthar seirbhís luachmhar do mhic léinn na hollscoile agus taithí iontach do na teagascóirí a bhíonn ag obair ann. Ba cheart go gcuideodh sé leis na mic léinn an bua cruthaitheach a luann Helen Sword a bhaint amach, agus ní ba thábhachtaí fós, féintuiscint láidir – an fhéiniúlacht acadúil a theastaíonn ó gach mac léinn le go mbeidh rath ar a dtréimhse ollscoile.<sup>4</sup>

## Ceist na Gaeilge agus an litearthacht acadúil

Tugann van Schalkwyk (3) le fios nach féidir an litearthacht acadúil a phlé gan machnamh a dhéanamh ar ról na teanga féin san fhoghlaim agus ar thábhacht an chumais teanga. In Éirinn, déantar staidéar forleathan ar an nGaeilge ag an tríú leibhéal, agus de bharr gur ábhar éigeantach í ag an mbun agus ag an meánleibhéal, tá sí éigeantach freisin sna coláistí oiliúna do mhúinteoirí. Le roinnt mhaith blianta anuas, tá imní léirithe ag léachtóirí agus ag teagascóirí ollscoile faoi dhroch-chaighdeán teanga a gcuid mac léinn (Féach Ní Fhrighil agus Nic Eoin, 2008). Sa bhliain 2008 bunaíodh an Mheitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal chun curaclam teanga a fhorbairt bunaithe ar an gComhchreat Eorpach do Theangacha<sup>5</sup>. I réamhrá an leabhair a ríomhann bunú na Meithle seo, deir Ríona Ní Fhrighil:

4 Is fiú a lua gur leasaíodh na foirmeacha aiseolais don bhliain acadúil 2011-2012 le cuidiú linn aiseolas ní ba luachmhaire a bhailiú; leasaíodh arís iad sa bhliain acadúil reatha agus beidh anailís á déanamh orthu ag deireadh na bliana acadúla.

5 Comhairle na hEorpa a d'fhorbair in 2001; Féach Little & Perclová (2001) & <http://www>.

Cé nach bhfuil a leithéid de thaighde cuimsitheach teangeolaíochta (*taighde Uí Ghiollagáin, C. (2007) et al atá i gceist anseo*) déanta ar theagasc na Gaeilge ar an tríú leibhéal, tuigtear go bhfuil litearthacht na Gaeilge ina dúshlán ag an leibhéal seo fosta. Níl aon amhras ar na húdair a bhfuil aisti leo i gcló anseo faoin fhreagracht ar leith atá ar na coláistí tríú leibhéal caighdeán na Gaeilge sa chóras oideachais trí chéile a chothú agus a chinntiú. (Ní Fhrighil & Nic Eoin, 2009: 1-2)

Níl sé i gceist ábhar chomhchúrsa na Meithle a scagadh anseo; is fiú go mór a lua, áfach, gur próiseas torthúil a bhí i bhforbairt an chúrsa, agus spreag sé díospóireacht agus plé luachmhar faoi theagasc na Gaeilge sna coláistí tríú leibhéal ar fud na tíre. Bhí, agus tá, toradh dearfach freisin ag na scrúduithe TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge<sup>6</sup>) ar na hiarrachtaí atá ar bun le blianta beaga anuas córasú agus caighdeánú a dhéanamh ar theagasc na Gaeilge do dhaoine fásta. Is é Ollscoil Mhá Nuad a bhronnann na teastais seo, agus iad faofa ag Comhairle na hEorpa. Tá iarrachtaí fiúntacha déanta ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge<sup>7</sup> a gcuid cúrsaí a dhearadh le teacht leis an gComhchreat Eorpach do Theangacha chomh maith. Ní mór a admháil, áfach, nach raibh an earnáil oideachais sách dian ag tabhairt faoi na fadhbanna a bhaineann leis an nGaeilge sa saol acadúil go dtí le déanaí. Deir Anna Ní Ghallachair (2008: 200):

*Until relatively recently, criticism of any area relating to the Irish language was perceived as criticism of the language itself and was thought to endanger its position within the educational system, and even within the state.*

Ag cruinniú de chuid an Chomhchoiste Oideachais agus Scileanna ar an 18 Samhain 2010, mhaígh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) gur fhág an siollabas nua Gaeilge don Ardeist go raibh teagasc na Gaeilge ag leibhéal ní b'íse ná teagasc an Bhéarla i meánscoileanna na tíre trí chéile agus dúirt Fiona Uí Uiginn, thar Mheitheal na Gaeilge:

*In the English examination, students in Gaeltacht schools and gaelscoileanna are studying Shakespeare, John Donne, Seamus Heaney, Adrienne Rich etc. If one looks at what they are studying in Irish, it is just not comparable, and it is at a very*

---

[europeanlanguageportfolio.com](http://europeanlanguageportfolio.com).

6 <http://www.teg.ie>.

7 [www.acadamh.ie](http://www.acadamh.ie).

*basic level. What message are we giving to these students? Are they to understand in studying Irish, that the language has no valuable literary tradition as compared with another European language?*

Fágann sé seo ar fad nach mbeidh na scileanna cuí teanga agus litearthachta ag mic léinn a thugann faoin nGaeilge ag an tríú leibhéal scríobh go hacadúil ná go saoráideach sa Ghaeilge. Luann Anna Ní Ghallachóir fadhbanna breise sna meáscóileanna:

*At second level, the emphasis is on examinations. Teachers frequently complain that after the first two years they can no longer afford to teach the language but must teach to the examinations. Pupils are frequently given essays and answers to other questions to learn by heart, which will be regurgitated on the day of the state examination...*

*There have been many calls for the removal of literature from the Leaving Certificate Irish syllabus. It would seem that the debate has been reduced to the opposition of literature and communication, with the inherent suggestion that it is possible to learn to communicate in the language or gain an insight into Irish literature but not both together. This is not necessarily the case. Irish as a school subject is, and should be, about more than language for communicative purposes. It should be about giving Irish citizens an understanding of their heritage, the Irish world view, both past and present. (2008: 193)*

Agus gearradh siar mór déanta ar an ábhar litríochta ar shiollabas na hArdteiste Gaeilge ó 2012, beidh sé an-deacair ar mhic léinn Ghaeilge litearthacht agus féiniúlacht acadúil a bhaint amach sa Ghaeilge ag an tríú leibhéal. Fiú sna cásanna a n-airíonn mic léinn gaol leis an teanga – nó sna cásanna arbh í a gcéad teanga í – beidh dúshlán ann dóibh ag iarraidh ardlitearthacht acadúil a bhaint amach i gcás plé ar litríocht na Gaeilge, ach beidh an litearthacht acadúil trí chéile sa Ghaeilge easnamhach i gcás mac léinn nach mbíonn an oiread sin deiseanna acu – ná brú orthu – léitheoireacht agus anailís dhomhain a dhéanamh trí Ghaeilge in ábhar ar bith.

## Idirlitearthachtaí agus Deisteangachas

Lárnach sa Chomhchreat Eorpach do Theangacha tá coincheap an deisteangachais agus a fhiúntas; míníonn Anna Ní Ghallachair a bhfuil i gceist leis seo:

Gné thábhachtach de choincheap an deisteangachais ná go dtugann sé aitheantas do na leibhéil chumais go léir sna teangacha atá ag an duine. Is féidir ardchumas sna ceithre scil a bheith ag duine in dhá theanga, mar shampla, agus bheith ábalta ábhar a léamh ag leibhéal measartha íseal sa tríú teanga, nó feidhmiú mar thurasóir sa cheathrú teanga. Is céim mhór chun tosaigh an t-idirdhealú seo, a aithníonn den chéad uair go bhfuil fiúntas ag baint le cumas teanga ag leibhéal ísle agus nach gá go mbeadh na scileanna go léir i gceist. Tugann an FTCE bealach dúinn le cur síos a dhéanamh ar na cumais dhifriúla seo... (2009b: 60)

Tá sé in am breathnú ar an deisteangachas mar chomhartha dóchais, seachas leanacht den ghearán faoi dhroch-chaighdeán na Gaeilge ag an tríú leibhéal, agus tá sé in am glacadh leis na hidirlitearthachtaí a bhíonn ag roinnt mac léinn mar uirlisí is féidir a úsáid leis an ardliteathacht acadúil a bhunú orthu.<sup>8</sup> I dtéarmaí praiticiúla is éard a bheadh i gceist leis seo ná iachall a chur ar mhic léinn Ghaeilge aghaidh a thabhairt ar cheisteanna litearthachta sa chéad bhliain ollscoile acu.

## An Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Sa bhliain 2010 scaipeadh suirbhé ar na daoine a bhíonn ag teagasc Gaeilge agus ag teagasc trí Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is 23 a chomhlánaigh an suirbhé ar-líne, a dearadh le hiniúchadh a dhéanamh ar thuirimí na dteagascóirí i leith chaighdeán na scríbhneoireachta agus na litearthachta acadúla a léirigh a gcuid mac léinn. D'aontaigh an 23 a d'fhreagair go raibh gá le seirbhís Ghaeilge san Ionad Scríbhneoireachta Acadúla. Fiafraíodh díobh ar cheap siad go raibh caighdeán na scríbhneoireachta acadúla sa Ghaeilge tite i measc na mac léinn le cúig bliana roimhe. 21 a d'fhreagair an cheist seo agus dúirt 20 acu sin go raibh. Ba chúis inmí é do 17 acu go raibh tuilleadh béime á cur ar an nGaeilge labhartha ag leibhéal na hArdteiste; d'airigh siad go bhféadfadh sé seo drochthionchar a bheith aige ar scileanna scríbhneoireachta ag an tríú leibhéal. Fiafraíodh díobh ansin cé na botúin/deacrachtaí ba choitianta a bhí ag mic léinn i gcás a gcuid scríbhneoireachta acadúla. Is 20 a d'fhreagair an cheist áirithe seo, agus luaigh siad litriú, poncaíocht agus tagairtí – rudaí a mbeifí ag súil leo. Ba

<sup>8</sup> Féach Paxton, M. 'Students' interim literacies as a dynamic resource for teaching and transformation' in *Southern African Linguistics and Applied Language Studies*, 2007, 25(1): 45-55.

shuimiúil an ní é, áfach, gur luadh ‘Easpa cumais a gcuid tuairimí a chur in iúl go soiléir i bprós casta’, ‘Easpa cur amach ar struchtúr na teanga’ freisin. Luaigh duine amháin nach raibh ‘fhios acu conas taighde a dhéanamh, ná conas scríobh faoi, is cuma cén teanga atá á scríobh acu’, agus dúirt duine eile go mbíodh ‘Ráitis róphearsanta and rógheinearálta’ acu agus ‘easpa nathanna/foclóra etc le pointí a chur i láthair i gceart’. Luadh bradaíl liteartha freisin, ach an bhradaíl mar gheall ‘ar easpa tuisceana ar chóras na dtagairtí’.

Nuair a fiafraíodh faoin gcaoi a bhféadfaí cabhrú leis na mic léinn san Ionad Scríbhneoireachta, d’fhreagair 18 agus luaigh siad ‘comhairle le tabhairt faoi thaighde, comhairle faoi ábhar scríofa ó thaobh struchtúir’. Airíodh gur cheart freisin ‘oiliúint a chur ar mhic léinn faoi conas argóintí a dhéanamh’. Thug duine amháin freagra réasúnta fada ar an gceist seo agus dúirt:

Is dóigh liom gur cheart léitheoireacht shimplí a dhéanamh le mic léinn. Bheadh Gaeilge chruinn, shimplí sna sleachta agus bheadh ar mhic léinn díriú isteach ar phointí a bhainfeadh le séimhiú agus le hurú, le briathra agus réamhfhocail, le haimsirí na mbriathra agus mar sin de. Chothódh sé sin feasacht agus géarchúis dar liom, atá in easnamh ar go leor anois de bharr nach bhfuil na scileanna sin ar eolas ag a bhformhór ag teacht ón dara leibhéal. Deacracht mhór atá leis an gcéim nach bhfuil cúrsa riachtanach Gaeltachta trí seachtaine i gceist. Ar bhonn deonach atá na cúrsaí deireadh seachtaine ar an gCeathrú Rua. Feileann an socrú seo chuile dhuine ach dar liom nach bhfuil dóthain ionchuir ag mic léinn maidir leis an teanga. Fágann siad an ollscoil le céim agus iad fós ag leibhéal na hidirtheanga (go leor acu, ní gach duine) agus ní éiríonn leo greim ceart a fháil a choiche ar bhunstruchtúir na Gaeilge.

## **An tIonad Scríbhneoireachta Acadúla agus mic léinn na Gaeilge**

Bíonn cuid mhór de na deacrachtaí céanna ag na mic léinn Ghaeilge a fhreastalaíonn ar an Ionad Scríbhneoireachta Acadúla is a bhíonn ag na mic léinn eile, ach cuireann na deacrachtaí atá ag go leor de na mic léinn leis an nGaeilge féin go mór leis na fadhbanna a bhíonn acu leis an scríbhneoireacht acadúil. Deir Colm Ó Cuaig (2012), teagascóir iarchéime a d’oibrigh san Ionad Scríbhneoireachta sa bhliain acadúil 2011-2012:

Mic Léinn fochéime uilig a bhí isteach agam agus bhí deacrachtaí móra ag go leor acu. Ar ndóigh ba í an deacracht ba mhó a bhí acu ar fad ná an ghramadach. Profáil is mó a bhí ag teastáil agus ba mhínic leis an gcomhréir a bheith as a riocht...chuir an struchtúr an-íontas orm. Beagnach chuile aiste a léigh mé bhí an struchtúr beagán ciotach, ní raibh aon leanúnachas le feiceáil ná aon argóint snoite slachtmhar...

Pléann Antain Mac Lochlainn (2010: 2) deacrachtaí an fhoghlaimora le struchtúr na Gaeilge: ‘...tá lorg na haistriúcháinise go trom fiú ar théacsanna a scríobhtar in Gaeilge an chéad lá riamh. Tá an Ghaeilge á saothrú faoi scáth an Bhéarla agus ní fhéadfaí gan éigean a dhéanamh uirthi lena linn sin.’ Ceann de na hiarrachtaí ba shuntasáí a rinneadh dul i ngleic leis an bhfadhb seo in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh is ea an modúl sa Scríbhneoireacht Acadúil a dhéantar mar chuid den BA sa Ghaeilge Fheidhmeach; cuireadh an modúl seo ar fáil den chéad uair i 2012 de bharr thaithe an údair san Ionad Scríbhneoireachta Acadúla, agus chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na deacrachtaí a léirigh na mic léinn Ghaeilge agus iad ag freastal ar sheisiúin san Ionad Scríbhneoireachta Acadúla in Ollscoil nan hÉireann, Gaillimh. Ar an iomlán, léirigh mic léinn an mhodúil sin an-sástacht leis an modúl, agus d’airigh siad gur cuidíodh leo guth acadúil a chothú dóibh féin.

## **Conclúid**

Ní mór glacadh leis go bhfuil mic léinn ag teacht chugainn ag an tríú leibhéal le scileanna níos ísle scríbhneoireachta agus litearthachta acadúla ná mar a bhí amhlaidh scór nó fiú deich mbliana ó shin. Fágann sé sin go mbíonn deacrachtaí acu féiniúlacht acadúil a bhaint amach dóibh féin. Bíonn an deacracht níos suntasáí fós i gcás roinnt mhaith de na mic léinn Ghaeilge a fhreastalaíonn ar an tríú leibhéal. I dtuaisic a d’ullmhaigh Lisa Ní Fhlatharta agus Daithí Ó Madáin (2011) faoi cheardlanna feasachta teanga a reáchtáil siad le mic léinn chéad bhliana in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (Seimeastar 1, 2011), luadh gur airigh na mic léinn míchompordach ag úsáid na Gaeilge mar mheán cumarsáide. Luaigh roinnt mac léinn gur múineadh an Ghaeilge dóibh trí Bhéarla ar scoil, agus bhreathnaigh roinnt mhaith acu ar an nGaeilge mar ábhar léinn, agus ní mar theanga bheo. Is léir mar sin nach bhfuil an gaol a luann Ní Ghallchóir thuas láidir i gcónaí i measc na mac léinn Gaeilge. Pléadh i dtuaisic Ní Fhlatharta agus Uí Mhadáin freisin go raibh leisce ar go leor de na mic léinn nach raibh ina gcainteoirí dúchais, Gaeilge a labhairt le daoine a raibh an Ghaeilge mar chéad

teanga acu, agus sheachain na cainteoirí dúchais an teanga a labhairt le mic léinn nárbh í an Ghaeilge a gcéad teanga. Ba shuimiúil an ní é, áfach, gur **aithin** a dtromlach na deacrachtaí a bhí acu leis an scríbhneoireacht acadúil sa Ghaeilge agus mhol siad féin gur cheart roinnt mhaith ama a chaitheamh le ‘cumarsáid trí Ghaeilge’ sular tosaíodh ar an staidéar ar an litríocht. Thuig siad féin gur mhór dóibh máistreacht a fháil ar an dioscúrsa príomhúil sula mbeidís compordach leis an dioscúrsa acadúil.

Maíonn Cummins (2010), agus é ag caint faoi fhoghlaimoirí na Gaeilge ag an gcéad agus ag an dara leibhéal, gur cheart béim a chur ar cheist na féiniúlachta ‘*we need to give **identity planning** equal weight to corpus planning and status planning*’ má theastaíonn uainn go mbreathnófar ar an nGaeilge mar chuid den fhéiniúlacht Éireannach. Deir sé freisin: ‘*The learning of a language (and academic success generally) requires identity investment.*’ Tá an rud céanna seo fíor i gcás fhoghlaim na Gaeilge ag an tríú leibhéal, agus i gcás fhorbairt na litearthachta acadúla i measc na mac léinn atá ag feidhmiú go hacadúil trí mheán na Gaeilge. Beidh ról tábhachtach le glacadh ag na hIonaid Scríbhneoireachta Acadúla sa phróiseas seo, ach is tábhachtaí fós na hiarrachtaí a dhéanfaidh an lucht acadúil le hionadacht shásúil na mac léinn Gaeilge san *academe* a éascú.

## Leabharliosta

### Leabhair

Little, D. & Perclová, R. (2001) *The European Language Portfolio: a guide for teachers & teacher trainers*, [http://www.coe.int/t/dg4/education/elp/elpreg/Source/Publications/ELPguide\\_teacherstrainers\\_EN.pdf](http://www.coe.int/t/dg4/education/elp/elpreg/Source/Publications/ELPguide_teacherstrainers_EN.pdf)

Mac Lochlainn, A. (2010) *In Ord is in Eagar*, Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.

Ní Fhrighil, R. & Nic Eoin, M. (eag.) (2009) *Ó Theagasc Teanga go Sealbhú Teanga: Múineadh & Foghlaim na Gaeilge ag an Tríú Leibhéal*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.



- Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. & O'Brien, M. (2007) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhthátal & Moltaí*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Van Schalkwyk, S.C. (2008) *Acquiring Academic Literacy: A Case of First-Year Extended Degree Programme Students at Stellenbosch University*. Dissertation presented for the Degree of Doctor of Philosophy in the Department of Curriculum Studies, Faculty of Education at Stellenbosch University.

## Ailt

- Cummins, J. (1991) 'Conversational & Academic Language Proficiency in Bilingual Contexts', *Reading in Two Languages, AILA Review-Revue de l'AILA* 8, 75-89.
- Ní Ghallachair, A. (2008) 'Teaching & Learning Irish Today', Nic Phaidín, C. & Ó Cearnaigh, S. (eag.) *A New View of the Irish Language*. Dublin: Cois Life, 191-201.
- Ní Ghallachair, A. (2009a) "'Ciúnas, bóthar, cailín, bainne": ag filleadh ar an Ghaeilge', Ó Cathain, B. (eag.) *Léachtaí Cholm Cille XXXIX*, 220-33.
- Ní Ghallachair, A. (2009b) 'An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: Fíricí & Finscéalta', Ní Fhrighil, R. & Nic Eoin, M. (eag.) *Ó Theagasc Teanga go Sealbhú Teanga: Múineadh & Foghlaim na Gaeilge ag an Tríú Leibhéal*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 59-72.
- Paxton, M. (2007) 'Students' interim literacies as a dynamic resource for teaching & transformation', *Southern African Linguistics & Applied Language Studies*, 25(1), 45-55.
- Tait, A. (2000) 'Planning Student Support for Open & Distance Learning', *Open Learning*, Vol.15, No.3, 287-99.
- Sword, H. (2009) 'Writing higher education differently: a manifesto on style', *Studies in Higher Education*, Vol.34, No.3, 319-36.

### **Ailt ar-líne**

Cummins, J. (2010) “When can you ask why?” Exploring language policy choices in Ireland, past present & future’. Sleamháin ó chur i láthair a tugadh i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, 21 Eanáir 2010. <http://www.teach/learn.com/cummins/bicsalp.html>. (Léite: 20 Meitheamh 2010)

Warschauer, M., Grant, D., Del Real, G., & Rousseau, M. (2004) in ‘Promoting academic literacy with technology: successful laptop programs in K-12 schools’ [www.elsevier.com/locate/system](http://www.elsevier.com/locate/system). (Léite: 16 Deireadh Fómhair 2010)

### **Tuairisc Neamhfhoilsithe**

Ní Fhlatharta, L. & Ó Madáin, D. (2011) ‘Ceardlanna ar Fheasacht Teanga & ar Iompar Teanga in Áras na Gaeilge: aischothú ó Mhic Léinn na Chéad Bhliana Roinn na Gaeilge & Moltaí’.

### **Cáipéisí Chomhairle na hEorpa**

Council of Europe ‘Relating Language Examinations to the Common European Framework of Reference for languages: Learning, Teaching, Assessment (CEF), Samhain 2003.

Council of Europe ‘European Language Portfolio: Key Reference Documents’, Feabhra 2006.

Council of Europe ‘The Common European Framework in its political & educational context’

Iad ar fad le fáil ag <http://www.coe.int/t/dg4/linguistic/> (Léite: 6 Eanáir 2012).

## **Díospóireachtaí Dála**

An Comhchoiste um Oideachas & Scileanna: Irish Language

Education: Plé, 18 Samhain 2010. <http://193.178.1.238/DDebate.aspx?F=EDJ20101118.xml&Node=H3> (Léite: 29 Samhain 2011).

## **Ríomhphost**

Ó Cuaig, C. (2012) Ríomhphost chuig an údar, 6 Eanáir.



# **Staidéar ar an bhFoghlaim Neamhspleách a chur chun cinn sa Bhunscoil trí leas a bhaint as acmhainn ríomhaireachta na Scéalaíochta Digití**

*Le hÉamonn Ó Céidigh*

## **Réamhrá**

I mí Eanáir 2012, cuireadh tús le tréimhse taighde a mhair thar achar cúig seachtaine. Rinneadh staidéar ar pháistí Rang a Trí i nGaelscoil in oirthear na tíre; rang ina raibh 24 páiste ann, ochtar cailíní agus sé bhuachaill déag. Bhí na páistí seo idir 8 agus 9 mbliana d’aois agus fuair siad a gcuid oideachais ar fad faoin gcóras tumoideachais ón tráth a tháinig siad go dtí an scoil sna Naíonáin Bheaga. Déanann an taighde seo iniúchadh ar an gcaoi ar féidir úsáid a bhaint as Foghlaim Neamhspleách mar chuid den phróiseas scríbhneoireachta, faoi mar a mholann Seow (2002). B’éigean do na rannpháirtithe leas a bhaint as acmhainn ríomhaireachta na Scéalaíochta Digití (SD) chun scéal nó scannán beag a chruthú agus taispeánadh do lucht na Naíonán Beag é. Tá sé mar aidhm ag an taighde seo iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann leis an gclár ríomhaireachta ‘Scéalaíocht Dhigiteach’ chun neamhspleáchas a chur chun cinn i measc foghlaimoirí.

## Foghlaim Neamhspleách agus SD

Sainmhíníonn Holec (1981) a bhfuil i gceist leis an bhfoghlaim neamhspleách agus maíonn sé gurb é cumas an fhoghlaimora freagracht a ghlacadh as a chuid foghlama féin. Is coincheap tábhachtach é an foghlaim neamhspleách i measc teangeolaithe. Molann na húdaraí foghlama, (féach Curaclam Bunscoile na hÉireann agus an Comhchreat Eorpach do Theangacha), an foghlaim neamhspleách mar chur chuige foghlama. Dar le Bergen (1990) gur féidir an neamhspleáchas a aithint i measc foghlaimoirí nuair a léiríonn siad go bhfuil siad in ann freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama féin i dtaobh a gcuid riachtanas féin. Deir Bergen (ibid) gur rannpháirtí gníomhach é an foghlaim neamhspleách agus go nglacann sé go gníomhach le haon eolas nua sa mhullach ar an eolas a bhí aige cheana féin. Dar le Trebbi (1996) mura nglacann foghlaimoirí freagracht as a gcuid foghlama, is cuma a fheabhas an fearas atá ag an teagascóir, ní fhoghlaimíodh siad.

De réir theoiric ‘Zóin Neasfhorbartha’ Vygotsky (1978; 1986 a luaitear in Little, 2004: 1), is é an neamhspleáchas an sprioc i bhforbairt foghlama. Is éard atá sa zón ná an difríocht idir an méid is féidir leis an bhfoghlaimoir a dhéanamh gan chabhair agus an méid is féidir leis a dhéanamh le cabhair duine éigin eile. Glacann an t-oide ról an éascaitheora i gcóras den saghas seo. De réir na teoirice, tarlaíonn an idirghníomhaíocht shíceolaíoch a chruthaíonn foghlaim forbartha agus taithí, de ghnáth, taobh istigh de chreatlach shóisialta idirghníomhaíochta (Little, 1995: 178). Fiú nuair a bhíonn páiste ag léamh leabhair nó ag obair ar an ríomhaire, bíonn idirghníomhaíocht shóisialta mar chuid cheilte inmheánach den phróiseas síceolaíochta (ibid). Socraíodh ar leas a bhaint as an gclár ríomhaireachta SD i measc na bhfoghlaimoirí óga seo chun an idirghníomhaíocht shóisialta a mhealladh. Is éard is SD ann ná clár ríomhaireachta inar féidir leis an té atá ag obair leis scéal digiteach a chruthú. Is féidir leas a bhaint as téacs, fuaim agus as íomhánna chun é sin a dhéanamh. Is féidir ceol nó caint a úsáid mar chuid de na foinsí fuaimne. Síltear nach dtugtar dóthain neamhspleáchais d’fhoghlaimoirí, go háirithe i suíomh na bunscoile, agus go bhféadfaí SD a úsáid mar bhealach éasca chun an fhadhb seo a réiteach. Baineadh úsáid as leagan darb ainm *PhotoStory 3 for Windows* don taighde seo.

Sa chur chuige neamhspleách seo, is deacair, ar dtús, sainmhíniú a thabhairt ar an ról a bhíonn ag an oide ann. Labhraíonn Barnes (1976) faoi mhúinteoirí nach bhfuil muinín acu as cur chuige na foghlama neamhspleáiche. Bítear ag cur ceiste maidir leis an ról a bhíonn acu i seomra ranga ina gcuirtear béim

ar an bhfoghlaim neamhspleách. Mar a deir Little (2004), áfach, cé go n-athraíonn sainmhíniú ról an mhúinteora an t-am ar fad, soiléirítear i gcónaí an fhreagracht a bhíonn orthu foghlaim a éascú agus pobal foghlama a chothú. Deir Little (ibid) má stopann an t-oide ag múineadh go stopfaidh an chuid is mó de na foghlaimoirí ag foghlaim. Bíonn ról tábhachtach ag an teagascóir i gcónaí chun neamhspleáchas a chur chun cinn sa seomra ranga (Barnes, 1976; Bergen, 1990; Dam, 1995; Dickinson, 1992; Fenner, 1995; Little, 1991; Little, 2004, Page, 1992). Léirítear go bhfuil sé faoi chúram an mhúinteora foghlaimoirí a stiúradh trí na céimeanna éagsúla i dtreo an neamhspleáchais (Dam, 1995). ‘Scafall’ a thugtar ar an tacaíocht seo (Vygotsky 1978, 1986 a luaitear in Little 2004: 1). Caithfear léiriú d’fhoghlaimoirí uaireanta an aidhm a bhaineann le tascanna mar nuair a thugtar rogha iomlán dóibh, is féidir leo roghnú de réir a gcaoldearcthaí féin (Fenner, 1995; Dam, 1995). De réir fianaise (Vygotsky 1978, 1986 a luaitear in Little, 2004: 1), má chuirtear scafall cuí ar fáil sa seomra ranga is féidir an neamhspleáchas a chur chun cinn go héifeachtach sa seomra ranga. In éineacht le scafall a chur ar fáil do pháistí, caithfidh siad teacht ar acmhainní agus modhanna teagaisc a spreagfaidh suim na bhfoghlaimoirí.

Déanann Dickinson (1992) scagadh ar chúig mhodh inar féidir leis an oide neamhspleáchas a chur chun cinn sa seomra ranga. Is é an chéad mhodh (mar a luadh cheana) ná ligean d’fhoghlaimoirí tuilleadh deiseanna a thapú chun a neamhspleáchas a úsáid. Is é an dara bealach ná nuair a úsáideann siad a gcuid foclóirí féin. Is é an tríú bealach atá ann ná iarracht a dhéanamh deiseanna foghlama a eagrú ina mbeidh toradh rathúil ar obair an fhoghlaimora. Ba chóir cabhrú le foghlaimoirí scileanna foghlama a fhorbairt, agus ar deireadh, ba chóir cabhrú leo feacht teanga a mhúscailt. Molann Dam (1995: 2) gur chóir iarracht a dhéanamh teacht ar ghníomhaíochtaí ranga a spreagann foghlaimoirí tabhairt faoi obair as a stuaim féin: *‘It is essential that an autonomous learner is stimulated to evolve an awareness of the aims and processes of learning and is capable of critical reflection’.*

Mura bhfuil suim ag na foghlaimoirí ina gcuid foghlama, ní féidir mórán neamhspleáchais a thabhairt faoi deara ina gcuid oibre. Tacaíonn Kelly (1953 a luaitear in Fenner agus Newby, 2000: 79) leis seo nuair a deir sé gur próiseas thar a bheith pearsanta é an fhoghlaim neamhspleách. Feictear go bhfuil an teicneolaíocht faisnéise ar cheann de na bealaí is fearr chun suim na bhfoghlaimoirí a mhúscailt. Is í an deacracht a bhaineann leis seo, áfach, nach mbíonn múinteoirí compordach leis an

teicneolaíocht. Bíonn imní orthu nach n-oibreoidh gach uile rud i gceart agus nach mbeidh na páistí in ann é a úsáid i gceart. Síltear go dtabharfaidh SD lámh chúnta dóibh seo de bharr gur féidir é a úsáid go héasca.

Maidir leis an tasc a bhí le déanamh ag na páistí scoile, dhear siad fiseán SD do lucht na naíonán. Mar chuid den tasc seo, bhí cumarsáid i gceist de bharr go raibh ar na páistí na scéalta a scríobh ar shlí a bhí oiriúnach do leibhéal cumais agus spéise na naíonán. Fuarthas inspioráid ó Fenner agus Newby (2000: 85) i gcomhthéacs dheardh téacsleabhair:

*If textbook writers can create tasks and options which leave room for personal interpretation and scope for autonomy, and where, consequently, the outcome is unpredictable, the teacher joins a process of learning in collaboration with the learners. In order to manage this in the classroom, we have to realize that learning a foreign language is not an end to itself; language is a tool for communication, and communication is always about something. It is about interpreting and creating meaning.*

Cuireadh béim mhór ar an bhfoghlaim chomhoibríoch mar chuid den scéim seo. San fhoghlaim chomhoibríoch, feidhmíonn foghlaimeoirí i ngrúpaí de ghnáth ina bhfuil idir beirt agus ceathrar ball (Jacobs & Hall, 2002). Tá cuid mhaith cruthúnais ann a léiríonn go gcabhraíonn foghlaim chomhoibríoch le foghlaim, féinurraim, suim sa scoil agus caidreamh idirchiníoch (Johnson et al 1993; Slavin, 1995). I measc na mbuntáistí eile, luaitear níos mó cainte ón bhfoghlaimeoir, comhrá níos saibhre, atmaisféar níos suaimhní, spreagadh níos treise, níos mó díospóireachta maidir le brí agus níos mó ionchur sothuigthe (Liang et al, 1998; Olsen & Kagan, 1992 a luaitear in Jacobs & Hall, 2002: 53). Dar le Kumaravdivelu (1994) nuair a bhíonn foghlaimeoirí ag feidhmiú i ngrúpaí go spreagtar i bhfad níos mó comhrá idirgníomhach ná mar a spreagtar i seomra ranga atá múinteoir-lárnaithe.

Léiríonn taighde na saineolaithe (Hoyles et al. 1990; Scrimshaw 1993; Howe et al. 1996; Light agus Littleton 1999a; 1999b) go gcabhraíonn gníomhaíochtaí ríomhaireachta le hobair ghrúpa. Tá taighde eile ann a léiríonn nach n-úsáideann a lán scoileanna bogearraí a thacaíonn leis an smaoineamh rannpháirteach (Wegerif, 1996, 1997). De réir Gregori Signes (2008) is féidir ábhair a chur i láthair a dhéanann scáthánú ar an saol mór nuair atá foghlaimeoirí ag oibriú le gnáthchlár próiseála focal agus is féidir an t-ábhar sin a chur in oiriúint do leibhéal na bhfoghlaimeoirí. Dar le Scrimshaw (1993) gurb iad na cláir ríomhaireachta is fearr le húsáid ná na cinn atá neamhiata. Is cláir iad seo ina bhfuil cruthú ar

siúl ag an bhfoghlaimoir é féin in áit cinn atá srianta san úsáid ar féidir a bhaint astu, ar nós roinnt dlúthdhioscaí cuimhne inléite amháin. Tagann an clár SD faoin réimse seo óir go bhfuil sé neamhiata san úsáid ar féidir a bhaint as. Is féidir le scoláirí uirlisí ilmheánacha, m.sh. graificí nó beochan a úsáid chun scéalta a chruthú. Bíonn réimse mór gníomhachtaí i gceist ar féidir úsáid a bhaint astu, ar nós taighde, scríobh nó cur i láthair, scileanna um réiteach fadhbanna agus measúnú (Robin, 2005; Barret, 2006a, 2006b a luaitear in Gregori-Signes, 2008: 1). Dar le Gregori Signes (2008) go mbaineann buntáiste mór le cláir ar nós SD ó thaobh foghlaimoirí atá níos laige mar go laghdaíonn sé an frustrachas agus mar go gcuireann sé go mór le cúrsaí spreagtha.

## Torthaí an staidéir

Rinneadh taighde cáilíochtúil mar chuid den togra seo de bhrí gur féidir díriú níos fearr ar shampla beag agus sonraí a bhailiú atá níos mionchruinne agus níos cuimsithí ná sonraí a d'eascródh as taighde cainníochtúil. Cás-staidéar atá faoi chaibidil anseo agus baineadh úsáid as trí phríomhbhealach chun eolas a bhailiú: breathnóireacht, dialann mhachnaimh na rannpháirtithe agus an taighdeora féin, agus agallamh grúpa.

Scéim thascbhunaithe atá mar bhunús an taighde seo. Bhí ar na páistí scéil a chumadh do lucht na naíonán trí úsáid a bhaint as SD. Dá bharr sin, bhí gach aon bhuntáiste a bhí le feiceáil maidir leis an scéim ceangailte le húsáid SD. Bhí ceacht amháin Gaeilge ar lá amháin den tseachtain tugtha don scéim, ach amháin Seachtain 4 nuair a bhí dhá lá ag teastáil chun na scrípteanna agus na híomhánna a chruthú. An tseachtain deiridh, bhí taispeántas mór de shaothair na bpáistí ar siúl agus bhreathnaigh lucht na naíonán ar na scannáin.

Ar an gcéad lá den scéim, bhí dúshlán roimh na páistí maidir leis an ábhar ar chóir a úsáid mar chuid dá scéalta. Bhí roinnt mhaith neamhspleáchais sna freagraí a fuarthas. Bhí meascán idir tuairimí faoi bheith gléasta ar nós banphrionsa agus páistí eile ag cur in iúl go raibh siad chun pictiúr de tharracóir a úsáid. Bhí cúpla buachaill ag iarraidh scéalta faoi chúrsaí peile a úsáid. Chomh maith leis sin, theastaigh ó bhuaichail amháin scéal a scríobh faoi chogadh ach rinne an grúpa an cinneadh nár thopaic oiriúnach é seo do lucht na naíonán beag, rud a léirigh go raibh na páistí ag smaoineamh go neamhspleách. Bhí tuilleadh cruthúnais ann go raibh an neamhspleáchas á fhorbairt i rith an dara seachtain den scéim. Léirigh A.Ó.R., mar shampla, go raibh obair éifeachtach, dar leis, ar siúl ag gach duine sa ghrúpa, go raibh plé á dhéanamh ag a ghrúpa ar chomhaontú maidir



le haon tuairimí nó smaointe: ‘Bhí pleanáil céad agus ansin bhí disagreements ach socrú muid ár cheann amháin. Bhí C. an mhaith ag tarraingt. Tá L. an ghlic agus tá K. an ghlic. Tá mé an sásta. Tá L. go maith ag rudaí eile freisin.’ Thug an foclóir a fuair siad ó mhúinteoir na naíonán tuilleadh eolais dóibh maidir leis an tasc agus chabhraigh sé leis an bpróiseas tobsmaointeoireachta. Mhúscail sé níos mó smaointe neamhspleácha maidir le cur le chéile an scéil agus an chaoi a ndéanfaidís é.

Ar an tríd lá den scéim thascbhunaithe, b'éigean do na páistí roinnt mhaith neamhspleáchais a léiriú sa chaoi ar chruthaigh siad na cláir scéalaíochta. Smaoinigh siad ar bhealaí chun an scéal a chur le chéile agus leas a bhaint as pictiúir agus téacs. Bhí foclóir á úsáid ag na grúpaí nach raibh mar chuid de liosta foclóra na naíonán ach bhí siad fós ag iarraidh é a úsáid mar chuid de na scéalta. Tugadh faoi deara go raibh páistí ann a raibh an cúram orthu foclóir na naíonán a fháil agus focail lena raibh deacrachtaí acu ó thaobh brí nó litriú a aimsiú. Ghlac páistí áirithe an cúram orthu pictiúir a aimsiú iad féin sa bhaile. Bhí na samplaí den neamhspleáchas seo ar fad ag tarlú chun cuspóirí na scéime a chur i gcrích.

I seachtain 4 den scéim, theastaigh ó na grúpaí script a chur le chéile agus na híomhánna a chruthú. Chuir sé seo leis an bhfoghlaim neamhspleách a bhí ar siúl. Bhí páistí ag léiriú neamhspleáchais sa chaoi go raibh siad ag bailiú agus ag cruthú pictiúir trí úsáid a bhaint as ealaín, as an gceamara digiteach agus as an idirlíon.

## Spreagadh

Ar an gcéad lá den scéim oibre, theastaigh ón teagascóir suim a mhúscailt i measc a chuid foghlaimeoirí mar go bhfuil ‘Cothú Spéise’ ar cheann de na snáithaonaid in ábhar na Gaeilge in *Curaclam na Bunscoile* (NCCA, 1999). Léiríonn an t-aiseolas a fuarthas ó na páistí gur éirigh, den chuid is mó, leis an gcuspóir sin. Bhí meascán maith de mheon dearfach i leith an taisc a bhí os a gcomhair le sonrú agus ceaptar go raibh sé seo amhlaidh de bharr go raibh na páistí ag baint úsáide as teicneolaíocht nach raibh cur amach acu uirthi, agus, ar an ábhar sin, tagann sé seo le tuairim Gregori Signes (2008), a mhaíonn go gcuireann teicneolaíocht nua ar nós SD go mór le spreagadh an fhoghlaimora.

## Imní i leith na hOibre

Bhí roinnt páistí imníoch faoin scéim oibre a bhí amach rompu. Bhí a fhios ag na páistí seo go mbeidís ag feidhmiú i ngrúpaí agus go mbeadh a saothar ar taispeáint do lucht féachana agus, ar an ábhar sin, bhraith na foghlaimeoirí sin go raibh siad faoi bhrú, ach baineann tábhacht leis an mbrú mar go léireoidh na páistí cúram ina gcuid saothar (Beglar agus Hunt, 2002). Rinne T.M.R. taifead mar shampla ‘Tá mé neibhíseach mar tá muid ag déanamh rud i gcóir Naíonáin Bheaga. Tá mé ag smaoineamh beidh sé an deacair.’

## SD

I rith an chúigiú seachtain den scéim, thosaigh an teicneolaíocht SD ag cur go mór leis an neamhspleáchas a bhí á léiriú ag na páistí agus iad i mbun oibre. Ba shuntasach an rud é do gach grúpa an trasdul idir gach íomhá. Theastaigh uathu cinn éagsúla a phiocadh agus léirigh siad a lán neamhspleáchais agus cinn oiriúnacha á bpiocadh acu. Chomh maith leis sin, thug an taighdeoir faoi deara go ndearna cuid acu go leor machnaimh ar an scríbhneoireacht a bhí le cur isteach. Tugadh faoi deara freisingo raibh a lán ama á chaitheamh ag grúpaí ag roghnú agus ag dearadh píosaí ceoil don scéal. Is samplaí iad seo d’fhoghlaimeoirí a ghlac cúram orthu féin. Bheartaigh cúpla grúpa, chomh maith, gan aon cheol a chur isteach de bhrí gur cheap siad nach raibh sé oiriúnach dá scéal. Léiríonn an cinneadh gan aon cheol a chur isteach neamhspleáchas san fhoghlaim freisin.

Bhí na páistí ag smaoineamh go neamhspleách agus iad ag iarraidh cruthaitheacht a léiriú ina gcuid scéalta sa chaoi go raibh siad ag déanamh taifeadta ar a gcuid guthanna. Rinne na páistí tagairt dó seo freisin ina ndialanna machnaimh. Dúirt F.Ó.S. mar shampla, ‘Bhí muid ag piocadh an ceoil inniu. Rinne mé caint sa micreafón. Bhí gach duine ag gáire mar bhí muide ag scread-íle isteach sa ríomhaire.’ Rinneadh freastal ar theoiric na hIntleachta Ilchodaí Gardner (1983, 1993), coincheap a thacaíonn leis an bhfoghlaim neamhspleách. Tugadh deis do na páistí scileanna éagsúla scríbhneoireachta, cumarsáide, ealaíne, cumadóireachta, teicneolaíochta, úsáid foclóra agus léitheoireachta a chur i bhfeidhm. Tugadh deis do na páistí a mbuanna éagsúla a chur i bhfeidhm agus iad i mbun na foghlama neamhspleáiche.

## Dea-Shamplaí na Foghlama Comhoibrí

Baineadh úsáid as an bhfoghlaim chomhoibríoch chun tacú leis an bhfoghlaim neamhspleách agus chun comhrá agus plé nádúrtha a chruthú. Ag tús na scéime, theastaigh ó na páistí go mbeidís i ngrúpa in éineacht lena gcairde. Ba léir, sa mhullach air sin, go raibh roinnt páistí míshásta nuair a dúirt an t-oide gurbh eisean a bheadh ag roghnú na ngrúpaí. Tagann sé seo le taighde Plough agus Glass (1993 a luaitear in Beglar agus Hunt, 2002: 101) a deirtear go mbíonn foghlaimeoirí i scéim thascbhunaithe ag iarraidh grúpa a chruthú lena gcairde agus go gcuireann siad níos mó le comhrá nádúrtha ná mar a dhéanann siad i ngrúpa nach bhfuil aithne acu ar a chéile. Rinneadh an cinneadh sa staidéar seo gan é sin a dhéanamh de dheasca gur ceapadh nach mbeadh na páistí in ann iad féin a dhíriú i leith na hoibre i gceart dá mbeidís lena gcairde. Mhol Dishon agus O’Leary (1993 a luaitear in Jacobs agus Hall, 2002: 56) gan ligean do ghrúpa a bheith róbhacleach.

Cuid thábhachtach den fhoghlaim chomhoibríoch éifeachtach ná go dtuigeann gach uile bhall a ról sa ghrúpa agus go bhfuil siad sásta leis. Nuair a cuireadh na páistí i ngrúpaí ar an dara lá den scéim, rinne siad an cinneadh duine amháin a chur chuig rang na naíonán chun foclóir a fháil agus go gcuirfeadh na baill eile tús le tobsmaoineamh maidir leis an scéal. Léiríonn roinnt mhaith aiseo-lais, go raibh a lán díobh sásta leis an ról a fuair siad. Dúirt L.N.M. mar shampla, ‘It got much better because I was in the grúpa. Well it isn’t what I really wanted but I like my grúpa. I like it now because I get to draw pictures in it. Feeling: Happy.’ Nuair a bhí siad ag cruthú na gclár scéalaíochta i rith na tríú seachtaine, b’éigean do na grúpaí obair a roinnt idir baill éagsúla agus an cúram a ghlacadh orthu féin cearnóga difriúla a dhéanamh agus scileanna éagsúla a úsáid. Arís eile, ba léir go raibh páistí sásta leis an ról a fuair siad agus an chaoi a raibh siad ag gníomhú le chéile. Rinne T.M.R. taifead sa dialann taighde mar shampla, ‘Bhí mé ag scríobh pictiúir agus ag dathú pictiúir. Bhí mé sásta leis an obair sin. Bhí sé an mhaith. Rinne mé an obair le J. agus L. agus R. Níl an obair deacair. Bhí a lán caint againn inniu.’ Mar an gcéanna, sa cheathrú seachtain den scéim, nuair a bhí cruthú na scrípteanna agus na n-íomhánna ar siúl, léirigh na páistí go raibh siad sásta leis an ról a bhí acu agus leis an ngrúpa go ginearálta. Dúirt C.Ó.G. mar shampla, á léiriú sin, ‘Thosaigh muid an script inniu. Rinne gach duine trí lthnach. Rinne mise 2, 4 agus 10. Nuair a críochnaithe muid an script stábal an múinteoir é. Bhí sé an mhaith.’ Faoi dheireadh, i seachtain 5 den scéim, roinn na grúpaí an cúram tráchtairíochta a dhéanamh ar na micreafóin. Léirigh na

páistí, athuair, go raibh siad sásta leis an ról a bhí acu féin agus an chaoi a raibh an grúpa ag gníomhú. Deir S.N.M. ina dialann machnamhach ‘Bhí muid ag caint i micreafón. Bhí sé an spraoiúil. Bhain mé an taineamh as . Bhí L. ag pretended bhí sé ar an nuacht.’ De bharr go raibh na grúpaí ag gníomhú chomh maith sin le chéile, bhí tacaíocht mhaith á fáil ag na páistí ó na baill eile sna grúpaí. Tá roinnt mhaith samplaí d’fhoghlaim phiarchuidithe sa taighde seo. Ar an tríd seachtain, léirigh S.N.M. an chaoi a raibh sí ag cabhrú lena comhghleacaithe agus go raibh an obair ghrúpa ag feidhmiú mar scafall do na páistí, ‘Bhí mé ag cabhrú le N, A agus L leis an litriú.’ Dúirt A.I., ‘Bhí mé ag cabhrú le A.Ó.C.’ Bhí na grúpaí roinnte sa chaoi go raibh meascán maith leibhéal cumais iontu chun an fhoghlaim phiarchuidithe a chothú. Thug an taighdeoir faoi deara go raibh páistí ag foghlaim óna chéile. Bhí cruthúnas le sonrú i leith foghlaim phiarchuidithe i rith an cheathrú seachtain. Thug an taighdeoir faoi deara go raibh páistí ag foghlaim óna chéile freisin ar an lá seo, ‘Chonaic mé páistí le láidreachtaí éagsúla ag cabhrú le páistí nach raibh chomh láidir céanna leis na scileanna sin, mar shampla ealaín, litriú srl.’ Chabhraigh an fhoghlaim chomhoibríoch seo le comhrá agus plé nádúrtha a chur chun cinn i measc na bpáistí chomh maith.

## Deacrachtaí leis an bhFoghlaim Chomhoibríoch

Tháinig roinnt deacrachtaí chun cinn i rith an taighde seo de bharr nach raibh an fhoghlaim chomhoibríoch ag gníomhú go héifeachtach. An phríomhdheacracht a bhain leis an scéim oibre seo ná nach raibh cúpla páiste sásta leis na teorainneacha a bhain leis an obair ghrúpa de bharr nach raibh siad in ann gach rud a theastaigh uathu a dhéanamh. D’éascair roinnt easaontais sna grúpaí ar an ábhar sin. Bhí an chéad sampla de seo le feiceáil nuair a chuala na páistí faoin scéim oibre a bhí amach rompu. Léiríodh roinnt frustrachais nach mbeidís in ann úsáid a bhaint as a ríomhaire féin chun a scéal féin a insint.

Nuair a bhí na páistí i mbun tobsmaoinimh, bhí grúpa amháin ina raibh ball amháin ag iarraidh smacht a fháil ar an ionchur ar fad agus a chuid smaointe féin a úsáid. Chuir sé seo isteach ar na baill eile mar gur theastaigh uathu féin a gcuid smaointe féin a úsáid. Nuair a bhí na páistí ag obair ar na cláir scéalaíochta, léiríodh arís go raibh frustrachas ar roinnt de na páistí mar nach raibh an deis acu gach smaoinemh a bhí acu a chur sa scéal. Bhí sé seo le sonrú san aiseolas ó na páistí chomh maith. Chuir sé seo isteach ar na baill eile, mar theastaigh uathu féin a gcuid smaointe féin a úsáid. Dúirt T.Ó.D. ‘Bhí S. ag dhéanamh gach rud only rinne mise L. Ó. C. agus J. pictiúir amháin.’ Dúirt L.Ó.C. ina theannta

sin, ‘Nuair a bhí muid ag déanamh an pleanáil rinne S. gach rud agus rinne mise T. agus J. píosa amháin.’ Fad is a bhí an script á scríobh agus na híomhánna á gcruthú, thug beirt fós le tuiscint nach raibh an deis á fáil acu na smaointe ar fad a bhí acu a chur sa scéal.

Ag deireadh na scéime, léiríodh i rith na hoibre leis an ríomhaire, go raibh páiste i ngrúpa amháin ag iarraidh a chuid smaointe ar fad a úsáid. Fadhb eile a tháinig aníos ná an chaoi ar féidir le heachtraí scoile cur isteach ar obair an ghrúpa. I rith an tobsmaoinimh sa dara seachtain, b'éigean do chuid de na páistí freastal ar rang tacaíochta foghlama. I nGrúpa 2, bhí páiste amháin as láthair agus páiste eile imithe chun freastal ar thacaíocht foghlama agus d'fhág sé seo beirt pháistí leo féin sa ghrúpa. Tugadh faoi deara gur chuir an dúshlán sin isteach go mór ar a gcuid oibre. I nGrúpa 2 bhí páiste amháin as láthair le tinneas agus páiste eile imithe chun freastal ar thacaíocht foghlama agus d'fhág seo beirt pháiste leo féin sa ghrúpa. Thug an taighdeoir faoi deara gur chuir an dúshlán sin isteach go mór ar a gcuid oibre. Léirigh E. H. an chaoi gur chuir sé seo isteach uirthi nuair a dúirt sí, ‘Ní bhí sé fair alta mar bhí thrur daoine ach nuair a bhí G. imithe bhí sé níos measa. Bhí sé deacair chun dean na pictiúir gan G. ach bhí sí i múinteoir G.’ Léiríodh freisin i rith an taighde seo, áfach, an chaoi a raibh páistí eile in ann réiteach a fháil ar dhúshlán den chineál sin. Léirigh F.Ó.S. an chaoi gur sháraigh siad an fhadhb trí obair scríofa an páiste sin a chríochnú iad féin nuair a dúirt F.Ó.S. ‘Bhí ar L.M.A. imigh i lár an scríobh so bhí orm scríobh na rudaí a bhí L.M.A. ag scríobh.’

## An tOide ag Gníomhú mar Éascaitheoir

Ghníomhaigh an t-oide mar éascaitheoir chun an foghlaim neamhspleách a fhorbairt. Rinneadh plé cheana féin i dtaobh thábhacht an oide ag gníomhú mar éascaitheoir chun obair ghrúpa éifeachtach a reáchtáil (m.sh. Slavin, 1995 a luaitear in Jacobs agus Hall, 2002: 57). Ar an gcéad lá den scéim, míníodh do na páistí a mbeadh le déanamh acu, míníodh dóibh an chaoi a ndéanfaidís é agus taispeánadh dóibh sampla de shaothar críochnaithe. Le linn an dara seachtain den scéim, fuair na páistí cabhair maidir leis an mbealach ar chóir tobsmaoineamh a chur i bhfeidhm. Cuireadh foclóirí ar fáil dóibh nuair nach raibh ag éirí leo focail a aimsiú, agus thug an t-oide lámh chúnta dóibh trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh ar nós na focail a fhuaimniú dóibh agus noda a thabhairt maidir le focail nach raibh ar eolas acu. Tugadh tacaíocht chomh maith maidir leis an bpróiseas

smaoinimh nuair a bhí deacrachtaí ag grúpaí teacht ar smaointe. Tugadh treoir do na páistí freisin conas feidhmiú go héifeachtach agus conas féinmheasúnú a dhéanamh ar na smaointe ar chóir a úsáid le haghaidh na scéalta.

I rith an tríú seachtain, cuireadh bileog A2 ar fáil do gach grúpa a bhí roinnte de réir an mhéid cearnóg a bhí ag teastáil chun na cláir scéalaíochta a chruthú. Fuair na páistí cabhair arís trí fhoclóir a cuireadh ar fáil dóibh agus nuair nach raibh ag éirí leo focail a aimsiú thug an t-oide cabhair dóibh. Cuireadh cabhair ar fáil chomh maith i dtaobh na teicneolaíochta, maidir le pictiúr a íoslódáil ón idirlíon agus pictiúr a ghlacadh ar an gceamara digiteach. Dhírigh na páistí ar obair a chéile agus obair scríofa na scrípte á roinnt eatarthu.

Ar deireadh, i rith an chúigiú seachtain, b'éigean tacaíocht a chur ar fáil do na páistí maidir le húsáid na teicneolaíochta. Ní raibh ach grúpa amháin ag obair ag an am, agus d'imigh cuid acu i dteannta an mhúinteora acmhainne chun na scéalta a chríochnú. Tugadh treoir freisin do na grúpaí chun na dualgais a roinnt agus seans a thabhairt do gach ball den ghrúpa. Bhí an cabhair breise ar fad a chuir an t-oide ar fáil riachtanach chun foghlaim neamhspleách a fhorbairt.

## Scafall

Léiríonn an taighde seo samplaí de scafall a bhí riachtanach chun an fhoghlaim neamhspleách a fhorbairt: cuireadh foclóirí ar fáil do na foghlaimeoirí; cuireadh bileoga beaga ar fáil chun na scrípteanna a scríobh agus bhí beart bileog ann chun pictiúir a tharraingt. Bhí na grúpaí leagtha amach sa chaoi go mbeadh foghlaim phiarchuidithe in ann tarlú.

## Féinmheasúnú

Tharla féinmheasúnú i rith an taighde seo. I rith an tobsmaoinimh, bhí plé á dhéanamh ag na páistí faoi smaointe a bheadh oiriúnach do na scéalta agus don lucht féachana óg. Nuair a bhí na páistí ag cruthú na gclár scéalaíochta, tugadh faoi deara go raibh struchtúr an scéil á cheistiú acu agus go raibh na botúin ina gcuid saothar á gceartú acu. Nuair a bhí na grúpaí ag plé le cruthú na scrípteanna agus na n-íomhánna le haghaidh na scéalta, ba léir go raibh cuid mhaith féinmheasúnaithe i gceist. Rinne siad íomhánna cúpla babhta go dtí go raibh ceann sásúil cruthaithe acu agus d'fhéach a lán dóibh go grinn ar na scrípteanna féachaint chun botúin a aimsiú. Faoi dheireadh, nuair a bhí na páistí ag obair ar an ríomhaire, b'éigean dóibh féachaint siar ar a gcuid oibre. D'úsáid na páistí

an deis seo chun aon rud nach raibh siad sásta leis a cheartú. Is samplaí den fhoghlaim neamhspleách iad na samplaí sin ar fad den fhéinmheasúnú, mar is samplaí iad ina bhfuil an cúram á ghlacadh ag na páistí orthu féin i leith a gcuid foghlama féin.

Léiríonn an taighde seo roinnt mhaith bealaí ar féidir forbairt a dhéanamh amach anseo:

Tháinig roinnt mhaith eachtraí chun solais a léirigh go raibh an fhoghlaim chomhoibríoch ag cur isteach ar an neamhspleáchas, go háirithe de bharr pearsantachtaí éagsúla nach raibh ag aontú le chéile sna grúpaí. D'fhéadfaí cur le chéile na ngrúpaí a athrú chun ligean do thuilleadh deiseanna neamhspleáchais tarlú. Dar le Jacobs agus Hall (2002: 54) gur féidir ligean d'fhoghlaimoirí a gcuid grúpaí féin a roghnú i gcomhair tionscnamh féindírthe nuair atá ag éirí go maith leo i rith na foghlama comhoibrí.

Baineadh úsáid as an bhfoghlaim chomhoibríoch mar gheall go raibh gá le tacaíocht ó thaobh na teicneolaíochta de. Is féidir le SD a bheith mar thaithí thar a bheith pearsanta. Nuair atá taithí mhaith ag na foghlaimoirí ar SD, d'fhéadfaí a macasamhail de scéim a chur i bhfeidhm, ach an babhta sin, ligfí dóibh é a dhéanamh go haonarach chun a chuid smaointe agus tuairimí féin ar fad a chur i gcrích.

Cuireann SD go mór le cruthaitheacht an fhoghlaimora, gné thábhachtach den fhoghlaim neamhspleách. Faoi mar a léiríonn an taighde seo, tá réimse mór uirlisí ilmheánacha ann ar féidir a úsáid chun SD a chruthú, ar nós ríomhaire glúine, ceamara digiteach srl. Tá na huirlisí seo furasta le húsáid agus tá formhór díobh ar fáil ar phraghas réasúnta. Tá an clár ar baineadh úsáid as i rith an taighde seo, *PhotoStory 3 for Windows* ar fáil saor in aisce le híoslódáil, agus is áisiúil an rud é sin, go háirithe faoi láthair agus scoileanna ar an ngannchuid i dtaobh cistí. Ba chóir go mbeadh sé le fáil go forleathan i mbunscoileanna timpeall na tíre. Go deimhin, molann Jakes agus Brennan (2005: 5) gur chóir go ndéanfaí clár beag píolótach de i scoileanna ionas go mbeadh cur amach ag múinteoirí ar an teicneolaíocht, agus ansin gur chóir go mbeadh na bogearraí lonnaithe in áit ar féidir teacht orthu go héasca ag am feiliúnach.

Is féidir SD a úsáid ar go leor bealaí sa seomra ranga. Deir Gregori-Signes (2009: 6), mar shampla, gur féidir SD a úsáid chun anailís a dhéanamh ar fhilíocht nó aon réimse eile den litríocht, agus cuireann sé (2009: 5) na féidearthachtaí a bhaineann le SD chun cinn i dtaobh ábhair eile scoile ar nós na staire. Is cinnte go bhféadfaí tionscnamh a dhéanamh ar thopaic ar bith staire nó tíreolais agus

úsáid á baint as SD. Go deimhin, bheadh an t-oide in ann foghlaim neamhspleách a chur chun cinn arís i rith scéimeanna mar seo chun foghlaim éifeachtach a bhaint amach.

## **Conclúid**

Ar an iomlán, mar sin, feictear go mbaineann buntáistí iomadúla le SD. Is áis éasca, shaor in aisce agus sholúbtha í, agus áis a bheadh an-úsáideach sa seomra ranga. Faoi mar a deir Gregori-Signes (2009: 2), comhlíonann sé go leor de chuspóirí an Chomhchreata Eorpaigh do Theangacha (Comhairle na hEorpa, 2001), agus ligean sé d'fhoghlaimoírí agus do mhúinteoirí úsáid a bhaint as modhanna múinte agus foghlama nuálacha, gné atá thar a bheith tábhachtach sa seomra ranga nua-aimseartha. Is coincheap tábhachtach, ina theannta sin, an fhoghlaim chomhoibríoch agus an scéim thascbhunaithe. Léirítear anseo gur éirigh leis na gnéithe seo ar fad foghlaim neamhspleách a chur i bhfeidhm ar bhealach simplí agus struchtúrtha. Léiríonn an taighde seo, dá bharr sin, gur féidir foghlaim neamhspleách éifeachtach a chur cinn i measc páistí bunscoile. Go deimhin, is gné riachtanach de thimpeallacht foghlama éifeachtach ar bith é an foghlaimoír neamhspleách.



## Leabharliosta

### Leabhair agus Ailt

- Barnes, D. (1976). *From Communication to Curriculum*. Harmondsworth: Penguin.
- Beglar, D. & Hunt, A. (2002). 'Implementing Task-Based Language Teaching'. Richards, J.C. & Renandya, W.A. (Eag.), *Methodolgy In Language Teaching, An Anthology of Current Practice*. (96-106). Cambridge: Cambridge University Press.
- Bergen. (1990). *Developing Autonomous Learning in the Foreign Language Classroom*. Bergen. Universitetet i Bergen, Institutt for pratisk pedagogikk.
- Comhairle na hEorpa (2001). *A Common European Framework of reference for languages: learning, teaching, assessment*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Dam, L. (1995). *Learner autonomy 3: from theory to classroom practice*. BÁC: Autentik.
- Dickinson, L. (1992). *Learner Autonomy 2: Learner Training for Language Learning*. BÁC: Authentik.
- Dishon, D., & O'Leary, P. W. (1993). *A guidebook for cooperative learning: A technique for creating more effective schools* (Eag. Leasaithe). Holmes Beach, FL: Learning Publications.
- Fenner, A. (1995). 'Cultural Awareness and the Material used by Pupils'. Gabrielsen, G. (Eag.) *Fifth Nordic Workshop on Developing Autonomous Learning in the FL Classroom*. Copenhagen: Denmark Laererhoyskole.
- Fenner, A. B. & Newby, D. (Eag.) (2000). *Approaches to Materials Design in European Textbooks: Implementing Principles of Authenticity, Learner Autonomy and Cultural Awareness*. Graz/Strasbourg: European Centre for Modern Languages/Council of Europe Press.
- Gardner, H. (1983). *Frames of mind: The theory of multiple intelligences*. Nua-Eabhrac: Basic Books.
- Gardner, H. (1993). *Multiple Intelligences: The Theory and Practice*. Nua-Eabhrac: Basic Books.

- Holec, H. (1981). *Autonomy and Foreign Language Learning*. Oxford: Pergamon.
- Howe, C., Tolmie, A. & Mackenzie, M. (1996). 'Computer support for the collaborative learning of physics concepts', in C. O'Malley (Eag.) *Computer-Supported Collaborative Learning*. Berlin: Springer-Verlag.
- Hoyles, C., Sutherland, R. & Healy, I. (1990). 'Children talking in computer environments: new insights on the role of discussion in mathematics learning', in K. Durkin and B. Shine (Eag.) *Language and Mathematics Education*. Milton Keynes: Open University Press.
- Jacobs, G.M. & Hall, S. (2002). Richards, J. C. & Renandya, W.A. (Eag.), *Methodology In Language Teaching, An Anthology of Current Practice*. (52-8). Cambridge: Cambridge University Press.
- Johnson, D.W., Johnson, R. T., & Holubec, E. J. (1993). *Circles of learning*. (An Ceathrú hEagrán). Edina, MN: Interaction Book Company.
- Kagan, S. (1992). *Cooperative learning*. San Clemente, CA: Kagan Cooperative Learning.
- Kelly, G. (1953). *A Theory of Personality*. New York: W. W. Norton & Company.
- Kumaravadivelu, B. (1994). 'The postmethod condition: Emerging strategies for second/foreign language teaching'. *TESOL Quarterly*, 28, 27-48.
- Liang, X., Mohan, B. A., & Early, M. (1998). 'Issues of cooperative learning in ESL classes: A literature review'. *TESL Canada Journal*, 15(2), 13-32.
- Light, P. & Littleton, K. (1999a). *Social Processes in Children's Learning*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Light, P. & Littleton, K. (1999b). *Learning with Computers: Analysing Productive Interaction*. Londain: Routledge.
- Little, D. (1991). *Learner autonomy 1: definitions, issues and problems*. BÁC: Authentik.
- Little, D. (1995). 'Learning as dialogue: the dependence of learner autonomy on teacher autonomy'. *System* 23.2, 175-81.

- Little, D. (2004). *Learner Autonomy, Teacher Autonomy And The European Language Portfolio*. UNTELE, Université de Compiegne, an 17-20 Márta 2004.
- NCCA. (1999). *Curaclam Bunscoile: Gaeilge*. BÁC: Foilseacháin Rialtas na hÉireann.
- Olsen, R. E. W-B., & Kagan, S. (1992). 'About cooperative learning'. C. Kessler (Eag.), *Cooperative language learning: A teacher's resource book* (1-30). Englewood Cliffs, NJ: Prentice Hall.
- Page, B. (Eag.) (1992). *Letting Go - Taking Hold. A Guide to Independent Language Learning by Teachers for Teachers*. Londain: CILT.
- Plough, I., & Glass, S. (1993). 'Interlocuter and task familiarity: Effect on instructional structure'. G. Crookes agus S. Gass (Eag.), *Tasks in a Pedagogical Context: Integrating Theory and Practice*. Clevedon, Avon: Multilingual Matters.
- Scrimshaw, P. (Eag.) (1993). *Language, Classrooms and Computers*. Londain: Routledge.
- Seow, A. (2002). 'The Writing Process and Process Writing'. Richards, J.C. & Renandya, W.A. (Eag.), *Methodolgy In Language Teaching, An Anthology of Current Practice*. (315-20). Cambridge: Cambridge University Press.
- Slavin, R.E. (1995). *Cooperative learning: Theory, research, and practice*. (An Dara hEagrán) Boston, MA: Allyn & Bacon.
- Trebbi' T. (1996). 'Apprentissage auto-dirigé et enseignement secondaire: un centre de ressource au collège.' *Mélanges Pédagogiques Crapelle* 22. Université Nancy 2.
- Vygotsky, L. S. (1978). *Mind in society. The development of higher psychological processes*. Cambridge, MA: Harvard University Press.
- Vygotsky, L. S. (1986). *Thought and language*. Cambridge, MA: MiT Press.
- Wegerif, R. (1996). 'Collaborative learning and directive software', *Journal of Computer Assisted Learning*, 12: 22-32.
- Wegerif, R. (1997). 'Factors affecting the quality of children's talk at computers', in Wegerif, R. agus Scrimshaw P. (Eag.) *Computers and Talk in the Primary Classroom*. Clevedon: Multilingual Matters.

**Foinsí Leictreonacha**

- Barrett, H. C. (2006a). 'Researching and Evaluating Digital Storytelling as a Deep Learning Tool'. Proceedings of the 2006 Society for Information Technology and Teacher Education Conference. [Ar fáil ag: <http://electronicportfolios.org/portfolios/SITEStorytelling2006.pdf>] (Léite 20 Márta 2012)
- Barrett, H. C. (2006b). 'Digital Stories in ePortfolios: Multiple Purposes and Tools'. [Ar fáil ag <http://electronicportfolios.org/digistory/purposesmac.html>] (Léite 10 Nollaig 2012)
- Gregori-Signes, C. (2008). Practical Uses of Digital Storytelling. [Ar fáil ag: [http://www.uv.es/gregoric/DIGITALSTORYTELLING/DS\\_files?DST\\_15\\_ene\\_08\\_final.pdf](http://www.uv.es/gregoric/DIGITALSTORYTELLING/DS_files?DST_15_ene_08_final.pdf)] (Léite 18 Eanáir 2012)
- Jakes, D., & Brennan, J. (2005). 'Digital Storytelling, Visual Literacy and the 21st Century Skills'. [Ar fáil ag: <http://www.techlearning.com>] (Léite 20 Eanáir 2012)
- Robin, B. R. (2005). 'Educational Digital Storytelling'. [Ar fail ag: <http://www.coe.uh.edu/digital-storytelling/introductionroduction.html>] (Léite 20 Eanáir 2012)



# Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Impleachtaí do Ghaeltachtaí Mhaigh Eo

*Le Conchúr Ó Giollagáin  
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh<sup>1</sup>*

## 1.0 Réamhrá

Leagann an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (SCT) béim ar leith ar an riachtanas straitéiseach a bhaineann le cineálacha éagsúla pobal teanga a shainiú mar chéim tosaigh riachtanach i bpróiseas na planála teanga sa Ghaeltacht.<sup>2</sup> Is chuige sin a roinneadh na ceantair éagsúla sa Ghaeltacht i gCatagóirí anailíse d'fhonn ceantair éagsúla feidhme a aithint ina gcuirfí straitéisí éagsúla teanga i bhfeidhm iontu.

---

1 Tá an páipéar seo bunaithe ar chaint a tugadh ag Comhdháil ar Ghaeltachtaí Mhaigh Eo a eagraíodh in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Saol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh an 10 Aibreán 2008. Gabhaim buíochas leis an Dr Séamus Mac Philip, Ard-Mhúsaem na hÉireann, Saol na Tuaithe, agus a choiste eagrúcháin as an gcomhdháil a réiteach agus an deis a thabhairt do na cainteoirí éagsúla a gcuid smaointe ar chinníúint na Gaeltachta i gCo. Mhaigh Eo a roinnt lena chéile agus leis an lucht éisteachta. Tá moladh ag dul don lucht eagrúcháin as an deis phoiblí seo a thapú le seans a thabhairt do dhaoine aghaidh a thabhairt ar cheisteanna deacra agus leochaileacha ar bhealach atá ag iarraidh a dhul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hoidhreacht agus aitheantas na Gaeltachta a shaothrú go praiticiúil agus go réadúil ina chuid réimsí agus comthéacsanna éagsúla.

2 Tá údar an ailt seo ar dhuine de na húdair a scríobh an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (2007).

Pléitear sa pháipéar seo ceithre ghné de stádas oifigiúil na Gaeltachta mar a bhí is mar atá i gceantair éagsúla i gCo. Mhaigh Eo:

- Cúlra na sainmhíithe oifigiúla a rinneadh ar cheantair oifigiúla Ghaeltacht Cho. Mhaigh Eo;
- Léargas ar chineál na Gaeltachta a shonraigh an SCT sna limistéir seo agus ar na próifíil teanga a bhaineann leo i gcás Cho. Mhaigh Eo;
- Impleachtaí théagar/leochaileacht na Gaeltachta i gCo. Mhaigh Eo d'idirghabhálacha pleanála teanga a fhéachfaidh le dul i ngleic lena chinniúint teanga;
- Ceisteanna a mhúscailt faoi inmharthanacht na Gaeltachta i gCo. Mhaigh Eo faoi réir cúinsí reatha.

Tá an plé seo ag eascairt as torthaí taighde reatha, i.e. an SCT 2007 agus as an gcur is an cúiteamh atá á dhéanamh faoi láthair faoina bhfuil i ndán don Ghaeltacht amach anseo. Iarracht atá san alt seo aird a dhíriú ar chuid de na ceisteanna is cinniúnaí do bhrí shoch-chultúrtha a thabhairt do choincheap na Gaeltachta i gcás na gceantar i gCo. Mhaigh Eo a bhfuil an stádas sin acu.

Rinneadh dhá iarracht roimhe seo an Ghaeltacht a shainiú go limistéarach agus go teangeolaíoch ó aimsir Choimisiún na Gaeltachta (CG) 1926 i leith. Léirítear i dtograí taighde éagsúla ar an ábhar seo (Ó Riagáin 1997: 30 agus Hindley 1990: 45) go raibh an claonadh le sonrú ar iarrachtaí an Stáit sa réimse seo boilsciú a dhéanamh ar líon na gcainteoirí Gaeilge i gcás na Fíor-Ghaeltachta agus na Breac-Ghaeltachta (féach Ó Giollagáin 2009). Ba é cumas sa Ghaeilge seachas úsáid na Gaeilge i measc an phobail ba bhonn leis na sainithe seo, dar ndóigh (Ó Riagáin 1997: 51 agus CG 1926: 6).

Chuir bunú Roinn na Gaeltachta agus dréachtú a teorainn feidhme i 1956 deireadh leis an idirdhealú stáit idir ceantair Fhíor-Ghaeltachta agus Bhreac-Ghaeltachta. Laghdaíodh ar limistéir fheidhme na Gaeltachta de bharr na leasuithe

stáit i 1956, ach chuimsigh limistéar feidhme na Roinne nuabhunaithe cineálacha éagsúla ceantar teangeolaíoch, .i. díreir idir an limistéir a sainíodh agus an pobal teanga a raibh an ceantar feidhme ag freastal air:

- Ceantair a raibh an seachadadh teanga idirghlúineach réasúnta slán iontu;
- Ceantair a raibh comharthaí sóirt an aistrithe teanga le haithint orthu;
- Ceantair a raibh an t-aistriú teanga, nach mór, curtha i gcrích iontu seachas i nómhaireacht na seanghlúine;
- Bailte a raibh an t-aistriú teanga curtha i gcrích le glúnta roimhe sin iontu (féach Ó Giollagáin 2009).

Níor ceadaíodh aon mheicníocht straitéise le dul i ngleic le castacht na hilghnéitheachta seo; cineál amháin stádais Ghaeltachta a bronnadh ar cheantar beag beann ar théagar agus dlús sóisialta na gcainteoirí sa limistéar.

Sonraíodh sainiú teangeolaíoch, mar sin féin, a bhí beagáinín débhríoch ó thaobh na tíreolaíochta de, i bhforálacha an *Achta Airí agus Rúnaithe (Leasú)*, 1956, .i. Acht bunaithe na Roinne:

‘... límistéirí ar Gaeilgeoirí mórchuid de na daoine iontu agus límistéirí ina n-aice sin ar dóigh leis an Rialtas gur cheart iad d’áireamh sa Ghaeltacht d’fhonn an Ghaeilge a chaomhaint agus a leathnú mar ghnáth-urlabhra.’

Tá sainiú na Gaeltachta mar a shonraítear é in *Acht na Gaeltachta 2012* débhríoch ó thaobh na teangeolaíochta agus na tíreolaíochta de. Is cosúil go bhfuil sainiú na Gaeltachta i limistéir ar leith ag brath ar acmhainn an phobail plean teanga chun sástachta an Údaráis a réiteach:

‘Déanfaidh Údarás na Gaeltachta, i ndáil le limistéar is ábhar d’fhógra faoi *fhó-alt* (3), eagraíocht a roghnú a rinne iarratas faoi *fhó-alt* (4) agus arb í, i dtuairim Údarás na Gaeltachta, an eagraíocht is cumasaí chun plean a ullmhú arb é is cus-póir leis socrú a dhéanamh maidir le méadú ar úsáid na Gaeilge i saol teaghlaigh, oideachais, poiblí, sóisialta, áineasa agus tráchtála an limistéir lena mbaineann (dá ngairtear “plean Gaeilge” san alt seo) agus an céanna a spreagadh, de réir critéar pleanála teanga forordaithe, agus nuair a bheidh déanta amhlaidh aige, cuirfidh sé an roghnú in iúl don eagraíocht sin i scríbhinn’ (2.7(6)).

## 2.0 SCT agus Idirhealú idir na Catagóirí A, B agus C i Limistéar Gaeltachta Cho. Mhaigh Eo

Ba é an taighde a rinne Oifig na Gaeltachta agus na gCeantar gCúng (OGCC)<sup>3</sup> ar dháileadh na bpopal Gaeilge sa Ghaeltacht an bonn comhairleach a bhí ar fáil don Rialtas maidir le dréachtú *Ordú na Limistéar Gaeltachta, 1956* (OLG) a síníodh go gairid i ndiaidh achtú *Acht na nAirí agus na Rúnaithe (Leasú)* 1956. Ba léir ó thaighde OGCC go raibh léiriú le fáil iontu ar próifíle éagsúla teanga agus comharthaí sóirt na gCatagóirí éagsúla Gaeltachta, a sonraíodh sa SCT 2007.

Mhol Stiúrthóir na OGCC, Seán Mag Fhloinn, ina chuid taighde (pléite níos mine in Ó Giollagáin 2006) i meamram a chuir sé ar fáil don Rialtas an 8 Meán Fómhair 1956 go gcuirfí sceideal sonraithe toghrann san áireamh in OLG a dtabharfaí aitheantas Gaeltachta dóibh. Moladh sa mheamram céanna go bhfoileodh an Rialtas sceideal eile ag an am céanna le hachtú an Ordaithe liosta na dtoghrann (Aguisín 3 sa mheamram) a d'fhéadfaí a chur san áireamh amach anseo in OLG dá sásódh na pobail iontu critéir áirithe teanga. Cuireadh an dá sceideal san áireamh in aon sceideal amháin, in ainneoin chomhairle OGCC, san Ordú a shínigh an Rialtas an 21 Meán Fómhair 1956. Seo thíos liosta na dtoghrann i gCo. Mhaigh Eo a sonraíodh in Aguisín 3 de chuid Mheamram OGCC an 8 Meán Fómhair 1956 nár moladh don dréacht tosaigh d'OLG 1956 (féach OAG 1956 thíos):

- (a) Toghanna iomlána a luadh in Aguisín 3 den Mheamram Rialtais (8/9/1956) ach a cuireadh san áireamh i Sceideal an Orduithe (21/9/56):
  - Barr Rúscaí; Béal Deirg Mór; Béal an Mhuirthead; Cnoc na Lobhar; An Geata Mór Thuaidh; Gleann na Muaidhe; Na Monga.
- (b) Toghanna ar cuireadh na bailte fearainn dá gcuid a luadh in Aguisín 3 i Sceideal an Orduithe sa chaoi go raibh toghanna iomlána á n-áireamh san Ordú:
  - Acaill; An Cheapaigh Dhuibh; Cnoc na Ráithe; An Corrán; Dumha Éige; Gleann Chaisil; An Geata Mór Theas.
- (c) Toghanna ar cuireadh na codanna dá gcuid a luadh in Aguisín 3 san áireamh i Sceideal an Orduithe mar pháirt-toghranna:
  - Guala Mhór; Tamhnaigh na Graí.

3 Ba í OGCC an áisíneacht stáit ar leagadh cúram na Gaeltachta uirthi roimh 1956.



Mínítear thíos an tátal anailísithe a baineadh as an scagadh ar an bhfiannaise staitistiúil a rinneadh ar fhaisnéis teanga Dhaonáireamh 2002 agus ar fhaisnéis Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG) i gCuid 2 den SCT. Idirhealaítear trí chineál pobal teanga faoi leith laistigh de na limistéir reachtúla Ghaeltachta mar a shainítear iad faoi láthair, mar seo a leanas (ar lorg an SCT agus Uí Ghiollagáin 2009):<sup>4</sup>

**Limistéir Ghaeltachta Chatagóir A** a chuimsíonn na toghranna a bhfuil breis is 67% dá ndaonra iomlán (3bl.+ ) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Is iad seo na toghranna a bhfuil an speictream is airde úsáide Gaeilge le fáil iontu agus seasmhacht áirithe le sonrú ar an bpatrún úsáide Gaeilge sna rannóga aoise ar fad, cé is moite d'iompar teanga na n-óg. Is ionann 67% den phobal a bheith ina gcainteoirí laethúla Gaeilge agus tairseach chinníúnach theangeolaíoch. Léirítear san anailís a rinneadh i gCaibidlí 3 agus 6 de chuid an SCT go dtagann laghdú tobann ar úsáid na Gaeilge mar theanga theaghlaigh agus phobail nuair a thiteann líon na gcainteoirí laethúla i gceantar faoi bhun na tairsí seo.

**Limistéir Ghaeltachta Chatagóir B** a chuimsíonn na toghranna a bhfuil idir 44%–66% dá ndaonra iomlán (3bl.+ ) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Is ceantair iad seo a bhfuil úsáid na Gaeilge le sonrú iontu i gcónaí ach gur léir go bhfuil úsáid an Bhéarla in uachtar. Tá comharthaí sóirt an aistrithe teanga le feiceáil go soiléir sna difríochtaí i bhfaisnéis an Daonáirimh maidir le húsáid na Gaeilge in aoisghrúpaí éagsúla, .i. is iondúil go mbíonn líon na gcainteoirí laethúla níos airde i measc na n-aoisghrúpaí scoile ná mar a bhíonn in aoisghrúpaí na ndaoine fásta. Tugann sé seo le tuiscint go bhfuil an Ghaeilge imithe ar gcúl sna ceantair seo agus gur i gcomhthéacs scoile is mó atá sí á húsáid ag daoine óga. In ainneoin gur mionlach iad, i gcás chomhdhéanamh sochtheangeolaíoch an phobail trí chéile, is iondúil go mbíonn céatadán suntasach de na haoisghrúpaí níos sine sna ceantair seo ina gcainteoirí laethúla freisin. Léiríonn an fhaisnéis staitistiúil go bhfuil úsáid áirithe á baint as an nGaeilge mar ghnáthurlabhra sna pobail seo go fóill, ach go bhfuil sí teoranta d'aoisghrúpaí faoi leith agus/nó d'institiúidí faoi leith, agus/nó do ghréasáin aitheantais faoi leith.

4 Is éard a leag mé romham in Ó Giollagáin (2009) plé achoimreach a dhéanamh ar thorthaí agus ar mholtaí an SCT i bhfiannaise cuid den phlé poiblí agus eárnalach a rinneadh ar lorg fhoilsíú an SCT.

**Limistéir Ghaeltachta Chatagóir C** a chuimsíonn na toghranna a bhfuil faoi bhun 44% dá ndaonra iomlán (3bl.+ ) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Cuimsíonn an chatagóir seo an líon is mó toghrann agus daonra de na trí chatagóir seo. Is iondúil gur i measc na n-aoisghrúpaí scoile den chuid is mó a úsáidtear an Ghaeilge sna limistéir seo. Is gá a chur san áireamh, áfach, go gcuimsíonn an chatagóir seo roinnt ceantar beag a mbeadh tréithe teangeolaíoch ag baint leo nach dtagann leis an bpróifíl ar an gcatagóir trí chéile. Tarlaíonn sé seo de bharr gur mionlach iad na pobail atá i gceist laistigh de na toghranna a bhfuil siad suite iontu. Cé gur léir i gcásanna áirithe go bhfuil leas an-teoranta á bhaint as an nGaeilge mar theanga phobail nó institiúideach i gcás cuid de na toghranna atá i gCatagóir C, i gcásanna eile, tugann an fhaisnéis le fios go n-úsáidtear an Ghaeilge fós i gcuid de na gréasáin aitheantais agus de na hinstitiúidí oideachais agus pobail a bhaineann le Catagóir C.<sup>5</sup>

Léirítear sa tábla thíos na toghranna Gaeltachta i gCo. Mhaigh Eo<sup>6</sup> de réir Chatagóirí an SCT agus sna léarscáileanna thíos faoi sin faightear léiriú comparáideach ar fhaisnéis teanga an Daonáirimh (2002), ar dháileadh limistéarach na gCatagóirí A, B agus C agus ar dháileadh thorthaí Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG) de chuid na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta don bhliain 2002/3 de réir bandaí céatadánacha.

---


5 Mar shampla, thabharfaí próifíl ní ba láidre faoi deara maidir leis na gréasáin teanga atá ag feidhmiú i gceantar na hEachléime sa chuid ó dheas de Thoghroinn an Gheata Mhóir Theas ná mar a bheadh le sonrú ar na gréasáin sa chuid ó thuaidh. Mar sin féin, tá gnéithe éagsúla de réimsí saoil na ngréasán pobail i gceantar na hEachléime atá comhtháite i ngréasáin institiúide agus pobail sa chuid eile de leithinis Bhéal an Mhuirthead a bhfuil próifíl Chatagóir C i réim inti.

6 Is ionann na huimhreacha a nasctar leis na toghranna agus uimhir aitheantais na Príomhoifige Staidrimh. Gabhann na réamhuimhreacha 29(0) - leo freisin a léiríonn toghranna Cho. Mhaigh Eo.

Catagóirí Gaeltachta an SCT (A, B agus C)		
Catagóir A	Catagóir B	Catagóir C
60. Cnoc an Daimh	47. Abhainn Bhrain	33. Baile an Chalaídh
		52. An Geata Mór Theas
		48. Partraí*
		37. An Cheapaigh Dhuibh
		35. Baile Óbha*
		133. An Corrán
		124. Acaill
		62. Moing na Bó
		136. Dumha Éige
		51. An Geata Mór Thuaidh
		13. Béal Deirg Mór
		61. Cnoc na Lobhar
		54. Barr Rúscaí
		63. Na Monga
		57. Gleann Chaisil
		55. Béal an Mhuirthead
		64. Cnoc na Ráithe
		82. Tamhnaigh na Graí*
		59. Guala Mhór*
		56. Gleann na Muaidhe


**GAELTACHTAÍ MHAIGH EO: COMPARÁID IDIR FAIS-  
NÉIS TEANGA AN DAONÁIRIMH (2002) AGUS FAISNÉIS  
SCÉIM LABHAIRT NA GAELIGE (SLG) 2003/4**

Tugtar léiriú sa léarscáil contae seo a leanas ar an gcoibhneas idir faisnéis na ndaoine (aois 3 bl. +) a thuairiscíonn i nDaonáireamh 2002 cumas sa Ghaeilge a bheith acu, céatadán na gcainteoirí laethúla Gaeilge, agus faisnéis SLG ón mbliain 2003/4 de réir toghroinne. Léirítear an fhaisnéis chumais sa mhaide faisnéise gorm, an fhaisnéis a bhaineann le húsáid laethúil na Gaeilge sa mhaide faisnéise dearg, agus faisnéis SLG sa cheann glas.



NIRSA a réitigh. Ceadúnas Uimhir MP 8252  
© Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus Rialtas na hÉireann  
An Phríomh-Oifig Staidrimh – faisnéis SAPS an Daonáirimh

**COMPARÁID IDIR FAISNÉIS DHAONÁIREAMH 2002 AGUS FAIS-  
NÉIS SLG 2003/04 I LIMISTÉIR GHAELTACHTA MHAIGH EO**



NIRSA a réitigh. Ceadúnas Uimhir MP 8252  
 © Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus Rialtas na hÉireann  
 An Phríomh-Oifig Staidrimh – faisnéis SAPS an Daonáirimh

### COMPARÁID IDIR FAISNÉIS SLG (AR CHLÉ) AGUS NA CATAGÓIRÍ GAELTACHTA A, B AGUS C DO GHAELTACHT MHAIGH EO

Nuair a dhéantar scagadh ar dháileadh na dtoghann Gaeltachta i gCo. Mhaigh Eo i measc Chatagóirí an SCT, tuigtear a leochailí is atá an Ghaeltacht mar aonad cultúrtha agus teangeolaíoch sa chontae seo. Cé is moite de thoghann Chnoc an Daimh (ceantar Cheathrú Thaidhg),<sup>7</sup> is léir gur i gcomhthéacs na hathnuachana nó na hatógála is gá tabhairt faoi chúraimí na pleanála teanga sa chontae seo má táthar le réasúnaíocht nó brí a tabhairt do choincheap na Gaeltachta i gCo. Mhaigh Eo ar bhealach atá níos uaimhianáí ná coincheap dromchlach an aonaid riaracháin stáit atá á fheidhmiú faoi láthair. D'fhéadfaí a mhaíomh ina cheann sin go bhfuil an stádas á fheidhmiú go príomha de réir na neodrachtá teangeolaí. I gcás cheantar Cheathrú Thaidhg, an t-aon cheantar sa chontae a áiríodh i gCatagóirí A de réir na hanailíse staitistiúla, beidh tacaíocht agus idirghabháil ar leith pleanála teanga ag teastáil uathu má tá úsáid na Gaeilge mar theanga phobail le caomhnú ann. Is é an claonadh nádúrach a bhíonn ag daoine nuair a thugtar eisceacht thíreolaíoch faoi deara ná fiafrú cén fáth nár tharla

7 Pléitear gnéithe eile de phróifíl teanga Cheathrú Thaidhg in Ó Giollagáin 2011.

an rud céanna ansin is a tharla i gcás na gceantar eile. Is é an freagra simplí air seo ná gur éirigh leis an bpobal, in ainneoin na laincisí ar fad, líon coibhneasta níos airde cainteoirí baile a chruthú agus a chothú ná mar a tharla i gcás na bpobal eile sa chontae seo. Tuigtear anois, áfach, go bhfuil dúshláin mhóra roimh an bpobal má tá siad le glúin eile cainteoirí gníomhacha Gaeilge a chruthú i ngeall ar a mheasctha is atá an t-iompar teanga i dteaghlaigh óga an cheantair. Comhthéacs caomhnaithe teanga atá i gceist anseo sa mhéid is go bhfuil na gréasáin Ghaeilge réasúnta láidir fós i gcás na meán- agus na seanghlúine, ach gur i dtuilleamaí na hatógála is gá tabhairt faoin bpleanáil teanga sa cheantar seo freisin i ngeall ar na laincisí atá ar acmhainn an phobail timpeallacht shlán a chothú d'úsáid shóisialta na Gaeilge i measc aos óg Cheathrú Thaidhg. Ní hamháin go mbeidh cur chuige samhlaíoch ag teastáil i réimse na teanga, ach is léir go mbeidh tacaíocht réamhghníomhach de dhíth freisin i gcás sheasmhacht an phobail féin in aghaidh na mbrúnna déimeagrafacha atá ag bagairt orthu.

Claonadh i dtreo na rannóg aoise is sine sa phobal atá le sonrú ar phobal Abhainn Bhraín (ceantar Fhionnaithe i ndeisceart an chontae) freisin, an t-aon toghroinn a cuireadh san áireamh i gCatagóir B de chuid an SCT. Thabharfadh líon teoranta coibhneasta na dteaghlach a shaothraigh deontas iomlán SLG le blianta beaga anuas le fios gur gníomhaí na gréasáin Ghaeilge i gcás na glúine is sine sa cheantar seo. Tá sé le tabhairt faoi deara go bhfuil daonra coibhneasta an-bheag sa toghroinn i gcomparáid leis na toghranna eile sa Ghaeltacht. Áitíonn an SCT go bhfaightear i bhfaisnéis na dtoghrann a bhaineann le Catagóir B léiriú ar phobal teanga atá neamhsheasmhach in aghaidh bhrú an aistrithe teanga. Faightear léiriú iontu ar chlaonadh, seachas staid teanga, i dtreo an athraithe pobail agus teanga go dtagann an claochló i dtreis ina measc go dtí go mbunaítear an phróifíl teanga sa phobal a bhfuil cosúlacht phróifíl Chatagóir C uirthi; is é sin gur staid idirthréimhseach i dtreo chomharthaí sóirt Chatagóir C atá i bpróifíl teanga Chatagóir B.

Is i gceantar an Gheata Mhóir Theas a ghnóthaítear an líon coibhneasta is airde deontas SLG i measc na dtoghrann a áirítear i gCatagóirí B agus C i gCo. Mhaigh Eo. Ní mór a aithint go mbaintear líon coibhneasta níos airde deontas de chuid SLG sa toghroinn seo ná mar a shaothraítear i gcás Chatagóir C sa Ghaeltacht trí chéile. I measc na gcúinsí is suntasaí is bunús le ráta SLG sa toghroinn seo tá: líon áirithe teaghlach i gcuid den cheantar a labhraíonn an Ghaeilge mar theanga bhaile; gréasáin Ghaeilge atá níos láidre i gcuid den cheantar; polasaithe éagsúla teanga á bhfeidhmiú i scoileanna an cheantair,

dearcadh réamhghníomhach i gcuid de na forais phobail atá ag feidhmiú sa cheantar gur ceart díriú ar thacaíocht a chur ar fáil do dhaoine óga SLG a bhaint amach mar spriocphobail.

I measc an 22 toghroinn (nó páirt-toghroinn) ar bronnadh stádas Gaeltachta orthu i 1956, déantar 20 díobh a áireamh i gCatagóir C de chuid an SCT, sin le rá gurb í an phróifíl teanga a bhaineann le Catagóir C a shainmhíniú an cineál pobal teanga is coitianta a bhfuil aitheantas Gaeltachta acu i gCo. Mhaigh Eo. Mar a pléadh thuas i gcas na tairsí inmharthana, tagann claochló an-tobann ar na pobail Ghaeilge sa Ghaeltacht nuair a thiteann líon na gcainteoirí gníomhacha faoi bhun dhá thrian den phobal agus cailleann siad an acmhainn úsáid cheannasach na Gaeilge i measc an phobail trí chéile a mhúnlú de bharr an laghdaithe seo. Fágann sin go n-iontaíonn úsáid choitianta na Gaeilge i measc an chuid is mó den phobal ina ghnás mionlaigh taobh istigh d'achar ama atá réasúnta gairid. Tar éis don phobal titim faoi bhun an phointe chinniúna seo airíonn na cainteoirí gníomhacha Gaeilge atá ar marthain sa phobal go bhfuil siad ag feidhmiú i ngréasáin nach bhfuil ach tacaíocht pháirteach nó theoranta á roinnt leo ón bpobal trí chéile. Léirítear sa SCT (agus i dtograí eile taighde, Mac Donnacha *et al.* 2005 agus Ó Giollagáin 2002, 2004 agus 2005, mar shampla) go bhfuil an patrún aistrithe teanga ó Ghaeilge go Béarla á thiomáint go príomha mar thoradh ar an dinimic shóisialta a bhaineann leis an gcaidreamh atá ag pobal na Gaeltachta leis na gréasáin réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta lena mbaineann siad agus a fhágann go bhfuil comhdhéanamh phobal na Gaeltachta ag athrú de réir a chéile. Is ar an gcaoi seo a thugtar an deis chomhfhiosach nó neamhchomhfhiosach do rannpháirtithe nua sna gréasáin Ghaeltachta, ar mionlach ó thús iad, an bhunchloch shóisialta a bhfuil úsáid na Gaeilge sa phobal tógtha uirthi a leagan i dtosach agus a dhíphréamhú óna láthair stairiúil sa deireadh. Is é an titim faoi bhun na tairsí de dhá thrian den phobal a bheith ina gcainteoirí gníomhacha Gaeilge an pointe athraithe ina ndéantar na gréasáin Ghaeilge a dhíphréamhú óna bpobal limistéarach agus a chuireann tús le próiseas an mhionlathite ar a lorg sin. Is é an difríocht theangeolaíoch idir na pobail atá os cionn na tairsí agus na cinn atá faoina bun go bhfreagraíonn ráta úsáide na mionteanga i measc an phobail cuid mhór do ráta cumais an mhórlaigh sa mhionteanga nuair atá dlúthchoibhneas idir an daonra agus na cainteoirí gníomhacha, agus go n-osclaíonn agus go méadaíonn an bhearna idir cumas sa mhionteanga agus úsáid na mionteanga sa phobal de réir mar a thiteann líon na gcainteoirí gníomhacha faoin ard-dlús de

67% de dhaonra an cheantair agus de dhaonra na nglúnta éagsúla sa cheantar; is é sin an difríocht idir pobal Gaeilge Gaeltachta agus ceantar Gaeltachta a bhfuil cónaí ar chainteoirí Gaeilge ann.

Baineann 95% de na ceantair laistigh de theorainn oifigiúil na Gaeltachta i gCo. Mhaigh Eo le Catagóirí B agus C an SCT a bhfuil gréasáin Ghaeilge de théagair éagsúla, seachas pobail Ghaeilge, ag feidhmiú iontu. Léirítear sa staitistic seo go bhfuil próiseas an díphréamhaithe teanga curtha i gcrích i gcás na bpobal uilig beagnach a bhfuil aitheantas Gaeltachta acu i gCo. Mhaigh Eo ó 1956 i leith. Mheabhródh taighde Sheáin Mhig Fhloinn (OGCC 1956) go bhfaighfí léargas ar an bpróiseas céanna ag an am sin i gcuid mhór de na ceantair ar bronndadh an stádas Gaeltachta orthu an bhliain sin, go háirithe nuair a chuimhnítear gur thograigh an Rialtas ag an am comhdhlúthú a dhéanamh ar na sceidil éagsúla a réitigh foireann OGCC in aon sceideal amháin in *Ordú na Limistéar Gaeltachta*. Thug Patrick Lindsay, an chéad Aire Gaeltachta, le fios ina dhiaidh sin go raibh na deiseanna forbartha a chuirfeadh an Roinn nua ar fáil do phobail imeallacha ar thús cadhnaíochta an aosa pholaitiúil ag an am seachas iarrachtaí a thionscnódh an Roinn nuabhunaithe le dul i ngleic le próiseas an aistrithe teanga (Lindsay 1992: 164). D'fhéadfaí a áiteamh gurbh é an dearcadh aontomhaiseach tosaigh seo a leag síos múnla easnamhach a chuirfeadh laincis ar an Roinn straitéisí ní ba dhinimiciúla a fhorbairt a thabharfadh aghaidh ar cheisteanna a bhí i bhfad ní ba chasta agus ní ba choimpléacsáí ná na riachtanais a bhain leis an bhforbairt tuaithe i gceantair imeallacha, saintréith mhodh oibre na Roinne ó shin i leith.

Is léir, mar sin, gurb é an cuspóir is cóir a bheith leis an bpleanáil teanga i limistéar Chatagóir A i gCo. Mhaigh Eo ná dlús na gcainteoirí Gaeilge a chosaint iontu agus tacaíocht a chur ar fáil a dhéanfaidh buanáir ar úsáid na Gaeilge mar theanga theaghlaigh agus phobail iontu. Beidh cuspóir eile i gceist leis an bpleanáil teanga i limistéir Chatagóirí B agus C sa chontae, .i. na gréasáin aitheantais agus institiúideacha Gaeilge iontu a chothú, a bhuanú agus a neartú. I ngeall ar líon ard na gceantar a bhfuil próifíl Chatagóir C orthu i gCo. Mhaigh Eo, is léir gurb é an clár oibre pleanála teanga a dhíríonn ar na gréasáin Ghaeilge de chineál Chatagóir C is mó a bhaineann le hábhar i gcás cuspóirí Gaeltachta i gCo. Mhaigh Eo.

Is léir gur láidre na gréasáin seo i bpobail áirithe thar a chéile, agus nach é an cineál céanna gréasáin atá i ngach uile phobal. Tá trí ghné go príomha le sonrú ar na ceantair a bhfuil gréasáin Ghaeilge fós ar marthain iontu sa chatagóir seo: tá na gréasáin bunaithe ar roinnt bheag teaghlach a bhfuil an Ghaeilge fós mar phríomhtheanga theaghlaigh acu; tá úsáid na Gaeilge níos coitianta i measc ghréasáin na n-aoisghúpaí is sine, agus i gcás na gceantar a bhfuil gréasáin réasúnta



láidir iontu is minic a fheidhmíonn na hinstiúidí oideachais ag an mbunleibhéal agus instiúidí eile sa phobal trí Ghaeilge nó go dátheangach. Faightear léiriú ar ghréasáin níos laige ná seo i bpobail eile sa chontae a bhfuil úsáid na Gaeilge ina measc bunaithe ar na haoisghrúpaí is sine sa phobal agus gan ach aitheantas dromchlach á thabhairt do ghné na Gaeltachta sna hinstiúidí oideachais. I gcás roinnt mhaith de na pobail is laige i gCatagóir C i gCo. Mhaigh Eo, ní dhéantar an méid sin féin. Fágann sin go bhfuil comhthéacsanna agus túsphointí éagsúla i gceist ag na pobail i limistéir Chatagóir C fiú más spéis leo aghaidh a thabhairt ar na critéir phleanála teanga atá á moladh sa SCT.

### **3.0 Ceantair Ghaeltachta Mhaigh Eo agus an Phleanáil Teanga amach anseo**

Is é an impleacht is tábhachtaí a bhaineann leis an bpríomh-mholadh a rinneadh sa SCT maidir le stádas Gaeltachta ceantair go mbeadh an stádas sin bunaithe go príomha ar choincheap dinimiciúil den Ghaeltacht seachas ar shainmhíniú limistéarach mar a rinneadh go nuige seo. Moltar sa staidéar go ndéanfaí leasú ar an *Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú)*, 1956 chun meicniocht reachtúil a chur ar fáil le hidirdhealú a dhéanamh idir na cineálacha éagsúla pobal teanga, Catagóirí A, B nó C, atá laistigh de na limistéir reachtúla Ghaeltachta agus chun sainiú a dhéanamh ar na bunchritéir a bhaineann leis an stádas reachtúil Gaeltachta a shaothrú. Soiléiriú a bheadh mar aidhm leis na leasuithe seo a dhearbhódh gurbh é an tsainbhírí reachtúil a bheadh leis an bhfocal ‘Ghaeltacht’ i gcomhthéacs an Acht feasta ná ‘limistéir shainithe phleanála teanga’ seachas aon bhrí theangeolaíoch eile. Ciallaíonn seo go bhféadfaí aitheantas de réir na gcatagóirí éagsúla a ghnóthachtáil nó a chailleadh.

Moltar sa SCT go n-ullmhófaí plean teanga do gach limistéar Gaeltachta agus go mbeadh comhaontú an phlean sin leis an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag brath ar éifeacht agus ar thoilteanas an phobail i limistéar feidhme an phlean na critéir a bhaint amach. Tagraíonn an SCT do na riachtanais a bhaineann le comhtháthú a dhéanamh ar na príomhréimsí pleanála a bhaineann le saol na Gaeltachta, ar a n-áirítear an phleanáil teanga, an phleanáil fhisiciúil, an phleanáil oideachais, an phleanáil forbartha, an phleanáil shóisialta agus an fhorbairt pobail sna pleananna teanga seo.

Táthar ag moladh go mbunófaí gach plean ar thimthriall seacht mbliana, .i. gur tréimhse seacht mbliana a bheidh i gceist le gach plean, ach go gcuirfí tús leis an bpróiseas measúnaithe ar éifeacht an phlean reatha agus le hullmhú na chéad phlean eile ag tús an tséú bliain den timthriall.

I gcás na gCatagóirí B agus C, táthar ag moladh nár chóir don phróiseas pleanála iontu díriú ach ar na príomhghnéithe a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge agus le láidriú na ngréasán Gaeilge iontu agus go mbeidh an próiseas pleanála teanga atá i gceist iontu teoranta do na réimsí pleanála ar féidir a bheith deimhin de ina dtaobh go mbeidh an caiteachas a eascróidh astu teangalárnaithe, chun go ndéanfar idirdhealú soiléir idir caiteachas an Stáit ar an nGaeilge agus caiteachas an Stáit ar réimsí forbartha eile sna limistéir atá i gceist. Is é éirim na moltaí pleanála teanga do na catagóirí seo go mbeidh an caiteachas ó bhuiséad Gaeltachta an Stáit, agus go háirithe caiteachas na bpríomheagraíochtaí stáit a bhfuil feidhm acu sa Ghaeltacht, .i. an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta, ag eascairt go príomha feasta as na beartais forbartha agus eile a eascróidh as na pleananna teanga a thagann chun cinn mar thoradh ar an bpróiseas seo. Is é aidhm an chur chuige seo go ndeimhneofar go mbeidh critéir phleanála teanga mar bhunús le caiteachas Gaeltachta an Stáit feasta agus bheifí ag súil, dá bharr, go léireodh seo don phobal, ar bhealach ní ba shoiléire ná mar atáthar á dhéanamh faoi láthair, an ceangal atá idir leas na Gaeilge agus caiteachas an Stáit sa Ghaeltacht.

### 3.1 Critéir Phleanála Teanga Limistéir Ghaeltachta Chatagóirí B agus C

Moltar gurb iad na cleachtais agus na spriocanna seo a leanas ba chóir don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a úsáid mar chritéir mheasúnaithe agus í ag déanamh breithiúnais ar fhiúntas agus ar éifeacht na bpleananna teanga a chuirtear faoina bráid mar bhunús d'éilimh na bpobal i gceantair Chatagóirí B agus C ar aitheantas Gaeltachta i dtaca leis an straitéis nua stáit atá á mholadh sa SCT:<sup>8</sup>

1. I gcás Chatagóir B, 44% den daonra a bheith ina gcainteoirí laethúla Gaeilge de réir fhaisnéis an Daonáirimh agus 30% de na teaghlaigh a bhfuil leanaí acu i réimse aoise na scéime a bheith i dteideal dheontais SLG faoin scéim leasaithe.
2. I gcás Chatagóir C, 30% den daonra a bheith ina gcainteoirí laethúla Gaeilge de réir fhaisnéis an Daonáirimh agus 10% de na teaghlaigh a bhfuil leanaí acu i réimse aoise na scéime a bheith i dteideal dheontais SLG faoin scéim leasaithe.
3. Gréasáin Ghaeilge a bheith gníomhach i measc an phobail.
4. Oideachas trí Ghaeilge (cé is moite de ranganna Béarla) ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal a bheith curtha ar fáil do dhaltaí an cheantair.
5. Polasaithe iompar teanga a dhréachtú agus a fheidhmiú sna scoileanna a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga shóisialta lasmuigh den seomra ranga.
6. Go mbeadh seirbhísí tacaíochta teaghlaigh teangalárnaithe (ar a n-áirítear seirbhísí cúram leanaí, seirbhísí réamhscolaíochta agus seirbhísí comhairleoireachta teaghlaigh), agus socruithe faoi leith a bheith déanta, nuair is cuí, do leanaí a bhfuil an Ghaeilge mar theanga bhaile acu agus do leanaí nach bhfuil aon Ghaeilge acu.

---

8 Leagtar critéir eile amach sa SCT do Chatagóir A (a bhaineann le ceantar Cheathrú Thaidhg) atá ag díriú ar straitéis níos cuimsithí planála teanga. I measc na spriocanna ginearálta pobail moltar go ndíreofar ar: 67% den daonra a bheith ina gcainteoirí laethúla Gaeilge de réir fhaisnéis an Daonáirimh agus 65% de na teaghlaigh a bhfuil leanaí acu i réimse aoise na scéime a bheith i dteideal deontais SLG faoin scéim leasaithe; úsáid na Gaeilge a bheith in uachtar i nósghaireachtaí sóisialta agus institiúideacha an limistéir.

7. Clubanna óige,ampaí samhraidh agus imeachtaí spóirt agus sóisialta eile don óige a bheith á riaradh trí Ghaeilge agus polasaí iompar teanga a bheith á fheidhmiú iontu.
8. Seirbhísí eaglasta trí Ghaeilge a bheith ar fáil do phobal Gaeilge an cheantair.
9. Go mbainfí leas as forálacha an *Achta um Phleanáil agus Forbairt, 2000* le cosaint a thabhairt do dhlús na gcainteoirí Gaeilge sa cheantar (i gcás Chatagóir B) agus le huasmheadú a dhéanamh ar úsáid agus ar fheiceálacht na Gaeilge sna limistéir trí chéile.

Is cinnte go bhfuil acmhainn institiúideach an phobail feidhm phraiticiúil a thabhairt do na critéir phleanála seo níos forbartha i gceantair áirithe de chuid Ghaeltacht reachtúil Cho. Mhaigh Eo seachas a chéile agus go gcruthódh na critéir thuasluaite dúshláin ar leith do phobail áirithe. Ar an lámh eile, áfach, tugann an clár oibre is bunús le straitéis na gcritéar phleanála deis do na pobail éagsúla teacht ar chomhaontú faoi na cuspóirí pobail agus na réimsí polasaí teanga is cinniúnaí a thabharfaidh brí do choincheap na Gaeltachta ina gcás féin. Is é is aidhm leis na critéir i ndeireadh na dála ná modh oibre agus treoirlínte a mholadh don phobal sa chaoi is go mbeidh siad in ann fáil faoi réir leis an mbuntáiste is fearr a bhaint as straitéis a bheadh ag díriú ar aidhmeanna comhtháite phleanála teanga, agus go ndéanfadh an Stát agus a chuid foras freastal feiliúnach ar na haidhmeanna seo. Mheabhródh próifíl éigeandálach teanga na Gaeltachta comhaimeartha a léiríodh sa SCT go bhfuil dhá phríomhrogha le déanamh ag na forais éagsúla stáit atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht faoi láthair: (a) tacú le hiarrachtaí an phobail i gceantair Chatagóir A cur in aghaidh an aistrithe teanga agus (b) tacú le hiarrachtaí an phobail i gceantair Chatagóirí B agus C athnuachan nó atógáil a dhéanamh ar na gréasáin Ghaeilge agus institiúideacha, is é sin má táthar leis an nGaeltacht a chosaint mar aonad teangeolaíoch. Is forleithne a thuigtear anois, áfach, gurb amhlaidh is lú éifeacht a bheidh le straitéisí na phleanála teanga dá mhéad cúngú nó imeallú a dhéantar ar sheachadadh agus ar shealbhú teanga i gcás teanga mhionlaigh. I gcomhthéacs na géarchéime seo, ach go háirithe, ba dheacair an réasúnaíocht reachtúil agus straitéiseach a bhaineann le stádas mar cheantar Gaeltachta a bhronnadh ar phobail a chosaint mura mbeidís toilteanach agus inniúil ar na forais oideachais agus pobail atá faoina smacht a stiúradh agus a fheidhmiú ar bhealach atá taobh le haidhmeanna na phleanála teanga Gaeilge.

Aithnítear freisin nach acmhainn dúinn leanacht den *laissez-faire* feasta más spéis linn dul i ngleic leis na dúshláin atá ag bagairt ar inmharthanacht oidhreacht theangeolaíoch na Gaeltachta i ngeall ar a leochailí is atá na pobail Ghaeilge inti. Tuairiscítear líon na ndúshlán sa SCT don tuiscint thraidisiúnta limistéarach i bhfianaise leathnú chúinsí na Breac-Ghaeltachta sa limistéar trí chéile:

- Léiriú ar phobal teanga atá faoi bhrú agus gan ach duine as beirt a thógtar le Gaeilge sna ceantair is láidre (Cat. A);
- Is ar éigean ar ann do phobail Ghaeltachta a bhfuil trí ghlúin de chainteoirí gníomhacha Gaeilge ar marthain iontu;
- Laige na n-iarrachtaí atá ar bun leis an gcomhthéacs measctha sochtheangeolaíochta a bhainistiú le brú an aistrithe teanga a laghdú ar na cainteoirí óga Gaeilge;
- Laghad na ndeiseanna agus na dtacaíochtaí a thugtar do chainteoirí óga an Ghaeilge a úsáid mar theanga shóisialta i measc a gcomhaoiseach;
- Doiléireacht polasaithe agus cleachtas á léiriú ag na forais stáit sa Ghaeltacht, go háirithe i réimse an oideachais.

#### 4. Clabhsúr

Is é tátal lom an SCT ná go bhfuil na pobail Ghaeltachta i ngreim ag géarchéim theangeolaíoch a bhfuil saolré fiche bliain fanta aici. Is léir go bhfuil dúshláin ar leith roimh na pobail éagsúla sna limistéir Ghaeltachta i gCo. Mhaigh Eo i ngeall ar líon na gceantar de chuid Chatagóir C nach bhfuil sé soiléir ina dtaobh cén polasaí teanga ar mian leo a chur i bhfeidhm. Is é mianach agus ábharthacht an chomhrá inmheánaigh a bheidh ag na pobail éagsúla i gceantair oifigiúla Ghaeltachta Cho. Mhaigh Eo a chinnfidh cén rath a bheidh ar chinníúint na Gaeilge sa chontae seo amach anseo. Faraor, ní bheidh seachantacht agus dearcadh *laissez-faire* na *Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* agus *Acht na Gaeltachta 2012* maidir leis na croi-réimsí a bhaineann le teanga an teaghlaigh agus tacaíochtaí oideachais do mhionteangóirí ina gcrainn láidre taca do na pobail ina gcuid iarrachtaí bonn níos téagartha a chur faoin nGaeilge sna ceantair éagsúla.

Ní mór mar sin tosaíochtaí a aithint in aghaidh na géarchéime seo agus straitéis a chumadh a fhéachfaidh leis na naisc nó an *nexus* a chothú idir labhairt na Gaeilge sa teaghlach agus a húsáid i measc an phobail agus a treisiú i measc

na hóige in institiúidí oideachais na bpobal seo. Tá moltaí agus critéir phleanála teanga an SCT fréamhaithe sa chur chuige seo, atá faoi chomaoin ag smaointe-oireacht Joshua Fishman (1989, 1991) ar shocheolaíocht agus eitneolaíocht na mionlach teanga. Ní bhíonn aon chur chuige ná aon mholadh gan locht, dar ndóigh, ach is léir gur cruthaithí iad ná samhail feidhme na *Straitéise 20 Bliain* agus an *Achta Ghaeltachta 2012* ar údar an-simplí, .i. go bhfuil siad níos ábhartha do na dúshlán agus na riachtanais a bhaineann leis an mionteangachas sa Ghaeltacht faoi láthair. Mar a léiríodh sa *Chonair Chaoch: an Mionteangachas sa Dáttheangachas* (Lenoach *et al.* 2012) agus in Ó Curnáin (2009), beidh misneach thar na bearta ag teastáil ó phobal a thriálfaidh dul i ngleic le castachtaí an mhionteangachais, ach beidh an éirim choiteann uathu freisin le treoir agus míthreoir a idirdhealú óna chéile i ngeall ar a lagbhríche is atá tiomantas na bhforas oifigiúil do riachtanais na féiniúlachta Gaelaí faoi láthair. Guítear gach uile rath agus misneach ar phobail na gceantar Gaeltachta i gCo. Mhaigh Eo ina gcuid iarrachtaí!

## Noda

CG – Coimisiún na Gaeltachta (1926)

OAG – Oifig Aire na Gaeltachta

OLG – *Ordú na Limistéar Gaeltachta*

OGCC - Oifig na Gaeltachta agus na gCeantar gCúng

SCT – *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach*. BÁC: Oifig an tSoláthair (2007)

SLG – Scéim Labhairt na Gaeilge de chuid na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

## Leabharliosta

### Foinsí Clóite

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (2002/3). Scéim Labhairt na Gaeilge: Torthaí.

CG – Coimisiún na Gaeltachta (1926). *Gaeltacht Commission: Report*. BÁC: Oifig an tSoláthair.

- Fishman, Joshua A. (1989). *Language and ethnicity in minority sociolinguistic perspective*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Fishman, Joshua A. (1991). *Reversing language shift: theory and practice of assistance to threatened languages*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Hindley, R. (1990). *The Death of the Irish Language*. Londain: Routledge.
- Lenoach, C., Ó Giollagáin, C. agus B. Ó Curnáin (eag.í) (2012) *An Chonair Chaoch: an Mionteangachas sa Dátheangachas*. Indreabhán: Leabhar Breac. 2012.
- Lindsay, P. (1992). *Memories*. BÁC: Blackwater.
- Mac Donnacha, S., F. Ní Chualáin, A. Ní Shéaghda, agus T. Ní Mhainín (2005). *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta*. BÁC: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Ó Curnáin, B. (2009). Mionteangú na Gaeilge. B. Ó Catháin (eag.) *Sochtheangeolaíocht na Gaeilge, Léachtaí Cholmille XXXIX*. An Daingean: An Sagart.
- Ó Giollagáin, C. (2002). ‘Scagadh ar rannú cainteoirí comhaimseartha Gaeltachta: gnéithe d’antraipeolaíocht teangeolaíochta phobal Ráth Cairn’, *The Irish Journal of Anthropology*, Iml. 6, 25-56. Maigh Nuad: Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.
- Ó Giollagáin, C. (2004). ‘Ár scéal féin inár dteanga féin: Dinimicí teanga Ghaeltacht ár linne’, B. Ó Conaire, (eag.). *Aistí ag Iompar Scéil: In ómós do Shéamus Ó Mórdha*, BÁC: An Clóchomhar.
- Ó Giollagáin, C. (2005). ‘Gnéithe d’antraipeolaíocht theageolaíoch Phobal Ros Muc, Co. na Gaillimhe’, Kirk, J. agus D. Ó Baoill (eag.). *Legislation, Literature and Sociolinguistics: Northern Ireland, the Republic of Ireland, and Scotland*. Belfast Studies in Language, Culture and Politics 13, 138-62. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.
- Ó Giollagáin, C. (2006). ‘Gnéithe de Stair Theorainn na Gaeltachta: coimhlint idir dhá riachtanas’, Doyle, A. agus S. Ní Laoire (eag.). *Aistí ar an Nua-Ghaeilge in Ómós do Bhreandán Ó Buachalla*. BÁC: Cois Life 2006: 95-116.

- Ó Giollagáin C. (2009). Torthaí an Staidéir chuimsithigh theangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht. B. Ó Catháin (eag.) *Sochtheangeolaíocht na Gaeilge, Léachtaí Cholm Cille* 39, 2009: 154-87. An Daingean: An Sagart.
- SCT – Ó Giollagáin agus Mac Donnacha *et al.* (2007). *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach*, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann Gaillimh, agus an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, Conchúr Ó Giollagáin, Seosamh Mac Donnacha, Aoife Ní Shéaghdha, Fiona Ní Chualáin agus Mary O'Brien. Tuarascáil taighde don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- OAG – Oifig Aire na Gaeltachta (1956). 'Determination of Gaeltacht Areas' i gComhad S15811B, Roinn an Taoisigh.
- Ó Riagáin, P. (1997). *Language Policy and Social Reproduction: Ireland 1893–1993*. Oxford: Clarendon Press.
- OLG – Rialtas na hÉireann (1956). *Ordú na Limistéar Gaeltachta*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann (1956). *Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú)*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann (2010). *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann (2012). *Acht na Gaeltachta*. BÁC: Oifig an tSoláthair.





## **Introducing Translation Studies: Theories and Applications (An tríú heagrán)**

**Jeremy Munday**

**Routledge, Oxfordshire, 2012. 364 lch, €28.50**

*Léirmheas le Anna Lee, Tara Ní Mhóráin agus Áine Uí Fhoghlua*

Seo é an tríú heagrán den leabhar seo a bhaineann go sonrath le réimse an aistriúcháin. Tá uasghrádú déanta ag Jeremy Munday air agus tá leagan amach agus dearadh an leabhair simplí. Ina theannta sin, tá an leabhar furasta le léamh cé go bhfuil ábhar an leabhair réasúnta dlúth agus tá cuid mhór eolais le láimhseáil. Cuimsítear an taighde is déanaí san eagrán nua seo chomh maith le caibidil iomlán nua agus tá leasuithe cothrom le dáta curtha i bhfeidhm ag Munday i dtaobh samplaí, táblaí, srl. Pléitear an éagsúlacht smaointeoireachta a tháinig chun cinn sna teoiricí teangeolaíochta agus cultúrtha ó na 1980idí ar aghaidh, tráth ar tháinig borradh faoin bhfoilsitheoireacht sa réimse seo. Gné a chuireann go mór leis an tuiscint ar na teoiricí éagsúla agus ar fhorbairt an disciplín ná an suíomh gréasáin idirghníomhach a ghabhann leis. Is cuidiú mór é an suíomh seo d'aistritheoirí gairmiúla, agus go háirithe do mhic léinn aistriúcháin. Ar an suíomh tugann Munday réamhrá ar gach caibidil, chomh maith le ceisteanna ilroghnacha agus ceisteanna taighde a bhaineann le gach caibidil, gnéithe atá an-úsáideach don léitheoir. Cuirtear acmhainní ar fáil do léachtóirí freisin, ina measc sleamhnáin *PowerPoint* agus naisc úsáideacha. Gealltar ábhar eisiach do chuariteoirí an tsuímh – b'fhéidir go bhfuil rian na margaióchta le sonrú anseo ach is cinnte gur áis úsáideach é.

Tá dhá chaibidil déag sa leabhar a chuimsíonn idir stair an aistriúcháin, na dúshláin atá i ndán don aistritheoir, cuid de na teoiricí is tábhachtaí sa réimse seo agus an t-aistriúchán comhaimseartha. Ag tús gach caibidle, tugtar príomh-choincheapa na caibidle, rud a chabhraíonn go mór le haire an léitheora a dhíríú ar a réimse sainspéise féin. Luaitear na príomhthéacsanna a dtagrófar dóibh ag tús na gcaibidlí, rud a shonraíonn léitheoireacht bhreise do léitheoirí an leabhair.

Ag tús an leabhair, mínítear bunphrionsabail agus stair an aistriúcháin agus tugtar le fios go bhfuil an leabhar seo dírithe ar an aistriúchán scríofa mar go mbeadh sé iomarcach aistriúchán ó bhéal a chur san áireamh freisin. Cuirtear disciplín an aistriúcháin i gcomhthéacs mar réimse staidéir acadúil in ionad modh chun teanga a fhoghlaim. Is cinnte go dtugann an leabhar seo ábhar machnaimh don léitheoir – caithfear smaoinemh ar gach uile rud a aistrítear agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcur chuige is éifeachtúla. Cuirtear ceist an-tábhachtach sa dara caibidil maidir le haistriúchán litriúil i gcomparáid le saoraistriúchán. Tá ceangal díreach aige seo le ceist na coibhéise, teoiric nua-aimseartha de chuid Eugene Nida (1964, 2004), a phléitear i gcaibidil 3. Pléitear anseo coibhéis fhoirmiúil a dhíríonn ar an teachtaireacht agus moltar go mbeadh an teachtaireacht sa sprioctheanga chomh gairid is atá indéanta don bhunteanga. Pléann Munday coibhéis dhinimiciúil Nida (1964, 2004) freisin; díríonn an cur chuige seo ar an teachtaireacht a fhaigheann an spriocléitheoir agus moltar mar chuid de gur chóir an teachtaireacht a fhócasú ar riachtanais teanga an spriocléitheora. Cuirtear an léitheoir ar an eolas faoi cé chomh riachtanach is atá tuiscint an aistritheora ar na difríochtaí bunúsacha idir teangacha éagsúla i dtaobh ord na bhfocal, na gramadaí agus na comhréire.

Tá cíoradh réasúnta cuimsitheach déanta sna caibidlí tosaigh ar tháirgí agus ar nósanna imeachta an aistriúcháin. Bheadh samhail Jean-Paul Vinay agus Jean Darbelnet (1958), atá lárnach don phlé i gcaibidil 4, an-úsáideach do dhuine i mbun tráchttaireachta ar spriocthéacs aistrithe. Dar le Munday go bhfuil tionchar na samhla seo an-leathan. Déantar idirdhealú idir aistriúchán díreach agus indíreach agus luaitear seacht nós imeachta laistigh den dá straitéis seo. Is furasta na nósanna imeachta a thuiscint de bharr na samplaí a thugtar, samplaí atá intuigthe agus soiléir, m.sh. i gcás an athchóirithe, athraítear an comhthéacs cultúrtha – b'fhéidir gurb ionann cruicéad i Sasana agus an rothaíocht agus an *Tour de France* sa Fhrainc. Cé go ndearna Vinay agus Darbelnet (1958) an taighde seo agus iad ag úsáid an Bhéarla agus na Fraincise, is fiú go mór an méid atá le foghlaim anseo.

Déantar anailís ar na modhanna aistriúcháin i gcaibidil 5 agus pléitear ról na rannpháirtithe ar fad sa phróiseas aistriúcháin. Déanann Munday ionramháil ar theoiricí a bhí á bplé sa Ghearmáin ó thaobh cineálacha agus seánraí téacsanna agus déantar anailís chuimsitheach orthu sin. Léiríonn sé an bealach ar féidir le leaganacha aistrithe a bheith an-éagsúil lena chéile, ag brath ar an seánra lena mbaineann siad. Déantar scagadh ar choincheap Katharina Reiss (1989, 2004) gur féidir an t-aistriúchán a rangú de réir fheidhm chumarsáideach an téacs agus ar theoiric an *skopos* a mhaíonn gur féidir buntéacs a aistriú ar shlíte éagsúla ag brath ar an bhfeidhm atá le comhlíonadh ag an spriocthéacs. I gcás an *skopos* is é an cliant a rialaíonn modh an aistriúcháin – go ndéantar an téacs a chur in oiriúint don sprioc-chultúr agus go bhfantar dílis do theachtairacht an údair sa bhuntéacs. Níl aon neamhspleáchas ag an téacs dá réir sin ach an cuspóir sin a bhaint amach agus ní mór don aistritheoir aird a bheith aige ar an gcuspóir sin go saineúil. Léiríonn Munday nach dtagann seo le teoiric Christiane Nord (1997, 2005) ina iomláine; dar le Nord nach mór don aistritheoir dílseacht dhéthaobhach a léiriú – don bhuntéacs agus don spriocthéacs.

Pléann Munday an anailís dhioscúrsach nó teangeolaíocht fheidhmiúil shistéamach de réir shamhail Michael Halliday (1978, 1994), samhail ina gciortar feidhm na teanga ag leibhéal éagsúla – dioscúrsa, seánra, sainréime, roghanna téarmaíochta agus gramadaí. Pléitear teoiric Juliane House (1997) agus an tsamhail ordlathais idir an scríbhneoir agus an léitheoir, an cainteoir agus an t-éisteoir, an institiúid agus an custaiméir. Léirítear an éagsúlacht idir aistriúchán follas, nach bhfuil dírithe ar an bhfaighteoir go sonrach ach atá bunaithe ar ócáid nó am faoi leith i gcomhthéacs staire nó litríochta, agus gur léir gur aistriúchán atá i gceist.

Feictear teoiricí a chuireann an t-aistriúchán i gcomhthéacs soch-chultúrtha i gcaibidil 7. Ní corpas teangeolaíochta ann féin atá sa saothar aistrithe, bíonn sé fite fuaite le cúrsaí sóisialta, cultúrtha agus staire na teanga. Glacann litríocht aistrithe áit phríomhúil nó thánaisteach ag brath ar an ‘éabhlóid dhinimiciúil’. Déanann Munday scagadh ar na trí chúinse faoina gcuireann Itamar Even-Zohar (2004) an litríocht aistrithe ar leibhéal príomhúil agus tánaisteach i sochaí ilchórasach. Molann sé an cur chuige modheolaíochta atá ag Gideon Toury (1995) agus leagann sé béim ar ríthábhacht a mhodhanna siúd don aistriúchán tuairisciúil.

Níl staidéar an aistriúcháin neamhspleách ar theanga, ar chultúr, ná ar na heolaíochtaí sóisialta. Sa chomhthéacs sin, níorbh fhéidir neamhaird a dhéanamh de ghluaiseacht an fheimineachais ag deireadh na fichiú haoise, agus an smaointeoireacht a chuir stádas na mban sa litríocht agus sa tsochaí i gcomparáid le stádas an aistriúcháin. Luaitear sa chomhthéacs seo freisin staidéar Keith Harvey (2004)

(caibidil 8) ar éagsúlacht na leaganacha cainte sa dioscúrsa homaighnéasach i dtéacsanna agus in aistriúcháin Bhéarla agus Fraincise. Luann Munday teoiric Gayatri Spivak (2004) a mhaíonn go raibh ról lárnach ag an aistriúchán i bpróiseas an choilíneachais nuair a cuireadh féiniúlacht na gcoilínithe faoi chois le haistriúcháin lochtacha ar dhroch-chaighdeán. Sa chomhthéacs céanna, luaitear saothar Michael Cronin (1996), ina ndéanann sé scagadh ar an méid a bhí ag titim amach leis an aistriúchán ag leibhéal cultúrtha in Éirinn.

Ag tógáil ar an téama seo, tagraíonn Munday don aistriúchán mar uirlis athscríofa agus ionramhála ar théacsanna. Déantar cur síos ar an ról agus ar an tionchar atá ag dhá mhórchumhacht laistigh den chóras liteartha – comhlachtaí corparáideacha profiisiúnta agus lucht gairme, m.sh. léirmheastóirí, an lucht acadúil, aistritheoirí; agus an phátrúnacht lasmuigh den chóras sin a rialaíonn idé-eolaíocht agus stádas na litríochta.

Chabhródh caibidil 9, a bhaineann le ról an aistritheora, go mór le mac léinn atá ag tabhairt faoi Léann an Aistriúcháin ag leibhéal bunchéime nó ag leibhéal máistreachta fiú. Ní thugtar mórán airde ar chuid de na nósanna ná na cleachtais a bhaineann le gairm an aistritheora lasmuigh de théacsleabhair acadúla ach pléitear eitic agus ról an aistritheora anseo i mbealach praiticiúil a bheidh soiléir don léitheoir.

Pléitear an cur chuige is fearr le húsáid nuair a bhíonn téacsanna liteartha le haistriú, mar chuid de chaibidil 10. Tugtar cúlra na bpríomhsmaintí a bhaineann le haistriúchán ar an litríocht agus luaitear an cur chuige fealsúnach a d'úsáid an file, Séamus Heaney, nuair a d'aistrigh sé an dán Angla-Shacsanach *Beowulf* go Béarla an lae inniu. Bhí an scagadh a rinneadh ar an aistriúchán an-suimiúil mar gur úsáid Heaney neart focal a úsáidtear i mBéarla na hÉireann chun scéal na heipice seo a insint. Déantar tagairt d'fhocal Gaeilge nó dhó in áiteanna san aistriúchán a rinne Heaney agus is dócha go mbeidh spéis faoi leith ag mic léinn Éireannacha (agus mic léinn na Gaeilge) sa chuid seo den leabhar. Feictear do na léirmheastóirí seo go bhfuil formhór na smaointe fealsúnacha a phléitear sa chaibidil chéanna teibí go leor ach tá seans go gcuideodh an t-eolas seo le mic léinn tráchttaireacht ar ardchaighdeán a scríobh ar an aistriúchán a dhéanfaidís féin.

Pléitear aistriúchán closamhairc i réimse na siamsaíochta go mion i gcaibidil 11 agus tá an-bhéim ar na forbairtí éagsúla a bhaineann leis an réimse sin. Déantar scagadh ar na féidearthachtaí éagsúla a bhaineann le dubáil, athghuthú, fotheidealú dátheangach agus cur síos fuaimne; baineann an chuid seo de réimse an aistriúcháin le haistritheoirí nuacháilithe go príomha. Tugtar le fios go bhfuil neart taighde ar bun sa réimse seo agus go bhfuil gach seans ann go mbeidh dei-

seanna fostaíochta ann. B'fhiú don aistritheoir faoi oiliúint nó an t-aistritheoir a bhfuil taithí aige na pointí eolais a bhaineann leis an réimse nua seo a léamh. Sa chaibidil dheiridh, pléitear an dóigh a dtugtar faoin tráchtaireacht ar an aistriúchán; beidh an chaibidil seo an-úsáideach do mhic léinn i mbliain na céime – nó ag leibhéal máistreachta – agus tráchtas idir lámha acu.

Is lámhleabhar cuimsitheach é an saothar seo a bheidh úsáideach mar bhunchloch eolais don aistritheoir faoi oiliúint agus don aistritheoir gairmiúil. Clúdaítear stair an aistriúcháin mar aon le teoiricí agus próiseas an aistriúcháin anseo. Déantar cur síos ar ról an aistritheora agus tá caibidil faoi leith (caibidil 12) a chabhróidh le mic léinn ollscoile agus iad i mbun tráchtas. Ní fheilfeadh sé do léitheoirí a bheadh ag lorg tuairisc ghinearálta ar an aistriúchán toisc go mbeadh buneolas ar dhisciplín an aistriúcháin ag teastáil ón léitheoir roimh ré. Tá friotal teicniúil in úsáid, bíonn an t-uafás eolais le lámhseáil ag an léitheoir uaireanta, ach is féidir an t-eolas is cuí a aimsiú agus a úsáid go héasca mar go bhfuil leagan amach an leabhair soiléir. Ar an iomlán, an-saothar atá sa leabhar seo agus moltar é do mhic léinn aistriúcháin agus d'aistritheoirí gairmiúla araon.



## **An tSochttheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc**

**Eagarthóirí: Tadhg Ó hIfearnain agus Máire Ní Neachtain  
Cois Life Teoranta, Baile Átha Cliath, 2012**

*Léirmheas le Conor Walsh agus Niamh McCann*

Is bailiúchán d'ailt thábhachtacha, a scríobh cuid de na húdair is tiomráití agus is ceannasaí i réimse na sochttheangeolaíochta, atá sa leabhar seo. Tá fáil ar ábhair a bhaineann le gach ceann de cheisteanna lárnaigh an réimse agus, chomh maith le léirmheas ginearálta ar na hábhair éagsúla atá faoi chaibidil ag na húdair, déantar plé ar chás na Gaeltachta in Éirinn agus tugtar samplaí a bhaineann le, agus atá úsáideach don staidéar ar mhionteangacha eile ar fud na cruinne. Cuireadh an bailiúchán seo le chéile ionas go mbeadh ábhar léitheoireachta agus tacaíochta ar fáil do mhic léinn, agus do léachtóirí araon, agus do dhaoine a chuireann spéis sa réimse léinn seo. Táthar ag súil gur féidir an leabhar seo a úsáid mar bhunuirilís taighde. Chun leas agus tuiscint níos iomláine a bhaint as an ábhar, áfach, theastódh réamhléitheoireacht a bheith déanta. Ní mór a lua, áfach, go molann na húdair ar fad léitheoireacht bhreise atá idirghaolmhar leis an mhéid atá pléite acu agus lena chois sin tugtar liosta de shaothair mholta eile ag deireadh an leabhair.

Leagtar amach na hailt ar bhealach eagraithe agus leanúnach ag tosú, ó thaobh na hantraipeolaíochta de, leis na hailt a scríobh Steve Coleman agus Conchúr Ó Giollagáin. Mar chuid den phríomhphlé, tá na hailt dírithe ar na buntuisicintí a bhaineann le húsáid teanga, le feidhm na teanga sin i measc an phobail urlabhra, agus le dearcadh an duine aonair agus an phobail i gcoitinne.

Tugann na hailt tosaigh comhthéacs don té atá ag iarraidh tabhairt faoin taighde sa réimse leathan seo. Eascaíonn an plé teangeolaíoch as na hailt seo agus leantar le cioradh ar mhórchéisteanna réimse na teangeolaíochta, go háirithe san alt, ‘Ilteangachas agus Débhéascna’ le Máire Ní Neachtain. San alt seo, déanann an t-údar iarracht iniúchadh a dhéanamh ar thuairimí éagsúla na mórsmaointeoirí ar an dátheangachas agus ar an débhéascna. Déantar tagairt do, agus baintear leas as cas na hÉireann ionas go gcruthaítear díospóireacht reatha don léitheoir.

Tugann Brian Ó Curnáin cur síos soiléir agus soléite ar na héagsúlachtaí agus ar na hathruithe teanga i gcás na Gaeilge ina alt ‘An Chanúineolaíocht’. Cuireann sé leis an mhéid atá léirithe ag Ní Neachtain faoi choincheapa socheolaíochta na Gaeilge, chomh maith le léirmheas gonta a dhéanamh ar staid reatha na Gaeilge mar atá, tréithe an Bhéarla sa Ghaeilge, an sealbhú neamhiomlán agus an dátheangachas.

Údair eile a dhíríonn aird ar mhórchéisteanna teangeolaíochta iad Siobhán Ní Laoire agus Brian Ó Catháin. Tá nasc láidir idir an t-ábhar atá idir lámha ag Ní Laoire sa chaibidil ‘Teangacha i dTeagmháil: Códmhalartú, Pidseanú agus Criólú’ agus an plé a dhéanann Ó Catháin i ‘Malartú agus Bás Teanga’. Soláthraíonn Ní Laoire bunús teoiriciúil d’alt an Chathánaigh nuair a thugann sí sainmhíniú ar na próisis phidseanaíthe agus chriólaithe. Forbraítear an plé seo sa chaibidil ‘Malartú agus Bás Teanga’ nuair a thráchtar ar an aistriú teanga atá le feiceáil i stair na Gaeilge in Éirinn agus atá le feiceáil sna Gaeltachtaí faoi láthair. Ag deireadh na caibidle, déantar scagadh ar a bhfuil i ndán don Ghaeilge mar theanga bheo.

Ón chaibidil seo ar aghaidh, feictear athrú suntasach i dtéamaí na gcaibidlí: seachas plé ar theoiric na sochtheangeolaíochta, iompaíonn na húdair ar phlé reatha agus ar na mórchéisteanna atá i mbéal an phobail faoi láthair. Cé go bhfeidhmíonn siad ar scáth a chéile laistigh de réimse na sochtheangeolaíochta, dhíríonn na caibidlí deireanacha ar an phleanáil teanga, ar an bheartas teanga (‘Teanga Féiniúlacht agus an Dearcadh Náisiúnta’ le Pádraig Ó Riagáin agus ‘An Phleanáil teanga agus an Beartas Teanga: Coincheapa agus Feidhm’ le Tadhg Ó hÍfearnáin), ar an reachtaíocht teanga (‘Reachtaíocht Teanga’ le Pádraig Ó Laighin), ar an Ghaeltacht, ar an teanga féin, ar an chóras oideachais agus ar na hinstiúidí agus eagrais Ghaeilge (‘Na Meáin’ le hIarfhláith Watson agus ‘Instiúidí agus Eagraíochtaí na Gaeilge’ le Peadar Ó Flatharta).

Is acmhainn luachmhar iad na caibidlí seo chun léargas agus tuairisc chuimsitheach a thabhairt don léitheoir ar na hábhair seo ar fad. Leagtar an-bhéim ar stair agus ar thábhacht na reachtaíochta maidir leis an Ghaeilge in Éirinn agus cruthaíonn sé seo bunús d’fhorbairt sa réimse seo sa todhchaí. Tarraingítear

tuairimí agus moltaí na n-údar le chéile ar bhealach an-fheidhmeach agus an-úsáideach ionas go bhféadfaidh an léitheoir leas éifeachtach a bhaint astu mar shaothair thagartha. Tá seo le feiceáil go soiléir san alt ‘An Ghaeilge sa Chóras Oideachais: Pleanáil Sealbhaithe agus Curaclam’ le Muiris Ó Laoire, alt ina bpléann an t-údar na srianta a chuir polasaithe stáit agus curaclaim ar shealbhú, ar úsáid agus ar leathnú na teanga ó bunaíodh an stát.

Tá leanúnachas sásúil le feiceáil sna hailt, ach ní leor go bhfeidhmíonn ailt agus údair go héifeachtach in aon saothar amháin. Céard faoin cheangal idir an leabhar seo agus na réimsí acadúla trí chéile? Is as seo a eascraíonn dúshlán leabhar a fhoilsítear sa Ghaeilge agus a bhaineann go láidir le cás na Gaeilge. An phríomhcheist atá ann ná an ndearnadh an taighde sa leabhar seo ar son lucht na Gaeilge nó ar son an lucht acadúil a bhfuil Gaeilge acu? An cuid den chorpas fairsing sochtheangeolaíochta é an leabhar seo, nó de chorpas na Gaeilge amháin?

Tá éagsúlacht le fáil sa leabhar agus cuireann gach uile údar modhanna faoi leith i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an dúshlán seo. Baineann roinnt údar leas as cur chuige ina ndéanann siad cur síos gonta agus beacht ar an ábhar féin sula gcuirtear mír nó cás-staidéar faoin Ghaeilge chun cinn. Feictear é seo go háirithe sna hailt, ‘Ilteangachas agus Débhéascna’ le Ní Neachtain agus ‘Pobail Urlabhra’ le Coleman. Leagtar tuilleadh béime sna hailt seo ar mhíniú agus léargas roimh shoiléiriú i gcomhthéacs na Gaeilge. I dtaca le cúrsaí sochtheangeolaíochta agus leis na teoiricí a bhaineann leo, tá na hailt seo thar a bheith feiliúnach do dhuine atá ag iarraidh tuiscint leathan ar an ábhar a aimsiú.

Cur chuige eile a úsáideann na húdair ná stádas na Gaeilge a úsáid mar uirlis chun teoiric sochtheangeolaíochta nó argóint a shoiléiriú nó a aibhsiú. Tá ‘Teangacha i dTeagmháil: Códmhalartú, Pidseanú agus Criolú’ le Ní Laoire ar cheann de na samplaí is fearr a thaispeánann éifeacht an chuir chuige seo. Le mionscagadh déanta ar phróisis teangeolaíochta, códmhalartú, pidseanú, agus criolú san áireamh, pléann Ní Laoire go héifeachtach le frásaí tógtha go díreach ón Ghaeilge, agus tugann sí tuairisc ar an Ghaeilge mar a labhraítear í sa lá atá inniu ann. Mar chuid den chorpas acadúil a bhfuil baint aige leis an Ghaeilge, treisíonn an cineál seo ailt an teannas idir taighde *as* Gaeilge agus taighde *faoin* Ghaeilge toisc go dtugtar idir shamplaí glinne a chloistear go minic i saol na Gaeilge (‘*Tá sé sach nippy*’, cuir i gcás) agus mhínithe ginearálta atá feiliúnacha don réimse trí chéile.

Is dócha go n-eascraíonn tuilleadh castachta as an chineál alt sa leabhar nach dtéann i ngleic ach leis an Ghaeilge, i gcomhthéacs na Gaeilge amháin. Cuireann údair na gcaibidlí deireanacha an cur chuige seo i bhfeidhm, ach go háirithe. Ní



phléann ‘Sainiú na Gaeltachta agus Rialachas Teanga’ le John Walsh, ‘An Caighdeán, an Caighdeánú agus Caighdeánú na Gaeilge’ le Helena Ní Ghearáin, agus ‘An Ghaeilge sa Chóras Oideachais: Pleanáil Sealbhaithe agus Curaclam’ le Ó Laoire ach le cás na Gaeilge amháin. Ní hionann an chúinge agus laige, áfach. Tá na hailt seo i measc na n-alt is láidre sa téacs agus aibhsítear saineolas na n-údar agus an caighdeán ard scoláireachta atá le fáil sa téacs trí chéile iontu seo freisin.

Is í príomhaidhm an leabhair seo sainabhair shochtheangeolaíochta a phlé agus a mhíniú trí Ghaeilge, agus iad a dhíriú ar chás na Gaeilge chomh maith. Éiríonn leis *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc* san iarracht seo. Tá na hailt suimiúil, ábharach, agus ar ardchaighdeán, ach, tá an cheist a cuireadh ar ball fós le freagairt: cé dó an leabhar seo? Lucht acadúil na Gaeilge, nó an lucht acadúil níos leithne? Is faoin lucht léitheoireachta, a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu, is dóigh, teacht ar a dtuairim féin faoin gceist seo.

## Na hÚdair

### **Anna Lee**

Is as Baile Átha Cliath ó dhúchas d'Anna. Bhain sí céim sa Ghnó amach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tar éis tréimhse a chaitheamh ag taisteal, tháinig sí ar ais chun MA a dhéanamh sa Ghaeilge toisc go raibh suim i gcónaí aici sa teanga.

### **Niamh McCann**

Is as Tuaisceart Bhéal Feirste do Niamh. Bhain sí céim onóracha amach sa Ghaeilge agus i Léann an Aistriúcháin in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2012.

### **Tara Ní Mhóráin**

Is as Dún Dealgan, Co. Lú do Tara. Bhain sí céim chéad onóracha amach sa Ghaeilge agus san Iriseoireacht in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath in 2012.

### **Áine Uí Fhoghlua**

Is as Carna i gConamara d'Áine. Bhain sí céim onóracha amach i Léann an Aistriúcháin agus i Staidéar Dlí in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2012. Bronnadh Scoláireacht an Dr HH Stewart sa Ghaeilge de chuid Ollscoil na hÉireann ar Áine in 2010 agus ghnóthaigh sí Gradam Fhoras na Gaeilge san Aistriúchán in 2012.

### **Conor Walsh**

Is as Boston, SAM do Conor. Bhain sé céim onóracha amach sa Teangeolaíocht in Ollscoil Harvard, Cambridge, Massachusetts in 2012.

## **Belinda McHale**

Is as Co. Mhaigh Eo ó dhúchas do Bhelinda. Tá sí ag obair mar Fheidhmeannach Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ó mhí Eanáir 2004. Tá céim BA aici sa Ghaeilge agus sa Bhéarla ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chomh maith leis an Ard-Diplóma i gCumarsáid Fheidhmeach, MA sa Nua-Ghaeilge agus Teastas Iarchéime i dTeagasc agus i bhFoghlaim ón ollscoil chéanna.

Tá seal caite aici ag obair i TG4 mar chúntóir léirithe agus mar mhaor craolacháin agus chaith sí tréimhse mar léirmheastóir ar Chúla 4 chomh maith. Tá spéis aici i dteagasc na Gaeilge ag an tríú leibhéal agus san fhoghlaim fhéinriartha. I measc na ndualgas atá uirthi, tá cúrsaí Gaeilge a dhearadh, a riaradh agus a theagasc in Áras na Gaeilge.

## **Fiona Ní Chualáin**

Is as Carna ó dhúchas d'Fhiona. Tá sí ag obair mar Fheidhmeannach Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ó Dheireadh Fómhair 2002. I measc na ndualgas atá uirthi, tá cúrsaí Gaeilge a cheapadh, a riaradh agus a theagasc san Áras. Bhí sí páirteach sa Staidéar Teangeolaíoch Cuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta chomh maith leis an tionscadal taighde faoi Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Tá céim BA aici sa Ghaeilge agus san Eacnamaíocht, Ard-Diplóma san Oideachas, Ard-Diplóma sa Teicneolaíocht Faisnéise agus MA i dTeagasc Teangacha.

## **Lisa Ní Fhlatharta**

Is as an gCeathrú Rua i gConamara do Lisa. Is Feidhmeannach Teanga í Lisa in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Bíonn sí ag plé le cur i bhfeidhm Scéim Teanga na hOllscoile ar champas na hOllscoile maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 chomh maith le cúrsaí teanga a dhearadh agus a mhúineadh. Tá Lisa mar Rúnaí ar Choiste Seasta um Cháilíocht Teanga OÉ Gaillimh. Bhain sí céim BA amach sa Ghaeilge agus sa Tíreolaíocht agus MA sa Nua-Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh dár teideal Scoileanna Éigse agus Seanchais Ghaeltacht na Gaillimhe 1957-1990 mar aon le Teastas i Múineadh na Gaeilge d'Aosaigh in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.

## **Cáit Ní Shiúrtáin**

Chríochnaigh Cáit Ní Shiúrtáin an cúrsa MA i dTeagasc Teanga (An Ghaeilge) in 2011. Bhain sí amach céim B.Oid. i gColáiste Mhuire Gan Smál, Luimneach i 2006 agus múineann sí i nGaelscoil Mhuscraí, An Bhlárna, Co. Chorcaí. Tá sí ina Príomhoide Táinisteach sa scoil sin ó 2008.

## **Dorothy Ní Uigín**

Is í Riarthóir Theagasc na Gaeilge in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge í Dorothy Ní Uigín. Tá suim aici i dteagasc agus i sealbhú teangacha agus sa litearthacht acadúil. Tá suim ar leith aici i stair na hiriseoireachta Gaeilge. Tá BA aici ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, chomh maith le MA (Gaeilge), MA (Literature and Publishing), MA (Academic Practice) agus PhD sa Ghaeilge ón ollscoil chéanna. Is as cathair na Gaillimhe di.

## **Éamonn Ó Céidigh**

Is as an Spidéal i gContae na Gaillimhe é Éamonn Ó Céidigh. Bhain sé céim B.Oid san Oideachas agus sa tSíceolaíocht amach ó Choláiste Mhuire gan Smál, Luimneach in 2008. Bhain sé amach MA i dTeagasc Teanga (An Ghaeilge) in 2012.

## **Conchúr Ó Giollagáin**

Is ball de Scoil na hEolaíochta Polaitiúla agus na Socheolaíochta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, é Conchúr Ó Giollagáin. Tá saothair éagsúla taighde a bhaineann le léann na hantraipeolaíochta, na sochtheangeolaíochta agus na pleanála teanga curtha i gcló aige. Is comhúdar é ar an tionscnamh taighde sochtheangeolaíochta a choimisiúnaigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta: Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (2007). Shaothraigh Conchúr a dhochtúirteacht sa Nua-Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Bhíodh sé ina léachtóir i Roinn na Gaeilge i gColáiste Phádraig, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus roimhe sin i Roinn na Ceiltise in Ollscoil Chaitliceach Lublin, an Pholainn. Bhronn an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil comhaltacht iardhochtúirreachta air le staidéar a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla de dhinimic teanga agus d'antraipeolaíocht teangeolaíochta na Gaeltachta.